Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe

Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE

Bunspriocanna Inghnóthaithe

Tacú le **135,000**
POST NUA faoi 2020

An líon cuairteoirí eachtracha a mhéadú faoi **12%**



€50+ milliún
a infheistiú i saoráidí spóirt, áineasa agus cultúrtha

600+ baile agus sráidbhaile a athbheochan

SEIRBHÍSÍ ÁITIÚLA RÍTHÁBHACHTACHA A CHOSAINT

A chinntiú go bhfuil **GACH** teach agus gach gnóthas **NASCTHA LE LEATHANBHANDA**



An infheistíocht in **OIBREACHA FAOISIMH THUILE** a dhúbailt faoi 2021

Tacú le **4,000** tionscadal pobail nua

Clár Ábhar

Brollach – An Taoiseach **4**
Brollach – An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta **5**
Brollach – An tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach **6**
Forbhreathnú ar an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe **7**
An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe – an scéal a athrú 7
Príomhspriocanna 7
Infheistiú ina bhfuil i ndán do cheantar tuaithe na hÉireann 8
Forbairt a dhéanamh ar an Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) agus ar an gCairt do Cheantar Tuaithe na hÉireann 9
Colúin agus Cuspóirí 9
An Próiseas Comhairliúcháin 11
Comhordú níos fearr – Cur chun feidhme níos fearr 11
Sineirge le pleananna náisiúnta agus áitiúla eile 12
Ár n-aidhmeanna náisiúnta a aistriú ina ngníomhartha áitiúla 12
Ceantar Tuaithe na hÉireann sa lá atá inniu ann **13**
Dáileadh Daonra 13
Daonáireamh 2016 13
Tosca sóisialta agus eacnamaíocha a bhrúnn athrú daonra chun cinn 14
An Imirce 15
Fostaíocht 15
Dúshláin agus deiseanna do Cheantar Tuaithe na hÉireann 16
Colúin 1: Tacú le Pobail Inbhuanaithe **19**
Áit níos fearr chun cónaí ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann 21
Seirbhísí Áitiúla a Fheabhsú 24
Pobail Áitiúla a Chumhachtú 26
Pobail Níos Fearr a Fhorbairt 28
Colúin 2: Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht **31**
Fiontair a Fhás agus a Mhealladh 33
Tacú le Fás Earnálacha 38
Scileanna agus Nuálaíocht 40
Tacú le Cuardaitheoirí Poist faoin Tuath agus Ioncam a Chosaint 42
Colúin 3: Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe **45**
Tacú le Tionscnaimh spriocdhírithe Thurasóireachta Tuaithe 47
Turasóireacht Ghníomhaíochta a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn 49
Tacú lenár nOidhreacht Nádúrtha agus Thógtha agus í a Fhorbairt 52
Colúin 4: An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe **55**
Rochtain ar na healaíona a mhéadú i bpobail tuaithe 57
An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Fheabhsú i gCeantar Tuaithe na hÉireann 58
An Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach 59
Colúin 5: Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú **61**
Rochtain Leathanbhanda agus Fón Póca 63
Iompar Tuaithe 66
Bearta faoisimh thuile 67
Faireachán a Dhéanamh ar an Dul Chun Cinn **70**
Aguisín 1 – Cláir agus Straitéisí a dTagraítear dóibh sa Phlean seo **72**
Aguisín 2 – Gluais Téarmaí **79**

Brollach – **An Taoiseach**

Cuirtear sa Phlean Gníomhaíochta seo leis an tsamhail rathúil a úsáidtear sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist agus ullmhaíodh é ar bhonn próiseas fairsing comhairliúcháin. Sainaithnítear níos mó ná 200 gníomh sonrach sa Phlean agus ainmnítear ann Roinn Rialtais a bheidh freagrach as gach gníomh ar leith a sholáthar laistigh de thréimhse shoiléir. Tá spriocanna uaillmhianacha ann le haghaidh cruthú fostaíochta, nascachta, cultúir, turasóireachta agus feabhsuithe bailte agus sráidbhailte. San iomlán, soláthróidh na gníomhartha sin bearta praiticiúla lena dtacófar le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta cheantar tuaithe na hÉireann. Cinnteoidh na gníomhartha sin go mbeidh ár bpobail tuaithe beoga, láidir agus réidh leis na dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo a shárú.

Mar is maith is eol dom, tá acmhainn ollmhór ann i gceantar tuaithe na hÉireann nár baineadh leas aisti go fóill. Is pobail láidre iad a bhfuil smaointe agus uaillmhianta acu dá bhfuil i ndán dóibh. Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta seo cabhrú le pobail an acmhainn sin a bhaint amach agus feabhas a chur ar shaol daoine a chónaíonn i gceantar tuaithe na hÉireann. Sa Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA), a foilsíodh sa bhliain 2014, sainaithníodh na príomhdheacrachtaí atá roimh cheantar tuaithe na hÉireann san 21ú haois. Leagadh sraith moltaí don Rialtas síos sa tuarascáil, a bhfuil cuid mhór díobh curtha chun feidhme cheana féin, agus tugadh inti an fhaisnéis a theastaíonn ón Rialtas chun beartais nua a cheapadh d'fhonn tacú le ceantar tuaithe na hÉireann ar bhealach níos fearr.

Déanfar dlúthfhaireachán ar na gníomhartha sa Phlean seo agus cuirfear tuairiscí gach sé mhí faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Ghnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe a bhfuilim i mo chathaoirleach air. Foilseofar tuairiscí ar an dul chun cinn maidir le gach gníomh agus cuirfear gníomhartha nua leis an bPlean de réir mar a thagann dúshláin agus deiseanna nua chun cinn.

Má oibrímid le chéile, creidim go mbeimid in ann dul chun cinn a bhaint amach tríd an bPlean Gníomhaíochta seo agus a chinntiú agus gur féidir le pobail tuaithe bheith soirbh faoina bhfuil i ndán dóibh.

Enda Kenny TD

An Taoiseach

Brollach – **An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta**

Mar dhuine a bhfuil cónaí uirthi agus atá ag obair i gceantar tuaithe na hÉireann i rith a saoil, creidimse go láidir san acmhainn atá ag pobail tuaithe. Is féidir le ceantar tuaithe na hÉireann rannchuidiú ollmhór a dhéanamh maidir lenár ngeilleagar agus lenár sochaí trína thírdhreach nádúrtha, trína thionscail agus, an rud ba thábhachtaí fós, trína mhuintir. Is amhlaidh go ndéanann ceantar tuaithe na hÉireann an rannchuidiú sin freisin.

Níor cheart féachaint riamh ar cheantar tuaithe na hÉireann mar dhúshlán atá le sárú; ina ionad sin, ba cheart féachaint air mar shócmhainn ar ghá meas a bheith againn uirthi agus í a chothú. Déanta na fírinne, tá sé in am an dearcadh i leith cheantar tuaithe na hÉireann a athrú. Áit nua-aimseartha, dhinimiciúil agus chruthaitheach is ea ceantar tuaithe na hÉireann san 21ú haois, agus is cuid dhílis dár bhféiniúlacht agus dár ngeilleagar é. Le rófhada, tá comhordú in easnamh ar bheartais i leith cheantar tuaithe na hÉireann nó tá siad dírithe ar shaincheisteanna téamacha sonracha amhail talmhaíocht nó cuimsiú sóisialta. Theip ar an gcur chuige sin aghaidh a thabhairt ar bhealach comhtháite ar na mór-riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta agus ar na riachtanais idirspleácha eacnamaíocha agus shóisialta atá ag pobail tuaithe. Sa Phlean Gníomhaíochta seo, atá ar an gcéad cheann dá chineál, glactar cur chuige comhordaithe i leith forbairt tuaithe ar fud an bheartais Rialtais ar fad suas go dtí an bhliain 2020.

Dírítear sa Phlean ar phobail tuaithe inbhuanaithe a chruthú. Ciallaíonn sé sin go gcuirfimid straitéisí chun feidhme lena gcumasófar do shaoránaigh i mbailte agus i sráidbhailte áitiúla agus sa timpeallacht máguaird cur lena gcuid láidreachtaí agus lena dtacófar leo déanamh amhlaidh. Níl aon chur chuige uileghabhálach ann i leith cheantar tuaithe na hÉireann a fhorbairt; is áit dhifriúil éagsúil é ar gá an nuálaíocht agus fiontar dúchasach a spreagadh ann. Cruthóidh an Breatimeacht dúshláin áirithe do phobail tuaithe. Tá deiseanna féideartha ann freisin, áfach, agus tá sé mar aidhm ag an bPlean seo agus ag gníomhaíochtaí eile Rialtais cur ar chumas na bpobal tuaithe déileáil níos fearr leis an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht.

Cé go bhfuil sé ríthábhachtach rathúnas geilleagrach a mhéadú i gceantar tuaithe na hÉireann, tá sé mar aidhm leis an bPlean seo tacú le dul chun cinn sóisialta agus an cultúr agus an chruthaitheacht a chur chun cinn i gceantair thuaithe freisin. Ní hé amháin go ngabhann deiseanna nua le gníomhaíocht chultúrtha, ach cuireann sí le beocht agus le folláine an phobail áitiúil chomh maith.

Leagtar síos sa Phlean seo struchtúr uileghabhálach i leith tionscnaimh a chomhordú agus a chur chun feidhme ar fud an Rialtais láir agus an rialtais áitiúil araon. Níl sna gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean seo ach tús an phróisis leanúnaigh a bhforbrófar le himeacht ama é de réir mar a thagann smaointe nua agus deiseanna nua chun cinn. Maidir leis sin, beidh an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ina theimpléad beo dinimiciúil maidir le dul chun cinn tuaithe, geilleagrach agus sóisialta a chothú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na geallsealbhóirí uile a chuir le hullmhú an Phlean Gníomhaíochta seo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis na daoine sin i bpobail tuaithe a ghlac páirt sna himeachtaí éagsúla comhairliúcháin ar fud na tíre.

Ar deireadh, beidh rath an Phlean seo ag brath ar thacaíocht láidir a fháil ó gach Roinn Rialtais, ó ghníomhaireachtaí agus ón rialtas áitiúil. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara sin go léir agus cur chun feidhme an Phlean seo á bhrú chun cinn againn chun tairbhe do phobail tuaithe ar fud na tíre.

Heather Humphreys TD

Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Brollach – **An tAire Stáit um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach**

Is príomhsprioc den Phlean Gníomhaíochta seo um Fhorbairt Tuaithe feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair i bpobail tuaithe. Chun tacú leis an sprioc sin beidh gá iarrachtaí agus acmhainní go leor Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a chur le chéile. Is leis an bPlean Gníomhaíochta a bhrúfar an obair sin chun cinn agus a chinnteofar go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil ag an Rialtas á ndíriú go héifeachtach d'fhonn difríocht cheart a dhéanamh do mhuintir na tuaithe in Éirinn.

Is é seo an plean is cuimsithí atá curtha le chéile ag aon Rialtas riamh chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta i gceantair thuaithe. Tá sé bunaithe ar thacaíocht a thabhairt do phobail inbhuanaithe, iad a chumhachtú agus a thógáil; ar phoist agus fiontair a fhás; ar an leas is mó is féidir a bhaint as ár sócmhainní turasóireachta, cultúrtha agus oidhreachta; agus ar an nascacht a fheabhsú i gceantair thuaithe.

Thar aon ní eile, baineann an Plean Gníomhaíochta seo leis na daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath in Éirinn. Tríd an bPlean, spreagfaidh muid agus tacóidh muid le forbairt eacnamaíoch i gceantair thuaithe agus réigiúnacha na hÉireann: feidhmíonn réigiúin láidre mar bhonnchloch le deiseanna eacnamaíocha agus féidearthacht post a fheabhsú faoin tuath. Tacóidh muid freisin le pobail tuaithe leochaileacha tríd an nascacht a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar scoiteacht, cur leis na tacaí do dhaoine scothaosta, agus trí raon bearta le slándacht agus sábháilteacht mhuintir na tuaithe a fheabhsú.

Tá saibhreas cultúir, oidhreachta agus caipitil nádúrtha le fáil i dtuath na hÉireann. Tá buntáistí ollmhóra agus caighdeán maireachtála den scoth ag baint léi dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh de na príomhchathracha. Is mian linn áit níos fearr arís a dhéanamh as le maireachtáil ann agus le bheith ag obair ann trí dheiseanna nua a chruthú, nascacht agus rochtain idir cheantair uirbeacha agus thuaithe a fheabhsú, agus trí sheirbhísí a fheabhsú sa phobal.

Is iontach an cumas, an chruthaitheacht agus an fuinneamh atá ag daoine faoin tuath in Éirinn. Is mór an bród atá orthu freisin as a gceantair agus tá sé de chumas acu oibriú le chéile le baic a shárú agus an leas is mó is féidir a bhaint as a gcuid sócmhainní. Is deis é an Plean Gníomhaíochta seo tógáil ar na cáilíochtaí sin in éineacht le muintir na tuaithe agus deiseanna a uasmhéadú, cibé acu i dtionscal, i bhforbairt áitiúil nó i dtaca le struchtúir ár bpobail tuaithe a fheabhsú. Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe go léir leis an bPlean Gníomhaíochta seo a chur i ngníomh ar mhaithe le féidearthacht na tuaithe in Éirinn a fhorbairt tuilleadh.

Michael Ring T.D.

An tAire um Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiúnach

Forbhreathnú ar an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe – an scéal a athrú

Tá cuid mhór dúshláin le sárú ag ceantar tuaithe na hÉireann le blianta beaga anuas. I measc na ndúshlán is suntasaí díobh, tá an meath ar thionscail thraidisiúnta agus caillteanais ghaolmhara phost; eisimirce a lán daoine óga oilte; agus drochnascacht ó thaobh bonneagar iompair agus teileachumarsáide de. Is mícheart, áfach, atá an tuairim go bhfuil "tuaithe" agus "meath" ar comhchiall le chéile. Bíonn geilleagar agus oidhreacht na hÉireann ag brath go mór ar an méid a chuireann ceantair thuaithe leo. Tá beagnach 70% den fhórsa saothair lonnaithe lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath, cé go bhfuil sciar suntasach den fhórsa saothair comhchruinnithe ar an taobh Thoir den tír go fóill. I dteannta a chéile, fostaítear breis agus 363,000 duine (18% den fhórsa saothair) sna hearnálacha Agraibhia agus Turasóireachta i dteannta a chéile, dhá earnáil atá ríthábhachtach do gheilleagar na tuaithe.

Feabhsuithe ar ghréasán bóithre na hÉireann, feabhas ar aernascacht idirnáisiúnta as na réigiúin agus chuig na réigiúin araon, agus tabhairt isteach an Gheilleagair Dhigitigh, tairgeann siad go léir deiseanna do cheantar tuaithe na hÉireann a ról a imirt maidir le tír nua-aimseartha, fhorásach agus dhinimiciúil an 21ú haois a chruthú. Bíonn tuilleadh braislí cuideachtaí nuálacha nua ag teacht chun cinn sna réigiúin i gcónaí, lena n-áirítear in earnálacha nua-aimseartha a thrádálann go hidirnáisiúnta amhail Eolaíochtaí Beatha agus Seirbhísí TFC. Tá an bia a tháirgimid den chéad scoth agus tá 163,000 duine fostaithe i dtáirgeadh príomhúil agus i bpróiseáil bia.

Leantar le feabhas a chur ar ár mbonneagar bóithre, agus tá an rochtain ar ár mbailte agus ar ár gcathracha á déanamh níos éasca agus níos tapa dá bharr sin. Tá ag méadú anois ar an líon daoine a bhfuil meas acu ar ómós áite, spáis agus pobail agus atá ag taisteal chuig áiteanna i gceantar tuaithe na hÉireann. Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann leis an "ómós áite" sin maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus daoine cumasacha eachtracha a mhealladh go hÉirinn.

Tá sé in am an scéal a athrú faoi cheantar tuaithe na hÉireann agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a imríonn agus a imreoidh ceantar tuaithe na hÉireann maidir le rath eacnamaíoch na hÉireann a mhúnlú, lena n-áirítear trína oidhreacht agus trína chultúr. Is ollmhór atá an tallann, an chruthaitheacht agus an fuinneamh atá ag daoine a chónaíonn i gceantar tuaithe na hÉireann. Chomh maith leis sin, is gá dúinn aitheantas a thabhairt don rannchuidiú atá déanta ag pobail nua cheana féin maidir le hilchineálacht chultúrtha phobal tuaithe na hÉireann. Tá bród mór ar phobail tuaithe as an áit ina gcónaíonn siad agus tá dáimh acu leis. Chomh maith leis sin, tá cumas acu oibriú le chéile chun bacainní a shárú agus chun a gcuid sócmhainní a uasmhéadú.

Is é an aidhm atá leis an bPlean Gníomhaíochta seo um Fhorbairt Tuaithe ná díriú ar na tréithe dearfacha sin agus an acmhainn atá ag ceantar tuaithe na hÉireann a bhaint amach trí chreat tacaí a chur ar fáil ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Cinnteoimid gur ag daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe a bheidh deiseanna méadaithe le haghaidh fostaíocht áitiúil agus rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar líonraí sóisialta lena gcothófar ardcháilíocht bheatha.

Príomhspriocanna

Déanfaimid na nithe seo a leanas agus an creat tacaí sin á sholáthar:

- Tacú le 135,000 post nua a chruthú i gceantar tuaithe na hÉireann faoin mbliain 2020 trí thacaíocht a thabhairt do ghnóthais dhúchasacha, trí €50m a infheistiú i gcineálacha comhoibríocha cur chuige a cheapadh maidir le cruthú fostaíochta sna réigiúin agus trí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach i gceantair réigiúnacha a mhéadú faoi suas go dtí 40%.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar raon tionscnamh a rachaidh chun tairbhe do bhreis agus 600 baile tuaithe agus réigiúnach, lena n-áirítear treoirscéim chun áitíocht chónaithe a mhéadú i lár bailte agus sráidbhailte.
- Cabhrú le níos mó ná 4,000 tionscadal i bpobail tuaithe chun borradh a chur faoi fhorbairt gheilleagrach, dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine a chónaíonn i gceantair iargúlta.
- An líon cuairteoirí ar cheantar tuaithe na hÉireann a mhéadú faoi 12% thar an gcéad trí bliana eile trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta, lena

n-áirítear trí Thurasóireacht Ghníomhaíochta a chur chun cinn tuilleadh.

- Dlús a chur leis an ullmhúchán le haghaidh leathanbhanda ardluais a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go mbeidh gach teach agus gach gnóthas i gceantar tuaithe na hÉireann nasctha leis an líonra leathanbhanda a luaithe is féidir.
- Deiseanna fostaíochta do dhaoine óga i gceantair thuaithe a fheabhsú tríd an líon printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá ar fáil ar leibhéal áitiúil a mhéadú.
- Conair Eacnamaíoch Atlantach a fhorbairt chun poist agus infheistíocht a bhrú chun cinn feadh bhord farraige an Iarthair agus chun cur le forbairt réigiúnach níos cothromaithe.
- Níos mó ná €50 milliún a infheistiú i saoráidí spóirt, áineasa agus cultúrtha ar fud na tíre, lena n-áirítear saoráidí i gceantair thuaithe.
- Seirbhísí riachtanacha a chosaint i gceantar tuaithe na hÉireann trí sholáthar iompair tuaithe a fheabhsú, trí fheabhas a chur ar sheirbhísí liachleachtóra ghinearálta agus trí scoileanna tuaithe a chosaint.
- Bearta éagsúla a thabhairt isteach chun borradh a chur faoi chruthú fostaíochta sa Ghaeltacht, lena n-áirítear 1,500 post nua a chruthú i gcliantchuideachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta faoi 2020 agus Moil Nuálaíochta a fhorbairt sna réigiúin Ghaeltachta i nDún na nGall, i Maigh Eo, i nGaillimh agus i gCiarraí chun tacú le fiontraíocht.
- Dul i ngleic leis an scoiteacht tuaithe trí nascacht a fheabhsú agus trí thacaí do dhaoine scothaosta a bhreisiú, lena n-áirítear infheistíocht shuntasach sa Scéim Foláirimh do Sheanóirí.
- Pobail níos sábháilte a fhorbairt trí sheirbhís póilíneachta atá níos sofheicthe, níos éifeachtaí agus níos freagrúla a chur ar fáil i gceantair thuaithe ach 3,200 ball nua den Gharda Síochána a earcú sna ceithre bliana romhainn chun líon foirne 15,000 ball a bhaint amach agus trí Scéim nua Cúnaimh Dheontais um Theilifís Chiorcaid Iata a Shuiteáil sa Phobal a thabhairt isteach
- Comhtháthú sochaíoch agus folláine shochaíoch i gceantair thuaithe a fheabhsú trí thacú leis an soláthar cultúir agus ealaíne agus le daoine páirt a ghlacadh ann.

San iomlán, cuimsíonn an Plean seo breis agus 270 gníomh chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta cheantar tuaithe na hÉireann. Tá a lán oibre ar bun cheana féin chun tacú le forbairt tuaithe trí straitéisí éagsúla ón Rialtas. Is é a thugtar leis an bPlean seo, áfach, ná cur chuige infheicthe, comhtháite agus comhordaithe ar fud an Rialtais uile i leith forbairt tuaithe den chéad uair riamh.

Beidh an Plean chun tairbhe do raon leathan geallsealbhóirí i gceantar tuaithe na hÉireann – feirmeoirí agus iascairí, gnóthais tuaithe, pobail tuaithe agus teaghlaigh thuaithe ina measc.

Infheistiú ina bhfuil i ndán do cheantar tuaithe na hÉireann

Tacófar linn cuspóirí an Phlean seo a bhaint amach trí na hinfheistíochtaí spriocdhírithe a dhéanfaidh an Rialtas chun tacú le ceantair thuaithe. Is iad seo a leanas samplaí de na hinfheistíochtaí lena dtacófar le ceantar tuaithe na hÉireann a fhorbairt:

- Íocaíochtaí díreacha ar fiú €1.2 billiún san iomlán iad a dhéanamh le feirmeoirí gach bliain faoin gComhbheartas Talmhaíochta.
- €4 billiún a infheistiú faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020, lena n-áirítear €250 milliún faoi chlár LEADER.
- Suas le €30 milliún a infheistiú i scéimeanna eile forbartha tuaithe gach bliain, amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus an Clár Áineasa Tuaithe.
- Suas le €80 milliún a infheistiú i mbearta faoisimh thuile gach bliain suas go dtí an bhliain 2019, ar figiúr é a mhéadófar go €100 milliún in aghaidh na bliana faoin mbliain 2021.
- €150 milliún a infheistiú i gcláir réigiúnacha réadmhaoine de chuid GFT Éireann d'fhonn infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh.
- €37.5 milliún a infheistiú sa bhliain 2017 amháin chun an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) a chur chun feidhme.
- Suas le €50 milliún a infheistiú trí Fhiontraíocht Éireann chun tacú le cineálacha comhoibríocha a ghlacadh i leith cruthú fostaíochta sna réigiúin.
- €275 mhilliún a infheistiú mar leithdháileadh tosaigh faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda d'fhonn leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh sa tír.
- Infheistíocht bhreise a dhéanamh i sócmhainní turasóireachta amhail Glasbhealaí, Gormbhealaí agus Páirceanna Náisiúnta.
- Infheistíocht a dhéanamh sna healaíona cruthaitheacha faoin gclár *'Éire Ildánach'*, lena n-áirítear deontais a chur ar fáil do gach údarás áitiúil.

Níl i bhfoilsiú an Phlean seo ach tús an phróisis. Déanfar an Plean a nuashonrú ar bhonn rialta tríd an bpróiseas faireacháin. Beidh deis ann freisin gníomhartha nua a chur leis gach sé mhí. Fágann sé sin go mbeidh an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ina dhoiciméad beo

dinimiciúil lena ndéanfar na huaillmhianta le haghaidh cheantar tuaithe na hÉireann a bhrú chun cinn ar bhonn leanúnach.

Forbairt a dhéanamh ar an Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) agus ar an gCairt do Cheantar Tuaithe na hÉireann

Bunaíodh an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) i mí na Samhna 2012 mar shainghrúpa neamhspleách ar cuireadh de chúram air scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch mheántéarmach Cheantar Tuaithe na hÉireann go dtí an bhliain 2025. D'fhoilsigh an Coimisiún a thuarascáil i mí Aibreáin 2014. Is é *Energising Ireland's Rural Economy*[1] teideal na tuarascála. Rinneadh roinnt moltaí don Rialtas sa tuarascáil lena dtacófaí, dar leis an gCoimisiún, le fís an Rialtais a bhaint amach; is é sin go mbeadh ceantar tuaithe na hÉireann ina gheilleagar ilearnálach a bheadh dinimiciúil, inoiriúnaithe agus oscailte agus ina gcothófaí pobail bheoga, athléimneacha agus ilchineálacha a mbeadh ardcháilíocht bheatha acu.

Rinneadh comhairliúchán fairsing le pobail áitiúla mar chuid d'obair an Choimisiúin. Ina theannta sin, sainaithníodh i dtaighde a rinne an Coimisiún na príomhfhadhbanna a mbeadh ar cheantar tuaithe na hÉireann dul i ngleic leo sna blianta tosaigh den 21ú haois. Luadh sa tuarascáil ón gCoimisiún go mbeadh sé ina dhúshlán aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin mar gur athraíodh cineál an iomad pobal tuaithe le meath na dtionscadal tuaithe traidisiúnta agus leis na naisc mhéadaitheacha idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha. Mar sin féin, tá acmhainn shuntasach ag baint le ceantar tuaithe na hÉireann agus is ann do neart sócmhainní nádúrtha, fisiciúla agus daonna a bhféadfaí leas níos fearr a bhaint astu chun tacú le forbairt eacnamaíoch na bpobal tuaithe.

Rinneadh roinnt mhaith de na moltaí a rinneadh don Rialtas sa tuarascáil ón gCoimisiún a chur chun feidhme cheana féin. Áirítear leo sin freagracht as Gnóthaí Tuaithe a shannadh chuig Aire sinsearach Rialtais, scéimeanna amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus tionscnamh na gCriosanna Forbartha Eacnamaíche Tuaithe a chur i bhfeidhm agus líonra na nOifigí Fiontair Áitiúil a chur ar bun.

Déanfar forbairt ar an tuarascáil ón gCoimisiún leis an bPlean Gníomhaíochta seo. Chomh maith leis sin, tacófar le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta cheantar tuaithe na hÉireann le breis agus 270 gníomh atá istigh ann. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta, athbhreithneofar moltaí na tuarascála ón gCoimisiún chun a chinneadh cén dóigh is fearr a bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar cheann ar bith de na tograí ón gCoimisiún nár cuireadh chun feidhme go fóill.

Ag teacht sna sála ar an Tuarascáil ón gCoimisiún, foilsíodh an Chairt do Cheantar Tuaithe na hÉireann i mí Eanáir 2016. Bhí roinnt gealltanas ann sa Chairt a d'fhéadfadh cabhrú leis na bunchlocha a leagan le haghaidh athnuachan an gheilleagair thuaithe agus na sochaí tuaithe ina hiomláine. Gealltanas tábhachtach díobh sin ba ea gealltanas go bhforbrófaí creat beartais lena dtacófaí le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha cheantar tuaithe na hÉireann. Is féidir an creat beartais sin a fheiceáil anois sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, ar plean é lena ndéanfar forbairt ar na gealltanais a tugadh sa Chairt.

Colúin agus Cuspóirí

Níl aon chur chuige uileghabhálach ann i leith forbairt tuaithe. Tá a riachtanais féin ag ceantair thuaithe dhifriúla agus teastaíonn réitigh dhifriúla uathu, ag brath ar a sócmhainní áitiúla, ar a imeallaí atá siad agus ar a ndlús daonra, i measc nithe eile. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil saincheisteanna coiteanna ann a théann i bhfeidhm ar cheantair thuaithe ar fud na tíre. Dá bhrí sin, soláthraítear leis an bPlean Gníomhaíochta seo struchtúr comhtháite ar fud raon réimsí beartais chun tacú le pobail i gceantar tuaithe na hÉireann a gcuid sócmhainní a uasmhéadú agus a n-acmhainn a bhaint amach, rud a chruthóidh cáilíocht níos fearr na beatha do dhaoine a chónaíonn i bpobail tuaithe.

Tá an Plean Gníomhaíochta bunaithe ar chúig phríomh-Cholún théamacha a mbaineann sraith cuspóirí agus gníomhartha le gach ceann díobh. Tá achoimre déanta thíos ar na príomhchuspóirí do gach ceann de na cúig théama. Is sna rannáin ina dhiaidh seo den Phlean seo atá breac-chuntas ar na gníomhartha lena dtacófar le gach ceann de na cuspóirí ardleibhéil sin.

1. See: http://www.agresearch.teagasc.ie/rerc/CEDRA/CEDRA_Report.pdf

Colún 1: Tacú le Pobail Inbhuanaithe

Príomhchuspóirí:

- Áit níos fearr chun cónaí agus obair ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann trínár lár bailte agus sráidbhailte a athbheochan trí chur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus Clár RAPID agus ar bhearta chun tacú le daoine cónaí i lár baile.
- Seirbhísí áitiúla a fheabhsú sa phobal trí thacaíocht a thabhairt do liachleachtóirí ginearálta faoin tuath, trí chabhrú leis an earnáil cúraim phríomhúil cúram níos fearr a sholáthar níos gaire don phobal, trí thacaíocht a thabhairt don líonra postoifigí tuaithe ionas gur féidir leis oiriúnú do thimpeallacht gnó a bhíonn ag athrú agus trí leanúint le rochtain ar scoileanna a thabhairt do leanaí i gceantar tuaithe na hÉireann.
- Pobail Áitiúla a Chumhachtú, lena n-áirítear tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a fhorbairt agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh, chun a chinntiú go gcloisfear tuairimí éagsúla, go gcuirfear na tuairimí sin san áireamh i bpróisis áitiúla chinnteoireachta agus go leanfaidh pobail le sainaithint a dhéanamh ar a riachtanais agus ar a réitigh féin.
- Pobail níos fearr a fhorbairt trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gClár LEADER agus trí thacaíocht a thabhairt do phobail leochaileacha tuaithe trí thionscnaimh amhail an Scéim Shóisialta Tuaithe.

Colún 2: Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht

Príomhchuspóirí:

- Fiontair agus poist a fhás agus a mhealladh trí na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a chur i bhfeidhm agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhorbairt chun forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn.
- Tacú le fás na hearnála trí Food Wise 2025 a chur chun feidhme agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an earnáil fuinnimh in-athnuaite agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta a fhorbairt i gceantar tuaithe na hÉireann.
- A chinntiú gur ag pobail tuaithe atá na scileanna a theastaíonn chun freastal ar riachtanais an mhargaidh shaothair, chun nuálaíocht a spreagadh agus chun sócmhainní a uasmhéadú.
- Tacú le cuardaitheoirí poist faoin tuath trí oifigí Intreo agus trí thionscnaimh amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, Tús agus an Scéim Fostaíochta Pobail.
- Tacú le hioncam feirmeoireachta agus iascaireachta trí íocaíochtaí faoin gComhbheartas Talmhaíochta, tríd an gClár Forbartha Tuaithe agus trí thacaí eile ón Rialtas.

Colún 3: Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe

Príomhchuspóirí:

- Líon na dturasóirí a thugann cuairt ar cheantar tuaithe na hÉireann a mhéadú faoi 12% faoin bhliain 2019
- Tacú le poist inbhuanaithe trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta tuaithe, lena n-áirítear do thionscnaimh thábhachtacha mhargaíochta, amhail Sean-Oirthear na hÉireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus acmhainn Thailte Locha na hÉireann a fhorbairt.
- Turasóireacht Ghníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn i gceantair thuaithe trí ghormbhealaí, glasbhealaí agus deiseanna áineasa eile a fhorbairt.
- Ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a fhorbairt agus a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh inár gceantair Ghaeltachta agus trínár bPáirceanna Náisiúnta, ár nAnaclanna Dúlra agus acmhainní nádúrtha agus tógtha eile a chur chun cinn ar bhealach níos fearr.

Colún 4: An Cultúr agus an Chruthaitheacht a chothú i bpobail tuaithe

Príomhchuspóirí:

- Rochtain ar na healaíona a mhéadú agus saoráidí cultúrtha a fheabhsú i bpobail tuaithe.
- An cultúr agus an chruthaitheacht a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh i gceantar tuaithe na hÉireann trí fhoirne cultúir agus mhoil chruthaitheachta a bhunú mar chuid den chlár 'Éire Ildánach'
- An Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach i bpobail Ghaeltachta agus i bpobail tuaithe eile.

Colún 5: Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú

Príomhchuspóirí:

- Leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh in Éirinn tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar rochtain fón póca i gceantair thuaithe.
- Naisc iompair tuaithe a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí, trí thacaíocht a thabhairt dár n-aerfoirt réigiúnacha agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar tuaithe.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta faoisimh thuile agus ar bhearta eile bainistíochta úsáide talún chun ár mbonneagar tuaithe a chosaint.

An Próiseas Comhairliúcháin

Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta seo trí phróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí tuaithe tábhachtacha. Go háirithe:

- Reáchtáladh sraith cruinnithe le grúpaí geallsealbhóirí tábhachtacha, lenar áiríodh grúpaí feirmeoireachta, grúpaí iascairí, Teagasc, Macra na Feirme, Údarás na Gaeltachta, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann Coimisiún Forbartha an Iarthair, Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, Nasc Tuaithe na hÉireann agus Uiscebhealaí Éireann
- Reáchtáladh sé cheardlann struchtúrtha ar fud na tíre, a chuimsigh ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúil, ón Rialtas Áitiúil, ó ghrúpaí geallsealbhóirí tuaithe agus ó chomhlachtaí agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Stáit.
- Cuireadh seisiún faisnéise ar fáil do chomhaltaí Oireachtais, ar iarradh orthu ansin tograí a chur isteach lena mbreithniú le haghaidh cur ar áireamh sa Phlean.
- Iarradh ar an gCoiste Oireachtais um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta aighneacht a dhéanamh leis an bpróiseas.

Iarradh ar gach Roinn Rialtais freisin cur leis an bpróiseas.

Le linn gach snáithe den phróiseas comhairliúcháin, cuireadh béim ar shainaithint a dhéanamh ar ghníomhartha praiticiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus/nó shóisialta i gceantar tuaithe na hÉireann. Rinneadh forbairt leis an bpróiseas sin ar obair an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA), a rinne comhairliúchán fairsing sa bhliain 2013 chun na príomh-shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar cheantar tuaithe na hÉireann a shainaithint.

Ba as an bpróiseas comhairliúcháin atá leagtha amach thuas a tháinig na gníomhartha atá ar áireamh sa Phlean seo. Díríodh lena linn ar na gníomhartha sin is féidir a sholáthar laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe bhuiséid. Is próiseas dinimiciúil é dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta cheantar tuaithe na hÉireann, áfach, agus is tríd an bpróiseas lena dtacófar le faireachán a dhéanamh ar an bPlean a bheifear in ann tuilleadh gníomhartha a chur leis feadh a thréimhse feidhme.

Comhordú níos fearr – Cur chun feidhme níos fearr

D'fhonn tacú le forbairt tuaithe inbhuanaithe, tá gá ann le cur chuige níos comhtháite maidir le saincheisteanna tuaithe a ghlacadh ar fud Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus ar leibhéal áitiúil. Saintréith d'fhorbairt tuaithe is ea an raon leathan gníomhaithe a bhfuil baint acu léi. Cuimsíonn siad an rialtas náisiúnta agus an rialtas áitiúil agus eagraíochtaí éagsúla áitiúla a dhéanann ionadaíocht do roinnt leasanna tuaithe, lena n-áirítear pobail, teaghlaigh agus daoine aonair.

Má bhímid in ann an clár oibre um fhorbairt tuaithe in Éirinn a chur ar aghaidh, ní mór dúinn a chinntiú go nglactar cur chuige níos comhordaithe chun an tionchar atá ag iarrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a uasmhéadú. Déantar forbairt leis an bPlean Gníomhaíochta seo ar Phleananna Gníomhaíochta eile ón Rialtas sa dóigh is go gcuirtear i láthair ann sraith gníomhartha faoi theorainn ama atá le cur chun feidhme ag raon geallsealbhóirí cuntasacha, lena n-áirítear Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus Údaráis Áitiúla.

Is é Coiste Faireacháin a dhéanfaidh maoirseacht ar an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme na ngníomhartha aonair sa Phlean ar an gcéad dul síos. Cuimseoidh an Coiste ionadaithe do na Ranna Rialtais lena mbaineann agus do leasanna geallsealbhóirí tuaithe tábhachtacha. Tacóidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta leis an gCoiste Faireacháin, a thiocfaidh le chéile gach sé mhí. Mar chuid den phróiseas sin, oibreoidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta go dlúth le Ranna agus le Gníomhaireachtaí ar bhonn leanúnach freisin chun a chinntiú go mbíonn an obair ar an mbóthar ceart. Maidir le hobair an Choiste Faireacháin de, cuirfear Tuairiscí ar an Dul Chun Cinn faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Ghnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe, a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach air. Ina theannta sin, foilseofar na Tuairiscí sin dhá uair sa bhliain. Bainfear leas sa phróiseas faireacháin as na próisis athbhreithnithe arna ndéanamh ag tionscnaimh thábhachtacha eile amhail na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist, Food Wise 2025, Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin agus tionscnaimh eile.

Cuireadh Rannóg nua ar bun sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chun cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a chomhordú ar fud an Rialtais agus chun cabhrú leis an gCoiste Faireacháin.

Gné thábhachtach den Phlean Gníomhaíochta seo is ea go mbeidh sé ina dhoiciméad beo ar féidir tuilleadh gníomhartha a chur leis feadh a thréimhse feidhme. Beidh cruinnithe an Choiste Faireacháin gach sé mhí ina bhfóram le haghaidh tuilleadh gníomhartha a shainaithint agus a chomhaontú agus le haghaidh plé leanúnach le geallsealbhóirí a éascú feadh thréimhse feidhme an Phlean.

Sineirge le pleananna náisiúnta agus áitiúla eile

Cé gurb é an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta atá freagrach as an bPlean Gníomhaíochta seo a chomhordú, is ar raon Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus an rialtas áitiúil atá an fhreagracht as tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe. Tá tionchar díreach dearfach ar fhorbairt tuaithe ag an iomad beartas agus clár de chuid an Rialtais. Leis an bPlean Gníomhaíochta seo, déanfar roinnt straitéisí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chomhlánú agus a bhreisiú, lena n-áirítear an Clár Forbartha Tuaithe, Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin, Food Wise 2025, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda, na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist, an Plean Infheistíochta Caipitil 2016-2021 agus Clár LEADER 2014-2020. Is in Aguisín 1 atá achoimre ar na príomhstraitéisí agus na príomhbheartais atá nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta seo nó a dtagraítear dóibh ann.

Creat Pleanála Náisiúnta nua a bheidh ina straitéis le haghaidh forbairt áitbhunaithe d'Éirinn ina hiomláine sa tréimhse go dtí an bhliain 2040, tabharfar chun críche é sa bhliain 2017. Comharba na Straitéise Spáis Náisiúnta 2002 a bheidh ann. Beidh an Creat Pleanála Náisiúnta ar an tsraith uachtarach d'ordlathas beartais phleanála na hÉireann agus beidh sé mar bhonn leis na cinntí a dhéanfar sa todhchaí ar fhorbairt agus infheistíocht sna réigiúin. Sa tréimhse sula bhfoilseofar dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta sa bhliain 2017, beidh an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ina dhoiciméad tábhachtach maidir le múnlú a dhéanamh ar na mianta agus na huaillmhianta do cheantar tuaithe na hÉireann trí ghníomhartha dírithe sonracha a dhéanfar sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Bainfear leas as freisin nuair a bheifear ag sainaithint saincheisteanna a bhféadfadh go n-iarrfaí torthaí ina leith san fhadtéarma trí phróiseas an Chreata Pleanála Náisiúnta.

Ár n-aidhmeanna náisiúnta a aistriú ina ngníomhartha áitiúla

Tá an earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta d'fhorbairt réigiúnach agus tuaithe atá cothromaithe a bhaint amach. Beidh na hÚdaráis Áitiúla ina gcomhpháirtithe tábhachtacha i bhforbairt agus soláthar an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Tá an earnáil Rialtais Áitiúil seolta ar bhonneagar sóisialta, pobail agus eacnamaíoch a sholáthar, lena n-áirítear páirceanna fiontar, bonneagar rochtana, tithe, agus saoráidí agus conláistí pobail.

Tá obair shuntasach déanta ag Údaráis Áitiúla cheana féin chun pleanáil le haghaidh fhorbairt na gceantar tuaithe agus réigiúnach. Le bunú na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil agus le glacadh na bPleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail ag na comhaltaí tofa, tá creat i bhfeidhm anois i ngach ceantar Údaráis Áitiúil trína bhféadfar soláthar a dhéanamh ar shraith tionscnamh atá ceaptha chun ceantair áitiúla, bíodh siad uirbeach nó faoin tuath, a fheabhsú mar áiteanna chun cónaí, obair agus infheistiú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. Cuimsíonn na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil comhaltaí tofa, ionadaithe ón earnáil pobail agus dheonach agus ionadaithe ó eagraíochtaí forbartha agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit. I mí Mheán Fómhair 2016, sheol an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil na Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail le haghaidh gach ceantair údaráis áitiúil.

Beidh na Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail ailínithe leis na Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíocha Réigiúnacha a bhforbróidh na Tionóil Réigiúnacha iad agus leis an gCreat Pleanála Náisiúnta atá luaite thuas.

Le linn na bpróiseas comhairliúcháin, sainaithníodh roinnt gníomhartha a measadh a bheith mar fhreagrachtaí ar Údaráis Áitiúla. Scrúdaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) na gníomhartha sin agus meastar iad a bheith ag teacht den chuid is mó leis na gníomhartha atá sna Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail. Leanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis na hÚdaráis Áitiúla chun a chinntiú go bhfuil an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ag gabháil aon bhearnaí ón taobh straitéiseach de agus ag tacú le cur chun feidhme na bPleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail.

Ceantar Tuaithe na hÉireann sa lá atá inniu ann

Dáileadh Daonra

Is é an sainmhíniú a tugadh ar Cheantar Tuaithe na hÉireann sa tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) ná "gach ceantar atá lonnaithe lasmuigh de theorainneacha riaracháin na gcathracha agus na mbailte níos mó in Éirinn". De bhreis ar an tuath oscailte, áirítear bailte móra, meánmhéide agus beaga leis an sainmhíniú sin. Ní léirítear sa sainmhíniú leathan sin iolracht agus cineál ilghnéitheach na gceantar tuaithe agus na bpobal tuaithe in Éirinn, áfach. Leagadh béim sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin ar a thábhachtaí, ó thaobh forbairt shocheacnamaíoch de, atá gaireacht na mbailte tuaithe do na cúig chathair agus do na bailte móra agus atá an rochtain atá acu ar na bailte tuaithe. Chomh maith leis sin, tugadh tagairt inti don tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá ag bailte eile i gceantair atá lonnaithe i bhfad ó bhailte móra agus ó chathracha.

Sa tréimhse ón mbliain 1991 go dtí an bhliain 2011, bhí méadú 44% ann (ó 1.8 milliún duine go 2.6 milliún duine) ar an líon daoine atá ina gcónaí faoin tuath (ceantair atá lasmuigh de na cathracha agus na bailte). Is ionann sin agus méadú ó 51% de dhaonra na tíre go 57% de. B'ann do spásathrú mór thar na tréimhse sin. Bhí méaduithe an-mhór sa daonra ann i roinnt ceantar agus bhí laghduithe sa daonra le sonrú i gceantair eile.

Tríd is tríd, bhí fás mór marthanach daonra ag ceantair thuaithe atá lonnaithe gar do na cathracha agus na bailte móra nó a raibh rochtain éasca acu orthu. I bhformhór na gcásanna, bhí na ceantair a raibh laghdú sa daonra iontu idir an bhliain 1991 agus an bhliain 2011 ní b'iargúlta nó ní ba dhorochtana do bhailte agus do chathracha. Ba sna cohóirt aoise ba shine a bhí ardchéatadán den daonra sna ceantair iargúlta sin. D'fhág roinnt mhaith de na daoine a bhí ina gcónaí sna ceantair sin an scoil sula raibh siad 18 mbliana d'aois. Leagtar béim ansin ar an tionchar a bhí ag imirce daoine óga ag a bhfuil leibhéil oideachais níos airde ó na ceantair sin agus ar neamhábaltacht na gceantar tuaithe sin daoine (óga) ag a bhfuil leibhéil arda oideachais a mhealladh.

Daonáireamh 2016

Léirítear i réamhthorthaí Dhaonáireamh 2016 gurb ionann daonra an Stáit agus 4,757,976 dhuine. Is méadú de 169,724 dhuine, nó 3.7%, é sin ó mhí Aibreáin 2011.

Bhí an-éagsúlacht ann san athrú daonra ar fud na tíre, idir mhéadú os cionn 8% i bhFine Gall agus laghdú 1.5% i nDún na nGall. Ar na contaetha ba ghasta fás bhí na ceithre cheantar riaracháin i mBaile Átha Cliath, an Mhí, Cill Dara agus Laois, ar contaetha creasa comaitéireachta iad, agus Cathair Chorcaí agus Cathair na Gaillimhe. Cé go raibh fás daonra de chineál éigin le feiceáil sa chuid is mó de na contaetha, bhí laghdú daonra ann i dtrí chontae sa tréimhse cúig bliana, ba iad sin: Dún na nGall (-1.5%), Maigh Eo (-0.2%) agus Sligeach (-0.1%). Mhéadaigh an daonra i dtrí chontae eile faoi níos lú ná 1 faoin gcéad: Tiobraid Árann Theas (+0.72%), Ros Comáin (+0.58%) agus Liatroim (+0.55%).

Léirítear i bhFíor 1 an t-athrú daonra de réir contae thar an tréimhse 2011-2016. Gan Corcaigh a áireamh, léirítear go soiléir an chodarsnacht idir an t-athrú daonra in Oirthear na tíre agus an t-athrú daonra san larthar.

Fíor 1 - Athrú Daonra de réir contae 2011-2016



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

Fíor 2



Foinse: Teagasc

Léirítear i mapáil na n-athruithe daonra ar leibhéal na dToghcheantar go raibh fás daonra ann sna háiteanna atá gar do na bailte móra agus na cathracha agus go raibh laghdú daonra ann, tríd is tríd, sna háiteanna atá i bhfad ó na bailte móra agus na cathracha nó dorochtana uathu. Tá sé sin ag teacht le treochtaí san am atá thart.

Tá ranguithe difriúla dlús daonra ann. Léirítear iad i bhFíor 2 thíos:

- Dlús an-íseal: níos lú ná 13 dhuine sa km^2
- Meándlús: 14-29 duine sa km^2
- Dlús daonra os cionn an mheáin: níos mó ná 30 duine sa km^2
- Uirbeach: dlús daonra níos mó ná 150 duine sa km^2

Léirítear sa léarscáil seo freisin an dlús daonra an-íseal atá le sonrú in larthar na tíre den chuid is mó.

Tosca sóisialta agus eacnamaíocha a bhrúnn athrú daonra chun cinn

I gcás roinnt ceantair thuaithe atá i bhfad ó bhailte móra agus ó chathracha nó nach bhfuil sorochtana uathu, is é an easpa post is cúis le himirce amach agus a dhíspreagann inimirce daoine óga. I gcás ceantair thuaithe eile, go háirithe iad sin atá gar do bhailte móra agus do chathracha, is é comhchruinniú na bpost sna háiteanna sin is cúis le mórmhéaduithe ar an daonra.

Tá tionchar díreach ag dhá threocht shóisialta go háirithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta faoin tuath, is iad sin: rannpháirtíocht níos mó i measc fágálaithe scoile in oideachas 3ú leibhéal; agus an méadú ar an líon teaghlach dhá ioncam atá ann.

Fás na rannpháirtíochta in oideachas 3ú leibhéal

Is ar dhá bhealach a théann rannpháirtíocht in ardoideachas i bhfeidhm ar phatrúin lonnaíochta daonra. Ar an gcéad dul síos, de bharr dháileadh spásúil míchothrom na n-institiúidí 3ú leibhéal, beidh ar mhic léinn atá ina gcónaí i bhfad ó na hinstitiúidí sin bogadh óna gceantar. Is é an tionchar atá aige sin ná daoine óga a tharraingt amach as ceantair thuaithe. Ar an dara dul síos, faigheann na daoine aonair sin amach tar éis dóibh céim a bhaint amach go bhfuil teorainn lena bhfilleadh ar a bpobal féin nó ar chineálacha áirithe ceantair thuaithe mar gheall ar an easpa deiseanna fostaíochta atá ar fáil iontu. De ghnáth, bíonn deiseanna fostaíochta comhchruinnithe i gceantair uirbeacha nó gar dóibh siúd.

An teaghlach dhá ioncam

Mhéadaigh céatadán na mban a bhí páirteach san fhórsa saothair ó 32% sa bhliain 1986 go 54% sa bhliain 2011. I bhformhór na gcásanna, is i mbailte agus i gcathracha atá deiseanna fostaíochta do mhná comhchruinnithe. Mar thoradh air sin, is gnách is i mbailte nó i gcathracha nó measartha gar dóibh siúd a chónaíonn mná atá i mbun oibre. I gcás roinnt mhaith daoine, is i gcomhthéacs an teaghlaigh a roghnaítear an áit chónaithe, is é sin le rá nach bhfuil sé bunaithe go hiomlán ar na riachtanais taistil chun oibre atá ag duine amháin sa teaghlach. Ní mór do theaghlaigh chomhaimseartha cónaí a bheith orthu in áiteanna ina bhfuil rochtain ar áit oibre na beirte céilí. Is amhlaidh an scéal sin go háirithe i gcás teaghlach ina bhfuil cáilíocht 3ú leibhéal ag an mbeirt céilí. Tugann na forbairtí sin cúiseanna leis an bhfíric gur i mbaile nó i gcathair, nó gar dóibh siúd, a chónaíonn an chuid is mó de dhaoine a bhfuil cáilíocht 3ú leibhéal acu.

An Imirce

Fuarthas amach i dtaighde a rinne an Roinn Tíreolaíochta sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh (UCC), sa bhliain 2013 gur ar cheantair thuaithe a bhíonn an tionchar is mó ag an imirce. Fuarthas amach san obair sin go raibh duine muinteartha amháin ar a laghad a chuaigh ar imirce ón mbliain 2006 ag 27% de na teaghlaigh atá ina gcónaí faoin tuath. Ba mhór idir an céatadán sin agus an céatadán i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe inrochtana, áit arb ionann an figiúr comhfhreagrach eisimirce agus 15-17% de theaghlaigh.

Fuarthas amach i nDaonáireamh 2016 go raibh laghdú daonra ann i bhformhór na gcontaetha de bharr imirce sa tréimhse cúig bliana ó 2011 go 2016, mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.

Fíor 3: Glanimirce



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

Bhí an-éagsúlacht ann sna figiúirí glanimirce. B'ionann iad agus laghdú 6,731 dhuine i nDún na nGall agus méadú 7,257 nduine i gCathair Bhaile Átha Cliath. I dteannta cheantar riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ba iad Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí na ceantair Údaráis Áitiúil ina raibh glan-insreabhadh fiúntach. Bhí méaduithe beaga ann i bhFine Gall (875 dhuine), i Laois (285 dhuine), sa Longfort (178 nduine) agus i gCill Chainnigh (127 nduine).

Bhí glan-eis-sreabhadh ann i ngach ceantar eile. Bhí caillteanais mhóra le sonrú i nGaillimh (-3,168 nduine), i gContae Luimnigh (-3,375 dhuine), i Maigh Eo (-3,246 dhuine) agus i mBaile Átha Cliath Theas (-4,271 dhuine).

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach é amháin go léirítear sna figiúirí sin an ghlanghluaiseacht daoine isteach sa tír agus amach as, léirítear iontu freisin na glanghluaiseachtaí idir contaetha in Éirinn. Tá sé ar cheann de chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta seo agus na bPleananna Gníomhaíochta do Phoist deiseanna fostaíochta a mhéadú ar fud gach réigiúin in Éirinn agus nascacht i gceantair thuaithe a fheabhsú chun cur ar chumas daoine leanúint ar aghaidh ag cur fúthu agus ag obair i gceantar tuaithe na hÉirinn más mian leo.

Fostaíocht

Luadh sa tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe gur chúis mhór leis an tionchar diúltach a bhí ag an ngéarchéim gheilleagrach ar phobail tuaithe é a spleáchas ar earnálacha fostaíochta a bhí ag meath, an tionscal foirgníochta go háirithe. Ba é an

toradh a bhí air sin ná gur mhéadaigh dífhostaíocht i gceantair thuaithe faoi 192% idir an bhliain 2006 agus an bhliain 2011. B'ionann an figiúr comhfhreagrach in ionaid uirbeacha agus 114%. Gheofar léargas níos cothroime le dáta nuair a bheidh lánsonraí Dhaonáireamh 2016 ar fáil sa chéad leath den bhliain 2017.

I dteannta a chéile, is leis an meath ar thionscail thraidisiúnta agus leis an neamhábaltacht ghinearálta le daonra leordhóthanach a choinneáil nó a mhealladh a baineadh acmhainn shóisialta agus eacnamaíoch ríthábhachtach de roinnt ceantair thuaithe. Mar thoradh air sin, tá struchtúir thionsclaíocha atá measartha lag acu, tá siad neamhchosanta ar chomhdhlúthú earnálacha eacnamaíocha éagsúla agus tá dífhostaíocht agus eisimirce leanúnach le sonrú iontu.

Mar sin féin, is ann d'fhoghrúpaí sainiúla ceantar tuaithe freisin, e.g. ceantair thuaithe ag a bhfuil geilleagar láidir agraibhia nó braislí earnála eile, atá ag aistriú ó gheilleagar bunaithe ar thalmhaíocht chuig spleáchas méadaitheach ar an earnáil seirbhísí.

Ar deireadh thiar, is iad réigiúin láidre an bonn le feabhas a chur ar dheiseanna eacnamaíocha agus ar an acmhainn fostaíochta i gceantair thuaithe. Ón mbliain 2011 i leith, tá méadú tagtha ar an bhfostaíocht i ngach ceann de na 8 réigiún riaracháin (NUTS III) sa tír. Laghdaigh an Ráta Dífhostaíochta go níos lú ná 10% i bhformhór na réigiún. Ceann amháin de phríomhchuspóirí an Phlean seo is ea fostaíocht a mhéadú faoi 135,000 duine sna réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath – i.e. i gceantair thuaithe den chuid is mó.

Dúshláin agus deiseanna do Cheantar Tuaithe na hÉireann

Dúshláin

Cé gurb é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta seo acmhainn cheantar tuaithe na hÉireann a bhaint amach trí na bearta atá sa Phlean a chur chun feidhme, is ann do roinnt dúshlán nach mór do phobail tuaithe in Éirinn sa lá atá inniu ann iad a shárú. Is iomaí rud a scríobhadh le blianta beaga anuas faoi na saincheisteanna sin agus faoi na dúshláin atá le sárú chun forbairt tuaithe inbhuanaithe a bhaint amach. Léiríodh iad le déanaí sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún sa bhliain 2014. Áirítear leis na dúshláin na deacrachtaí a bhaineann le deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a rochtain, treocht leanúnach na himirce amach as lear ceantair thuaithe, an choireacht faoin tuath agus bánú na tuaithe. Tá bánú na tuaithe ina údar diúltach leis an méadú ar scoiteacht shóisialta i roinnt ceantair thuaithe freisin.

Fágann dúshlán leanúnach na himirce óige chuig cathracha na hÉireann agus chuig tíortha eile go mbítear ag cailleadh daoine cumasacha agus fiontraithe féideartha i bpobail tuaithe. Baineann sé de roinnt ceantair thuaithe daoine den daonra a chabhródh go mór le tráchtáil a bhrú chun cinn go ceann roinnt mhaith blianta. Ídiú an déimeagrafaigh sin, ar déimeagrafach é atá tábhachtach ó thaobh gníomhaíocht gheilleagrach de, chuir sé leis an meath ar lár bailte tuaithe freisin. Buaileadh roinnt mhaith bailte agus sráidbhailte faoin tuath le teacht chun cinn na n-ionad mór siopadóireachta ar a n-imeall agus le laghdú iarmhartach na gníomhaíochta tráchtála i lár bailte tuaithe. Cruthaíodh deacrachtaí leis an mbánú freisin maidir leis an éileamh ar sheirbhísí áitiúla i gceantair thuaithe. Ós rud é gur tháinig laghdú ar dhaonra na mbailte agus na sráidbhailte faoin tuath agus a bpurlán, tháinig laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí amhail postoifigí áitiúla freisin. Ós rud é gur le réamh-mheastacháin daonra go pointe éigin a bhrúitear infheistíocht chaipitil chun cinn, d'fhág sé sin nach ndearnadh infheistíocht i mbonneagar bóithre ná iarnróid ná i mbonneagar eile i roinnt ceantair thuaithe agus gur cuireadh bac ar chumas na gceantar sin chun dul in iomaíocht le haghaidh infheistíocht thionsclaíoch agus deiseanna eile fostaíochta.

Imeacht na Breataine ón Aontas Eorpach ('an Breatimeacht')

D'fhéadfadh go mbeadh an tionchar a bheadh ag cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach ar an dúshlán ba mhó a mbeidh ar cheantar tuaithe na hÉireann dul i ngleic leis. Beidh cineál agus scála beacht thionchar an Bhreatimeachta ar gheilleagar na hÉireann ag brath ar roinnt tosca. Tiocfaidh an-chuid díobh chun solais sna míonna le teacht agus socrófar iad le téarmaí imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus leis an gcaidreamh a bheith acu lena chéile sa todhchaí.

Sa bhliain 2014, ba go dtí an Ríocht Aontaithe a onnmhairíodh pas beag níos lú ná €14 billiún, nó 15%, d'onnmhairí earraí na hÉireann agus €20 billiún, nó 20%, dár n-onnmhairí seirbhísí. Is iad an earnáil Ceimic Chógaisíochta agus an earnáil Bia agus Dí an dá earnáil onnmhairiúcháin is mó i bhfad de réir luacha sa gheilleagar. B'fhiú thart ar €12 billiún onnmhairí agraibhia iomlána na hÉireann sa bhliain 2015. Is é an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe onnmhairiúcháin is mó don earnáil sin. B'fhiú breis agus €5.1 billiún onnmhairí agraibhia sa bhliain 2015, figiúr ba chomhionann le 43% de luach iomlán na n-onnmhairí agraibhia ar fad. Fágann sé sin gur tábhachtaí margadh na Ríochta Aontaithe d'earnáil agraibhia na hÉireann ná d'earnálacha eile de gheilleagar na hÉireann. Tá spleáchas ar leith ag earnálacha áirithe ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear mairteoil (51% de luach na n-onnmhairí), feoil mhuice (60% de luach na n-onnmhairí) agus circeoil

(84% de luach na n-onnmhairí). Tá catagóir na mbianna réamhullmhaithe tomhaltais spleách go hiomlán, beagnach, ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Tá an scéal mar an gcéanna san earnáil gairneoireachta tráchtála, go háirithe an earnáil beacán. Fostaítear thart ar 50,000 duine san earnáil Bia agus Dí. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a fhostaítear 80% de na daoine sin. Fostaítear thart ar 163,000 duine san iomlán san earnáil agraibhia, lena n-áirítear feirmeoireacht phríomhúil agus iascaireacht[2].

Mar gheall ar a thábhachtaí atá an earnáil Bia agus Dí maidir le fostaíocht i gceantar tuaithe na hÉireann, áit a bhfostaítear líon ard daoine i dtáirgeadh príomhúil freisin, d'fhéadfadh ceantar tuaithe na hÉireann bheith an-neamhchosanta ar thionchar trádála an Bhreatimeachta - go háirithe i gceantair thuaithe ar an teorainn.

Maidir leis an earnáil seirbhísí, tiocfaidh dúshláin áirithe as an mBreatimeacht ó thaobh na turasóireachta de. Is iad cónaitheoirí na Ríochta Aontaithe a thugann faoi thart ar 40% de na cuairteanna ar Éirinn ó thíortha thar lear. Tá an earnáil íogair d'athruithe rátaí malairte freisin, ar rátaí iad a ndeachaigh an cinneadh ón Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil i bhfeidhm orthu cheana féin.

Gan an earnáil Ceimic Cógaisíochta a áireamh, is faoi úinéireacht Éireannach agus lonnaithe go réigiúnach den chuid is mó atá na hearnálacha den gheilleagar is neamhchosanta ar an mBreatimeacht. Chomh maith leis sin, níl ach leibhéal measartha íseal brabúis acu agus is fiontair bheaga agus mheánmhéide iad an-chuid díobh. De bhreis air sin, is fostóirí móra iad i réigiúin nach bhfuil ach téarnamh mall sa mhargadh saothair iontu ó thréimhse na géarchéime airgeadais i leith. Bíonn ceantar tuaithe na hÉireann go háirithe ag brath ar na hearnálacha sin agus is teoranta an cumas atá aige chun gnóthais a chaillfí de bharr an Bhreatimeachta sa deireadh a athsholáthar nó leas a bhaint as deiseanna nua a d'fhéadfadh teacht aníos.

Chuir an Rialtas roinnt socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh freagracht Rialtais uile ann don Bhreatimeacht, lena n-áirítear Coiste Comh-aireachta nua atá ag déanamh maoirseacht ar fhreagairt fhoriomlán an Rialtais don Bhreatimeacht.

Cuireadh Grúpa idir-Rannach ar bun freisin. Chuir an Grúpa sin roinnt Foghrúpaí ar bun chun na gnéithe éagsúla de thionchar féideartha an Bhreatimeachta a scrúdú, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le Seirbhísí Airgeadais, Agraibhia, Oideachas agus Turasóireacht. Tá na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na hoifigí Éireannacha thar lear lena mbaineann á neartú freisin chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus iad ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht. Bíonn teagmháil leanúnach ann le ceannairí agus Rialtais eile san Aontas Eorpach agus le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh ar an ábhar.

2. Foinse: FoodWise 2025"

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta seo, déanfar píosa sonrach taighde a choimisiúnú i dtaca leis an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar cheantair thuaithe, go háirithe na ceantair thuaithe i réigiún na Teorann.

Deiseanna

Cé gur cinnte go gcruthóidh an Breatimeacht go leor dúshlán do cheantair thuaithe i roinnt earnálacha den gheilleagar, d'fhéadfadh go dtiocfadh deiseanna móra aníos freisin i ndéantúsaíocht, i seirbhísí airgeadais agus i mealladh na hinfheistíochta dírí eachtraí mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. A bhuí leis an teicneolaíocht dhigiteach a bheidh ar fáil dóibh, beidh an-chumas ag bailte tuaithe agus ag a gcúlchríocha leas a bhaint as na deiseanna sin.

D'fhéadfadh cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda mórbhuntáistí eacnamaíocha a thabhairt chuig ceantar tuaithe na hÉireann. Tá sé chomh tábhachtach céanna le Scéim Leictriú na Tuaithe ó thaobh a thábhacht do bheogacht cheantar tuaithe na hÉireann sa todhchaí. Thug an Rialtas gealltanas faoin bPlean go soláthródh sé líonra leathanbhanda ardluais do níos mó ná 750,000 áitreabh, agus ní ar bhonn tráchtála amháin a dhéanfar freastal air. Clúdóidh an líonra 100,000 ciliméadar den ghréasán bóithre agus 96% d'achar talún na tíre faoin mbliain 2021. Leis sin, éascófar infheistíocht eacnamaíoch bhreise i gceantar tuaithe na hÉireann agus ligfear do mhuintir na tuaithe agus do ghnóthais faoin tuath leas a bhaint as rochtain ar an ngeilleagar digiteach agus ar na deiseanna fiontraíochta atá ar fáil.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar mhéid na hearnála Talmhaíochta maidir lena sciar iomlán den gheilleagar, is earnáil láidir í fós agus baineadh tuilleadh tairbhe as an sárchlú ar Éirinn mar tháirgeoir bia trí fhorbairt a dhéanamh ar thionscal agraibhia agus ar thionscail bhreisluacha eile. Tá acmhainn le haghaidh fás breise ann san earnáil sin agus bainfidh ceantar tuaithe na hÉireann leas díreach as forbairtí sa réimse. Ar na hearnálacha eile a bhféadfaí fás a bhaint amach iontu tá Turasóireacht agus Fuinneamh In-athnuaite (agus béim á cur ar mhéadú a dhéanamh ar an sciar atá acu de mhargaí nua). Chomh maith leis sin, bainfidh an fhoirgníocht i gceantair thuaithe leas as infheistíochtaí a dhéanfar tríd an bPlean Caipitil agus tríd an bPlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine.

Anuas air sin, baineann pobail tuaithe tairbhe as timpeallacht measartha neamh-mhillte ina bhfuil roinnt de na tírdhreacha is áille agus an flóra agus an fána is iontaí ar domhan. Ina theannta sin, is ann do cheann de na bailiúcháin oidhreachta tógtha is saibhre is féidir a fheiceáil i dtír fhorbartha ar bith. Tá taifead ann ar níos mó

ná 140,000 séadchomhartha seandálaíochta ar fud thírdhreach na hÉireann a léiríonn gach ré de stair an duine.

Tugann ár n-oidhreacht shaibhir lámh an uachtair d'Éirinn ar fhormhór na dtíortha eile ó thaobh ár dtairisceana turasóireachta de. Is féidir fianaise air sin a fheiceáil i bhfás an tionscail turasóireachta le blianta beaga anuas. Is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh air sin agus bainfear úsáid as tionscnaimh amhail Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann mar threoirphlean chun a chinntiú go dtabharfaidh líon méadaithe cuairteoirí cuairt ar cheantair thuaithe na hÉireann. Is féidir an líon turasóirí a mhéadú freisin trínár dtairiscint shármhaith bia agus dí; cuirfear ar ár gcumas leas a bhaint as margadh méadaitheach na turasóireachta gníomhaíochta ach glasbhealaí agus gormbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre. Dírítear go sonrach sa Phlean Gníomhaíochta seo ar thurasóireacht ghníomhaíochtbhunaithe a fhorbairt i gceantair thuaithe.

01

Tacú le Pobail Inbhuanaithe

Cás-staidéar

Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe: Grúpa Pobail na Ráithe

Tá Grúpa Pobail na Ráithe, atá lonnaithe i mbaile fearainn atá suite idir bailte móra Ráth Maoláin, Ráth Mealtain, Bhaile na nGallóglach agus na Ceathrún Caoile i gCo. Dhún na nGall, ag gabháil d'fhorbairt áitiúil agus pobail le roinnt blianta anuas ina cheantar féin.

Thar an tréimhse sin, tá an grúpa ag obair gan stad chun deiseanna áineasa agus spóirt a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear faichí imeartha, seomraí gléasta agus cúirt leadóige, ar nithe iad sin ar fad a maoiníodh trí dheontais bheaga agus trí ghníomhaíochtaí bailithe airgid a cuireadh i gcrích laistigh den phobal. Ba é a bhí i bhfís an ghrúpa ná go mbeadh ionad nua pobail ina mhol i gcroílár an phobail agus go dtabharfadh sé borradh sóisialta a raibh géarghá leis don cheantar.

"...bhí a fhios againn go dtiocfadh linn ár n-aidhm a bhaint amach maidir le lárionad a thógáil dár bpobal"

Arsa Fiona Boyle, Cathaoirleach Ghrúpa Pobail na Ráithe, "Bhí fís mhór againn, cinnte, agus shíl roinnt daoine go raibh sí rómhór do phobal beag dár leithéid, ach bhí a fhios againn go dtiocfadh linn ár n-aidhm a bhaint amach maidir le lárionad a thógáil dár bpobal".

Le tacaíocht ó LEADER, rinne an grúpa pleanáil don ionad nua pobail agus chuir siad ar fáil é, agus fónann an t-ionad sin mar acmhainn do gach duine sa phobal trí áit a sholáthar i gcomhair raon leathan gníomhaíochtaí agus seirbhísí áineasa a chuireann ar a gcumas inbhuanaitheacht agus inmharthanacht fhadtéarmach a bpobail bhig tuaithe a áirithiú. Bhí baint ghníomhach ag an ngrúpa leis an gcéim pleanála agus tógála, agus leanann siad de bhaint a bheith acu le reáchtáil an ionaid. Tá rannpháirtí amháin Tús ar fostú acu ar bhonn páirtaimseartha mar Riarthóir Oifige agus tá feighlí ar fostú acu fosta. Tá sé mar aidhm acu tuilleadh daoine a fhostú amach anseo.

"Chuaigh an chuid is mó againn ar scoil le chéile agus tá ár gclann á dtógáil anseo againn anois. Cé go bhfuil laghdú daonra agus imirce ag tarlú i bpobail eile, tá a mhalairt ag tarlú anseo ", arsa Marianne Buchanan, Cathaoirleach Cúnta Ghrúpa Pobail na Ráithe.

Colún 1:

Tacú le Pobail Inbhuanaithe

Príomhchuspóirí:

- Áit níos fearr chun cónaí agus obair ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann trínár lár bailte agus sráidbhailte a athbheochan trí chur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus Clár RAPID agus ar bhearta chun tacú le daoine cónaí i lár baile.
- Seirbhísí áitiúla a fheabhsú sa phobal trí thacaíocht a thabhairt do liachleachtóirí ginearálta faoin tuath, trí chabhrú leis an earnáil cúraim phríomhúil cúram níos fearr a sholáthar níos gaire don phobal, trí thacaíocht a thabhairt don líonra postoifigí tuaithe agus trí leanúint le rochtain ar scoileanna a thabhairt do leanaí i gceantar tuaithe na hÉireann.
- Pobail Áitiúla a Chumhachtú, lena n-áirítear tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a fhorbairt agus trí thacaíocht a thabhairt dóibh, chun a chinntiú go gcloisfear tuairimí éagsúla, go gcuirfear na tuairimí sin san áireamh i bpróisis áitiúla chinnteoireachta agus go leanfaidh pobail le sainaithint a dhéanamh ar a riachtanais agus ar a réitigh féin.
- Pobail níos fearr a fhorbairt trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gClár LEADER agus trí thacaíocht a thabhairt do phobail leochaileacha tuaithe trí thionscnaimh amhail an Scéim Shóisialta Tuaithe.

I gcás gach ceann de na gníomhartha seo a leanas sa Phlean seo, is é an chéad chomhlacht atá liostaithe in aice leis an ngníomh an príomhchomhlacht atá i gceannas ar an ngníomh sin a sholáthar, ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

Áit níos fearr chun cónaí ann a dhéanamh de cheantar tuaithe na hÉireann

Is ag croílár pobal tuaithe atá ár mbailte agus ár sráidbhailte agus ba cheart dóibh a bheith ina n-áiteanna inar féidir le daoine cónaí, obair, seirbhísí a rochtain agus a gclann a thógáil iontu i dtimpeallacht ar ardchaighdeán.

D'imir an cúlú diantionchar ar chuid mhór dár mbailte agus dár sráidbhailte tuaithe, agus cailleadh gnóthais bheaga agus bhog daoine chuig na bailte agus na cathracha móra dá bharr. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuirfimid bearta chun feidhme chun cabhrú le beocht nua a chur inár mbailte agus inár sráidbhailte tuaithe agus go gcumasóimid dóibh a bheith ina n-áiteanna beoga inar féidir le daoine cónaí, obair agus teacht le chéile le daoine eile. Faoin bPlean Gníomhaíochta seo, tacófar le hathnuachan bailte agus sráidbhailte trí scéimeanna amhail an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus tionscnaimh chun daoine a spreagadh cónaí i lár bailte. Faoi Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine ón Rialtas, soláthrófar 47,000 teach sóisialta nua ar fud na tíre sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2021 agus cabhrófar le freastal ar dhaoine a bhfuil riachtanas tithíochta acu i gcodanna tuaithe na hÉireann.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
1	Agus suas le €12 mhilliún á chur ar fáil gach bliain, tacaíocht a thabhairt do bhreis agus 600 ceann de bhailte agus de shráidbhailte trí Scéim fheabhsaithe Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm léi tacú lena n-athbheochan, cur leis an acmhainn atá acu gníomhaíocht gheilleagrach a mhéadú agus feabhas a chur ar an timpeallacht chónaithe agus oibre do mhuintir na tuaithe.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
2	Tionscnamh a fhorbairt agus a thriail chun áitíocht chónaithe mhéadaithe a spreagadh i lár bailte agus sráidbhailte.	Ráithe 3 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla; an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
3	D'fhonn an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte a chomhlánú, an Clár Náisiúnta um Rathúnas Lár Bailte a Mheas a chur i bhfeidhm i mbailte tuaithe roghnaithe ar fud na hÉireann chun an chuid is fearr a bhaint as na saoráidí agus as na sócmhainní tábhachtacha atá le fáil i mbailte tuaithe, go háirithe acmhainní oidhreachta.	Ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Chomhairle Oidhreachta; Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí Grósaeireachta agus Déiríochta agus a gComhthrádálaithe; Institiúid Pleanála na hÉireann; Institiúid Tírdhreacha na hÉireann; Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann; Údaráis Áitiúla; Institiúidí 3ú Leibhéal
4	Mar chuid de Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine, tacú le gach údarás áitiúil freagairt do riachtanais a bpobal agus 47,000 teach sóisialta nua a sholáthar, rud ar cheart go spreagfadh sé tógáil agus gníomhaíochtaí geilleagracha eile ar bhonn áitiúil agus réigiúnach araon.	2017-2021	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
5	Na moltaí ón gCreat le haghaidh Lár Bailte a Athbheochan a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme chun cabhrú le hathghiniúint bailte tuaithe	2017-2019	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; an Fóram Comhairliúcháin Mhiondíola
6	Athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht pleanála ionas go mbeifear in ann ionaid réadmhaoine tráchtála fholmha i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte, lena n-áirítear limistéir fholmha nó thearcúsáidte atá suite os cionn áitribh bhunurláir, a athrú ina n-aonaid chónaithe, gan iallach a bheith ann dul tríd an bpróiseas pleanála.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
7	Soláthar scéimeanna beaga tithíochta a mhéadú i mbailte agus i sráidbhailte mar mhalairt ar thithíocht aonuaire.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
8	Bunaithe ar scrúdú ón nGrúpa Oibre um Athnuachan Uirbeach, athbhreithniú a dhéanamh ar an Reachtaíocht um Láithreáin Thréigthe d'fhonn cabhrú le hathbheochan bailte agus sráidbhailte.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
9	Breithniú a dhéanamh ar na riachtanais choibhneasta atá ann le Tionscnamh eile um Athlonnú Tuaithe a thabhairt isteach mar bheart chun athúsáid níos leithne an stoic reatha thithíochta a éascú, agus spriocanna cuí a shainaithint don Tionscnamh sin.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
10	Céim nua de CLÁR a sheoladh sa bhliain 2017, agus cistiú €5m a chur ar fáil chun tacú le tionscadail bheaga bhonneagair i gceantair thuaithe atá faoi réir bánú.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla; Údarás na Gaeltachta
11	Comórtas na mBailte Slachtmhara a leathnú d'fhonn méadú a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta atá ar fáil d'iarratasóirí agus d'fhonn catagóirí agus/nó gnéithe nua a chur leis an gcomórtas.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
12	Tacaíocht a thabhairt don Ghlantachán Náisiúnta Earraigh a bhíonn á reáchtáil ag An Taisce chun feasacht a mhéadú ar shaincheisteanna bruscair agus dramhaíola agus chun daoine a spreagadh ábhar a athchúrsáil agus a athúsáid nuair is féidir.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
13	Thart ar €6m a chur ar fáil idir na blianta 2017 agus 2019 chun tacú le scéim um infheistíocht san oidhreacht thógtha, rud lena dtacófar le hoibrithe ceardaíochta, le ceardaithe agus le gairmithe caomhnaithe agus lena n-infheisteofar i ndéanmhais oidhreachta a chaomhnú agus a athúsáid ar mhaithe le hathghiniúint ceantar uirbeach agus tuaithe a chothú.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
14	Scéim Deontas na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta a chur chun feidhme chun cabhrú le tithe amuigh feirme traidisiúnta a chaomhnú chun tacú le pobail tuaithe.	2017-2019	An Chomhairle Oidhreachta; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
15	Leas a bhaint as clár nua RAPID ar fiú €4.5m é chun maoiniú síl ar mhionscála a chur ar fáil do thionscadail chaipitil agus do thionscadail bhonneagair ar mhionscála atá de chineál athghiniúnach i gceantair faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear bailte cúigeacha.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Pobal; Údaráis Áitiúla; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
16	An Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2016–2018 ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme, agus béim á cur ar ghníomhaíochtaí ardriosca amhail úsáid tarracóirí agus innealra, láimhseáil beostoic, agus obair foraoiseachta agus adhmaid ar fheirmeacha. Féachfar freisin le teacht ar bhealaí nua chun feabhas a chur ar na leibhéil scileanna atá ag feirmeoirí, go háirithe maidir le sainaithint agus le bainistíocht riosca. Áireofar leis na bearta a dhéanfar sábháilteacht feirme a chur chun cinn trí fheachtais spriocdhírithe feasachta, trí chigireachtaí feirme agus trí chúrsaí oiliúna.	2017-2018	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
17	Tús áite a thabhairt do shábháilteacht feirme trí Aistriú Eolais agus trí bhearta sábháilteachta feirme a chur ar áireamh i scéimeanna aistriú eolais.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
18	Tacaíocht a thabhairt do thart ar 1,700 tionscadal comhshaoil ar scála beag atá ar siúl faoi Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil Chlár 21 Áitiúil ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
19	Cistiú a chur ar fáil le haghaidh Ionaid d'Oibrithe Deonacha, le haghaidh Seirbhísí Faisnéise d'Oibrithe Deonacha agus le haghaidh eagraíochtaí náisiúnta amhail Obair Dheonach Éireann, rud a bhfuil sé mar aidhm aige na heagraíochtaí sin a neartú agus cultúr oibre deonaí a chothú in Éirinn, lena n-áirítear chun tairbhe do phobail tuaithe agus d'eagraíochtaí pobalbhunaithe.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Seirbhísí Áitiúla a Fheabhsú

Toisc thábhachtach taobh thiar de cháilíocht na beatha a mhéadú do dhaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe is ea an fháil atá ar sheirbhísí poiblí ar leibhéal áitiúil. Ní hé amháin go mbaineann tábhacht le seirbhísí áitiúla amhail cúram sláinte, scoileanna agus seirbhísí airgeadais mar gheall ar a dtairgeann siad dá gcuid cliant, ach tá siad tábhachtach freisin maidir leis an rannchuidiú a dhéanann siad mar mhol le haghaidh gníomhaíocht shóisialta sa phobal. Cuireann seirbhísí cúram sláinte ar chumas daoine scothaosta go háirithe leanúint le cónaí sa phobal trí raon tacaí cúraim phríomhúil agus cúraim shóisialta a chur ar fáil.

Tabharfar faoi raon straitéisí agus tionscnamh Rialtais chun tacú le seirbhísí áitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhaontú le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann (IMO), rud lena gcabhrófar le seirbhísí liachleachtóirí ginearálta faoin tuath a mhéadú. Má leantar le hathchóiriú na hearnála cúraim phríomhúil, cuirfear comhsheasmhacht leis an dóigh a soláthraítear seirbhísí ar fud na tíre, lena n-áirítear seirbhísí i bpobail tuaithe. Cuirfear tacaí ar fáil chun feabhas a chur ar fholláine mheabhrach freisin, rud a bhíonn ina dheacracht do dhaoine a bhraitheann scoite i gceantair thuaithe.

Tá siad seo a leanas i measc na ngníomhartha eile a chabhróidh le seirbhísí áitiúla a fheabhsú: a chinntiú nach ndúnfar aon scoil bheag in aghaidh mhianta na dtuismitheoirí; treoirlínte a fhorbairt do scoileanna chun úsáid a bhfoirgneamh lasmuigh d'uaireanta scoile a éascú, nuair is féidir; scéim nua cistiúcháin a fhorbairt do sheirbhísí óige; agus gníomhartha a chur chun feidhme chun tacú leis an Líonra Postoifigí, ar gníomhartha iad a tháinig as an tuarascáil ó Bhord Athnuachana na bPostoifigí agus an Grúpa Oibre um an Mol Postoifigí.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
20	Maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha chun tacú leis an Líonra Postoifigí, ar gníomhartha iad a tháinig as an tuarascáil ó Bhord Athnuachana na bPostoifigí agus an Grúpa Oibre um an Mol Postoifigí.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; An Post; Ranna ábhartha Rialtais
21	Leanúint le tacú le húsáid postoifigí tuaithe chun seirbhísí íocaíochta amhail íocaíochtaí leasa shóisialaigh a sholáthar.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Coimirce Sóisialaí
22	Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann samhail Sparkassen na Gearmáine agus samhail Kiwibank a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar bhainc phoiblí áitiúla a oibríonn i réigiúin shainithe.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Airgeadais; An Post; Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
23	Straitéis a fhorbairt le haghaidh fhás agus fhorbairt na hearnála comhar creidmheasa, rud atá ina acmhainn thábhachtach i gceantar tuaithe na hÉireann, agus a chinntiú go mbaineann comhair chreidmheasa leas as tacaíocht rialála le go mbeidh siad in ann freastal ar na riachtanais atá ag geilleagar a bhíonn ag athrú.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Airgeadais
24	An líon liachleachtóirí ginearálta i gceantair thuaithe a mhéadú trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhaontú ar thángthas air le Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann maidir le cleachtaí liachleachtóirí ginearálta atá suite faoin tuath. Cumhdaítear leis an gcomhaontú athruithe sna critéir cháilitheachta do thacaíocht tuaithe; méadú sa liúntas do chleachtaí tuaithe; agus leasú ar na míreanna speisialta seirbhíse a chumhdaítear.	Ar bhonn leanúnach	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Sláinte
25	Ar aon dul leis an gClár um Cheangal ar Son na Beatha, tacaíocht a thabhairt do na straitéisí áitiúla atá i bhfeidhm ar fud cheantar tuaithe na hÉireann chun dul i ngleic le féinmharú agus chun feabhas a chur ar fholláine mheabhrach.	2017-2019	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Sláinte
26	Breithniú ar an dóigh a gcaifí le feirmeacha teaghlaigh agus le gnóthais bheaga i dtaca leis an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais ar a dtugtar 'Cothrom na Féinne'.	2017	An Roinn Sláinte
27	Leanúint le clár ilbhliantúil infheistíochta is fiú €435m a chur i bhfeidhm le haghaidh thart ar 90 tionscadal i dtithe altranais poiblí agus in ospidéil cheantair agus phobail i gceantair thuaithe lena bhféadfaí suas go dtí 5,000 post tógála a chur ar fáil chun iad a sholáthar	Ar bhonn leanúnach go dtí an bhliain 2021	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Sláinte
28	Tacú le 18 n-ionad nua cúraim phríomhúil a thógáil i gceantar tuaithe na hÉireann agus tacú le foirne cúraim phríomhúil a bhunú chun daoine a chumasú leas a bhaint as raon cuimsitheach seirbhísí sláinte agus seirbhísí cúraim shóisialta ina gceantar áitiúil, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí ultrafhuaime.	2018	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
29	An Fórsa Saothair Chúraim Phríomhúil, a chuimsíonn liachleachtóirí ginearálta, gairmithe altranas pobail agus gairmithe sláinte comhghaolmhara, a phleanáil agus acmhainní a chur ar fáil dó chun freastal ar na riachtanais cúram sláinte agus cúraim shóisialta atá ag pobail tuaithe, agus an méid sin a dhéanamh i gcomhar le raon níos leithne seirbhísí líonra.	Ar bhonn leanúnach	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
30	An líon Foirne Idirghabhála Pobail a mhéadú, i gcomparáid leis na 14 cinn atá ann faoi láthair, agus tacú le rochtain iomlán a chur ar fáil ar sheirbhísí Foirne Idirghabhála Pobail ar fud na tíre ar mhaithe le cóireáil othar ina bpobal áitiúil féin a éascú, bíodh an chóireáil sin á soláthar i dteach an othair, in ionaid chúraim phríomhúil nó i dtithe altranais poiblí nó príobháideacha.	Ar bhonn leanúnach	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
31	Tacaí a fheabhsú do dhaoine scothaosta i gceantair thuaithe trí líonra na nIonad Cúram Lae agus trí leanúint le cúnamh deontais a sholáthar don earnáil dheonach agus leanúint, tríd an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach a chur chun feidhme, le tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta coinneáil sláintiúil agus gníomhach ina bpobal áitiúil.	2017-2019	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Sláinte

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
32	An líonra línte cabhrach do sheanóirí atá i bhfeidhm ar fud na tíre a choinneáil ar bun, ar línte iad trína gcuireann oibrithe deonacha scothaosta atá oilte seirbhís éisteachta ar fáil do dhaoine scothaosta agus lena gcabhraítear le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna amhail uaigneas agus scoiteacht i gceantair thuaithe.	Ar bhonn leanúnach	FSS; Údaráis Áitiúla; Pobail Áitiúla
33	Tacú leis an ról atá ag scoileanna i bpobail ar fud na tíre trí phrótacail a leasú chun a chinntiú nach ndúnfar aon scoil bheag in aghaidh mhianta na dtuismitheoirí agus chun cónascadh a éascú nuair is inmhianaithe.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Pátrúin Scoile
34	Obair i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha oideachais agus le húinéirí réadmhaoine scoile ar mhaithe le treoirlínte a fhorbairt do scoileanna chun úsáid foirgneamh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a éascú, nuair is féidir.	2017	An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Pátrúin Scoile
35	Scéim nua cistiúcháin a fhorbairt do sheirbhísí óige, ar scéim í a bheidh ag teacht leis na moltaí ón Athbhreithniú Luach ar Airgead agus ón Athbhreithniú Beartais ar Chláir Óige agus lena dtacófar le seirbhísí óige a sholáthar ar fud na tíre.	2017	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
36	An soláthar cúraim leanaí inacmhainne a mhéadú tríd an Scéim um Chúram Leanaí Inacmhainne a chur chun feidhme, rud lena gcabhrófar le hinrochtaineacht mhéadaithe a sholáthar ar sheirbhísí cúram leanaí ar fud na tíre.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Pobail Áitiúla a Chumhachtú

Is gá éisteacht leis na tuairimí atá ag pobail tuaithe maidir le saincheisteanna beartais náisiúnta agus áitiúil a théann i bhfeidhm go díreach ar a saol. Is gá na pobail sin a chumasú freisin chun an dea-chleachtas agus an méid a d'fhoghlaim siad ó thionscnaimh forbartha pobail ar leibhéal áitiúil a chomhroinnt.

Ba leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, a tugadh struchtúir nua agus feidhmeanna níos leithne isteach d'Údaráis Áitiúla agus do Thionóil Réigiúnacha. Tá béim nua á leagan anois ar rannpháirtíocht éifeachtach pobal áitiúil a chur chun cinn in ábhair rialtais áitiúil, lena n-áirítear tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus trí na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil. Is gá béim mhéadaithe a leagan ar leibhéal náisiúnta freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh bheartaithe bheartais ar cheantar tuaithe na hÉireann. Is leagtha amach thíos atá na príomhghníomhartha a dhéanfar chun a chinntiú go gcuirfear tuairimí pobal áitiúil agus tuaithe san áireamh nuair a bhíonn tograí beartais náisiúnta agus áitiúil á bhforbairt.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
37	Na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a fhorbairt ar na bealaí seo a leanas chun a chinntiú gur féidir le gach grúpa áitiúil cur le próisis áitiúla chinnteoireachta: - Cistiú a sholáthar chun Oibrí Acmhainne a chur ar fáil i ngach Líonra Rannpháirtíochta Pobail; - Bunachar sonraí a chur ar fáil do na heagraíochtaí pobail áitiúil atá cláraithe le gach Líonra Rannpháirtíochta Pobail; - Oiliúint áitiúil agus forbairt acmhainne a chur i bhfeidhm; - Treoir phraiticiúil Úsáideora a cheapadh do Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus í a fheabhsú ina dhiaidh sin; agus - Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a chur ar bun, rud a bheidh ionadaíoch do gach geallsealbhóir de chuid na Líonraí.	2017-2019	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
38	Dul i gcomhairle fhorleathan leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus le leasanna earnála nuair a bhíonn Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnacha á n-ullmhú.	Ar bhonn leanúnach	Na Tionóil Réigiúnacha
39	An Creatbheartas um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail a chur chun feidhme chun rannpháirtíocht mhéadaithe i measc pobal tuaithe a chinntiú nuair a bhíonn beartais, straitéisí agus idirghabhálacha á bpleanáil, á bhforbairt, á soláthar agus á meas.	Ráithe 2 den bhliain 2017 go deireadh na bliana 2019	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
40	Dul i dteagmháil le pobail áitiúla maidir le tionscadail cháilíocht an uisce trí Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla
41	A chinntiú, tríd an Idirphlé Náisiúnta ar Athrú Aeráide, go mbeidh ról lárnach ag pobail tuaithe maidir le rannchuidiú a dhéanamh lenár n-aistriú inár ngeilleagar ísealcharbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de.	Ráithe 1 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
42	Mar chuid den Pháipéar Bán ar Fhuinneamh, raon gníomhartha a chur i bhfeidhm chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht le saoránaigh agus le pobail i gceantair thuaithe ionas go mbeidh ról méadaithe acu maidir leis an mbonneagar fuinnimh ina gceantar áitiúil a phleanáil.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
43	Mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020, tacóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit ról cuí a thabhairt do leanaí agus daoine óga agus beartais a bhaineann le pleanáil agus forbairt pobal tuaithe á gceapadh.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha
44	Samhail éifeachtach nua um promhadh leas na tuaithe a fhorbairt, rud lena gcinnteofar go gcuirfear saincheisteanna forbartha tuaithe san áireamh i bpróisis chinnteoireachta na Ranna Rialtais, na gcomhlachtaí Stáit agus na ngníomhaireachtaí Stáit uile.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Roinn an Taoisigh

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
45	A chinntiú go gcuirfear na riachtanais fhadtéarmacha atá ag ceantar tuaithe na hÉireann san áireamh agus an Creat Pleanála Náisiúnta nua á fhorbairt.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
46	Oibriú le hInstitiúidí Ardoideachais agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun riachtanais taighde a shainaithint i dtaca le forbairt tuaithe agus réigiúnach d'fhonn eolas a dhéanamh do cheapadh beartais agus do chur chun feidhme beartais.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Institiúidí Ardoideachais

Pobail Níos Fearr a Fhorbairt

Ceann de phríomhchuspóirí an Phlean Gníomhaíochta seo is ea feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i bpobail tuaithe. Chun tacú leis an gcuspóir sin, soláthrófar raon gníomhartha éagsúla, atá leagtha amach thíos, chun tacú le forbairt pobail, chun cuimsiú sóisialta a neartú agus chun cabhrú le caighdeáin theirmeacha a mhéadú i dtithe agus in áitribh phobail trí dheontais éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil.

Faoin gClár Caipitil Spóirt, cuirfear cistiú ar fáil do chlubanna fud fad na hÉireann agus tacófar le folláine daoine de gach aois trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt. Cuirfidh Cumann na bhFear, a bhfuil fás suntasach tagtha air le blianta beaga anuas, spás ar fáil freisin ina mbeidh fir in ann páirt a ghlacadh ina bpobal agus scileanna nua a fhoghlaim.

Tá sé tábhachtach go mbraithfidh daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe slán sábháilte ina bpobal féin. Mar sin, tabharfar faoi raon beart chun aghaidh a thabhairt ar chosc na coireachta, lena n-áireofar trína chinntiú go mbeidh Gardaí gníomhach, infheicthe agusfreagrúil sa phobal. Déanfar 3,200 ball nua den Gharda Síochána a earcú sna ceithre bliana romhainn chun líon foirne 15,000 ball a bhaint amach. Cuirfear tacaí eile ar fáil trí scéimeanna amhail Faire Comharsanachta, Scéim na bhFoláireamh Téacs agus an Scéim Foláirimh do Sheanóirí. Tabharfar scéim nua cúnaimh dheontais um Theilifís Chiorcaid Iata a Shuiteáil sa Phobal isteach freisin.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
47	Beart LEADER atá sa Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 a sholáthar, agus cistiú €250 milliún ar fáil chun tacú le forbairt gheilleagrach agus cruthú fostaíochta, le cuimsiú sóisialta agus leis an gcomhshaol i gceantair thuaithe.	2017-2020	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Chlár LEADER; Údaráis Áitiúla; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil; Údarás na Gaeltachta
48	€12m a infheistiú i 7 gcinn de Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh chun tacú le raon leathan tionscnamh ina ndíreofar orthu seo a leanas timpeall ar ár n-imeallbhord: cruthú fostaíochta, cuimsiú sóisialta, turasóireacht, athghiniúint pobail agus forbairt margaidh.	2017-2020	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
49	€37.5m a infheistiú chun an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) a chur chun feidhme mar phríomhchlár um chuimsiú sóisialta de chuid an Rialtais, agus é mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt do 2,800 grúpa pobail áitiúil, lena n-áirítear oibrithe ísealioncaim agus ar daoine óga nach bhfuil san oideachas, san fhostaíocht ná san oiliúint, agus tacú le deiseanna oideachais ar feadh an tsaoil agus le deiseanna oideachas pobail a sholáthar do phobail agus do dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste.	Ar siúl go deireadh na bliana 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla; Pobal; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
50	500 spás breise a chur ar fáil ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, rud ina mbaintear leas as na scileanna atá ag feirmeoirí agus ag iascairí chun seirbhísí atá chun tairbhe pobal tuaithe a sholáthar.	2017	An Roinn Coimirce Sóisialaí; Údarás na Gaeltachta
51	Leanúint le tacaí a chur chun feidhme don Fheirmeoireacht Shóisialta, rud a thairgeann, ar bhonn deonach, deiseanna chun páirt a ghlacadh san fheirmeoireacht agus sa ghairneoireacht do dhaoine a bhaineann leas as raon seirbhísí teiripeacha tacaíochta lae.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
52	Tríd an Scéim um Thithe Fuinnimh Níos Fearr, deontais ar fiú níos mó ná €300m san iomlán iad a chur ar fáil do shealbhóirí tí ionas gur féidir leo feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtí, rud a chothóidh breis agus 2,000 post agus a chabhróidh le thart ar 46,500 teach tuaithe a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ag an am céanna.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
53	Tríd an Scéim 'Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo', thart ar 15,500 ceann d'uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar do dhaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe a bhfuil tearcrochtain acu ar fhuinneamh, rud a mhéadóidh fostaíocht réigiúnach agus a chabhróidh le tithe tuaithe a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ag an am céanna.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
54	Thart ar 700 uasghrádú ar shaoráidí pobail tuaithe agus ar áitribh thuaithe a sholáthar trí Líonra na bPobal Fuinnimh Inmharthana.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
55	Leanúint leis an Scéim um Thithe Fuinnimh Níos Fearr a chur chun feidhme, rud lena soláthraítear cistiú iomaíoch do thionscadail fuinnimh phobail ar fud na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
56	Agus í ag obair thar ceann an Údaráis Phóilíneachta, déanfaidh Cigireacht an Gharda Síochána scrúdú ar an dóigh a scaiptear agus a n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána chun seirbhísí póilíneachta sholáthar do phobail áitiúla, agus déanfaidh sí moltaí chun seirbhís póilíneachta atá níos éifeachtaí, níos sofheicthe agus níos freagrúla a chruthú.	2017-2018	An tÚdarás Póilíneachta; Cigireacht an Gharda Síochána
57	800 Garda a earcú gach bliain chun go mbeidh 21,000 duine san iomlán ag obair leis an nGarda Síochána faoin mbliain 2021, ar figiúr é a chuimseoidh 15,000 Garda, 2,000 ball cúltaca agus 4,000 saoránach.	2017-2021	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; an Garda Síochána
58	Scéim phíolótach a sheoladh chun sé stáisiún de chuid an Gharda Síochána a athoscailt i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon chun a chinneadh cén difear dearfach a dhéanfadh sé sin do ghníomhaíocht choiriúil, agus béim ar leith á cur ar bhuirgléireacht, ar ghadaíocht agus ar an ord poiblí Cuirfidh torthaí na scéime píolótaí sin bonn eolais faoin mór-athbhreithniú ar acmhainní atá á maoirsiú ag an Údarás Póilíneachta.	2017	An Garda Síochána; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
59	Leanúint le tacaíocht agus le tús áite a thabhairt do scéimeanna pobail um chosc na coireachta, lena n-áirítear Faire Comharsanachta agus Scéim na bhFoláireamh Téacs.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; an Garda Síochána
60	Scéim nua Cúnaimh Dheontais um Theilifís Chiorcaid Iata a Shuiteáil sa Phobal a thabhairt isteach, rud a bheidh chun tairbhe do phobail uirbeacha agus do phobail tuaithe araon.	2017	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
61	Infheistiú suntasach a dhéanamh sa Scéim Foláirimh do Sheanóirí, rud lena n-éascaítear tacaíocht luachmhar phobalbhunaithe do dhaoine scothaosta leochaileacha a chónaíonn leo féin, go háirithe iad sin a chónaíonn i bpobail tuaithe iargúlta, trí chúnamh deontais a chur ar fáil i leith aláraim phearsanta a ndéantar monatóireacht orthu a cheannach agus a shuiteáil chun iad a chumasú cónaí go slán ina dteach féin.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Pobal
62	Mar chuid den Phlean Infheistíochta Caipitil 2016-2021 ón Rialtas, táthar ag infheistiú €46m i bhflít atá nua-aimseartha, éifeachtach agus oiriúnach don fheidhm a sholáthar don Gharda Síochána thar shaolré an Phlean. Is é an aidhm atá leis an infheistíocht feithiclí breise ardchumhachta a chur ar fáil don Gharda Síochána chun a chinntiú go mbeidh Gardaí gníomhach, infheicthe agus freagrúil ar na bóithre agus sa phobal ar mhaithe le coireacht a chosc agus dul i ngleic léi.	2017-2021	An Garda Síochána; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
63	Mar chuid de Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana an Gharda Síochána, forbrófar clár nua seachadta ríomhchuidithe chun a chinntiú go n-imscarfar Gardaí ar bhealach comhordaithe freagrúil sa phobal.	2017-2021	An Garda Síochána; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
64	An Ciste nua Saoráidí Pobail a chur i bhfeidhm, mar a fógraíodh i gCáinaisnéis 2017. Leis an gCiste, infheisteofar níos mó ná €2m i gceantair thuaithe agus uirbeacha chun pobail a fheabhsú, chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus chun feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta ar leibhéal áitiúil.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
65	€30m a infheistiú i saoráidí spóirt agus pobail ar fud na tíre tríd an gClár Caipitil Spóirt.	2017	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
66	Tacú le hinbhuanaitheacht na 450 craobh de Chumann na bhFear (Bothanna na bhFear) ar fud cheantar tuaithe na hÉireann, ar timpeallachtaí iad ina bhféadann fir teacht le chéile agus páirt a ghlacadh ina bpobal, líonraí sóisialta a fhorbairt agus deis a fháil scileanna nua a ghnóthú agus faisnéis a rochtain.	2017-2019	Cumann na bhFear in Éirinn, FSS
67	Sláinte, folláine agus scileanna 15,000 fear a chur chun cinn tríd an gclár dar teideal 'Bothanna ar feadh an tSaoil'.	2017-2019	Cumann na bhFear in Éirinn, FSS

02

Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht

Cás-staidéar

Tacú le Fiontair agus le FostaíochtEnterprise and Employment: Táirgí Cáise Buabhaill Maigh Chromtha Teo

Feirmeoir agus táirgeoir cáise is ea Johnny Lynch as Cill na Martra i gContae Chorcaí, áit a bhfuil feirm aige. Traochta de bheith ag táirgeadh bainne ar dhroch phraghas i 2009, cheannaigh Johnny 15 buabhall uisce don fheirm i gCill na Martra. Tá 200 buabhall san iomlán ag Johnny anois. Le h-áis nua táirgthe cáise ar an bhfeirm, thosaigh sé féin agus an saineolaí cáise Seán Ferry ag tairgeadh cáise as bainne buabhaill na feirme agus is iad Mozzarella, Ricotta agus Halloumi na cáiseanna a tháirgtear. Níl aon chomhlacht eile ag déanamh na táirgí seo in Éirinn as bainne bhuabhaill faoi láthair. Do bhain an comhlacht gradam óir amach ó Bhord Bia i 2016 as an Mozzarella agus Ricotta a tháirgíonn sé.

Tá cáis de chuid Táirgí Cáise Buabhaill Mhaigh Chromtha ar fáil ar bhonn náisiúnta in ollmhargaí agus ar bhonn mórdhíola chomh maith le margaí na bhfeirmeoirí.

Anois, agus iad sa dara bliain de tháirgeadh cáise, tá aird á thabhairt go hidirnáisiúnta ar an gcomhlacht. D'éirigh leo éacht a bhaint amach le déanaí ag Gradaim Cháise an Domhain 2016 i San Sebastian na Spáinne le ceann de na boinn óir á bhuachan acu dá gcuid mozzarella. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an soláthar bliain i ndiaidh bliana tá Johnny agus a fhoireann faoi bhrú i gcónaí freastal ar an éileamh iontach atá ar an gcáis.

Cuid ríthábhachtach de rath an chomhlachta ar an margadh baile í an tacaíocht atá faighte go dtí seo ó Údarás na Gaeltachta i dtaca le deontais oiliúna agus forbartha agus tacaíochtaí comhairleoireachta, taighde & forbartha. Léiríonn an gradam seo caighdeán na dtáirgí bia ar féidir a sheachadadh ar bhonn domhanda ónár gceantair thuaithe Ghaeltachta a bhuíochas le hobair dhian ár dtáirgeoirí agus an tacaíocht agus comhoibriú ar féidir le hÚdarás na Gaeltachta a sholáthar.

Tá naonúr fostaithe anois ag an gcomhlacht i gceantar tuaithe Gaeltachta Chill na Martra agus tá méadú straitéiseach beartaithe sna blianta amach anseo de bharr an ghradaim domhanda agus mar gheall ar thacaíocht Údarás na Gaeltachta.

Colún 2:

Tacú le Fiontair agus le Fostaíocht

Príomhchuspóirí:

- Fiontair agus poist a fhás agus a mhealladh trí na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a chur i bhfeidhm agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhorbairt chun forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn.
- Tacú le fás na hearnála trí Food Wise 2025 a chur chun feidhme agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an earnáil fuinnimh in-athnuaite agus earnáil na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta a fhorbairt i gceantar tuaithe na hÉireann.
- A chinntiú gur ag pobail tuaithe atá na scileanna a theastaíonn chun freastal ar riachtanais an mhargaidh shaothair, chun nuálaíocht a spreagadh agus chun sócmhainní a uasmhéadú.
- Tacú le cuardaitheoirí poist faoin tuath trí oifigí Intreo agus trí thionscnaimh amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, Tús agus an Scéim Fostaíochta Pobail.
- Tacú le hioncam feirmeoireachta agus iascaireachta trí íocaíochtaí faoin gComhbheartas Talmhaíochta, tríd an gClár Forbartha Tuaithe agus trí thacaí eile ón Rialtas.

Fiontair a Fhás agus a Mhealladh

Is iad réigiúin láidre an bonn le feabhas a chur ar dheiseanna eacnamaíocha agus ar an acmhainn fostaíochta i gceantair thuaithe. Má bhíonn tuilleadh deiseanna fostaíochta ann ar fud na réigiún, is amhlaidh go soláthrófar ioncam méadaithe do mhuintir na tuaithe agus go méadófar gníomhaíocht gheilleagrach áitiúil. Tá sé mar chuspóir ag an Rialtas tacú le 200,000 post breise sa gheilleagar a chruthú faoin mbliain 2020, agus 135,000 ceann de na poist sin lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Agus iad á gcomhordú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, beidh ról lárnach ag na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist maidir le feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin do ghnóthais ionas go mbeidh fiontair in ann dul i mbun oibre, fás agus poist a chruthú.

Tá Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ag cur béim athnuaite anois ar infheistíocht a dhéanamh i bhfiontair ar leibhéal réigiúnach agus ar thacaíocht a thabhairt dóibh. Sa bhliain 2016, bhí 52% de na poist uile ar chruthaigh cliantchuideachtaí de chuid GFT Éireann iad lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Sa tréimhse chéanna, ba lonnaithe lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath a bhí 65% de na poist uile ar chruthaigh cliantchuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann iad. Leanfaidh an dá ghníomhaireacht sin le hiarracht a dhéanamh tacú le cruthú fostaíochta sna réigiúin thar thréimhse an Phlean seo. Tacófar le bearta eile cruthú fostaíochta trí líonra na hOifigí Fiontair Áitiúil, trí Údarás na Gaeltachta, trí Ghrúpa na Sionainne, trí straitéisí amhail Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin agus trí phlean a fhorbairt chun mol le haghaidh léiriú Scannán, Drámaí Teilifíse agus Beochaintí a dhéanamh d'Éirinn.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Rialtas forbairt agus foilsiú faoin gColún seo ar Bheartas Náisiúnta um Fhiontraíocht Shóisialta ina gcuimseofar raon iomlán na gníomhaíochta san earnáil seo.

Gníomh tábhachtach eile chun tacú le fás fiontar agus le cruthú fostaíochta sa chuid thiar den tír a bheidh i gConair Eacnamaíoch an Atlantaigh a sholáthar chun forbairt réigiúnach níos cothromaithe a chur chun cinn. Ag an am céanna, cuirfear tacaí ar fáil do chuideachtaí chun iad a chumasú na dúshláin a ghabhann leis an mBreatimeacht a shárú.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
68	Na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a chur chun feidhme chun cabhrú le gach réigiún a n-acmhainn gheilleagrach a bhaint amach agus a leibhéil fostaíochta a mhéadú, agus faireachán a dhéanamh ar thionchar na bPleananna ar cheantar tuaithe na hÉireann ina dhiaidh sin.	2017-2018	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
69	Tacú le gach ceann de na hocht bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist agus infheistíocht ab fhiú suas le €50m a chur ar fáil thar an tréimhse go dtí an bhliain 2020 chun cineálacha comhoibríocha cur chuige a chothú i leith fiontair agus cruthú fostaíochta a mhéadú ar fud na réigiún. Beidh an cistiú iomaíoch sin dírithe ar bhorradh a chur faoi théarnamh eacnamaíoch i ngach cuid den tír trí acmhainn na láidreachtaí áitiúla agus réigiúnacha a bhaint amach.	2017-2020	Fiontraíocht Éireann
70	Infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú faoi 30-40% sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2019 i ngach ceann d'ocht limistéar réigiúnacha NUTS III.	Ráithe 4 den bhliain 2019	An tÚdarás Forbartha Tionscail
71	Mar chuid den chlár infheistíochta réadmhaoine €150m atá ar bun ag an Údarás Forbartha Tionscail, tógáil na dtrí ardfhoirgneamh nua i dTrá Lí, i gCaisleán an Bharraigh agus i Sligeach a chríochnú agus dlús a chur le forbairt na sé ardfhoirgneamh eile i Luimneach, i nDún Dealgan, i nGaillimh, i mBaile Átha Luain, i gCeatharlach agus i bPort Láirge.	2017-2019	GFT Éireann
72	Tacú le 500 post nua a chruthú gach bliain agus leanúint le poist atá ann cheana féin i gcliantchuideachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta a choinneáil sa Ghaeltacht, lena n-áirítear trí thacaí a chur ar fáil le haghaidh iarthaighde agus aonaid réamhthráchtálaithe san earnáil eolaíochtaí beatha, san earnáil seirbhísí bia, san earnáil seirbhísí tacaíochta gnó agus san earnáil fiontar cruthaitheach, mar aon le tacaí a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh forbartha pobail.	2017-2019	Údarás na Gaeltachta
73	Trí na hOifigí Fiontair Áitiúil, forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta a neartú ar bhonn áitiúil trí na tacaí seo a leanas, lena ngabhann réamh-mheastacháin[3] tháscacha, a chur ar fáil gach bliain lasmuigh de Bhaile Átha Cliath: - 1,400 post a chruthú trí cheaduithe Bheart 1 - 2,800 rannpháirtí sa chlár 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun' - 23,000 rannpháirtí i gcúrsaí oiliúna de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúil - 2,100 rannpháirtí meantóireachta - 18,500 rannpháirtí i nDámhachtainí Fiontair Mac Léinn - 350 iarratas ar iasachtaí ó Mhicrea-Airgeadas Éireann	2017-2019	Oifigí Fiontair Áitiúil; Fiontraíocht Éireann
74	Leanúint le Straitéis Cumarsáide na nOifigí Fiontair Áitiúil a fhorbairt chun aird a tharraingt ar an raon tacaí agus seirbhísí atá ar fáil ar leibhéal áitiúil.	Ar bhonn leanúnach	Oifigí Fiontair Áitiúil; Fiontraíocht Éireann

3. Tá na réamh-mheastacháin thuas bunaithe ar réamhshonraí táirgeachta don bhliain 2016 agus tá siad faoi réir leasú de bhun na táirgeachta iarbhír. Ina theannta sin, leagtar spriocanna iarbhír síos ar bhonn bliantúil do na hOifigí Fiontair Áitiúil. Cuirtear san áireamh sna spriocanna sin páirtfheidhmíocht agus an mórchomhthéacs eacnamaíoch, rud atá faoi réir athrú.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
75	Cinneadh a dhéanamh ar a indéanta atá sé na hÚdaráis Áitiúla a chumasú scéimeanna maolaithe rátaí a thabhairt isteach chun tacú le cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe.	Deireadh na bliana 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
76	Athmheastóireacht a dhéanamh ar ionaid réadmhaoine tráchtála i naoi gcontae thuaithe chun cothroime a chinntiú sa dóigh a ngearrtar rátaí tráchtála ar ghnóthais, agus féachaint leis an méid sin a chur i bhfeidhm i gcontaetha eile sa bhliain 2017.	2017	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
77	Mar chuid den Chreat Pleanála Náisiúnta, treoir pleanála a cheapadh maidir le cur chuige dearfach a ghlacadh i leith forbairt fiontair i gceantair thuaithe, nuair is cuí.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
78	Dul chun cinn a dhéanamh ar an togra atá ann Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh a fhorbairt ar mhaithe le hinfheistíocht Éireannach agus ilnáisiúnta a mhealladh, agus an líon post agus deiseanna eacnamaíocha a mhéadú i réigiúin an Iarthair.	2017-2018	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha; comhlachtaí príobháideacha
79	An plean Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin a chur chun feidhme, rud a bhfuil sé mar aidhm leis luach an gheilleagair ghoirm a dhúbailt agus 29,000 post breise a chruthú ar fud na n-earnálacha muirí éagsúla.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
80	Straitéis Forbartha agus Infheistíochta Muirí a thabhairt isteach don Ghaeltacht, rud a bheidh ag teacht leis an bplean Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin.	2017	Údarás na Gaeltachta; Bord Iascaigh Mhara; Foras na Mara; Comhairle Contae na Gaillimhe
81	€21m a infheistiú thar thréimhse cúig bliana chun réitigh réadmhaoine nua agus uasghrádaithe a chur ar fáil chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus chun tionscail dhúchasacha Éireannacha a spreagadh iad féin a lonnú i réigiún an Mheániarthair.	Ar bhonn leanúnach	Grúpa na Sionainne
82	Spás nua goir a chur ar fáil i Sionainn chun gnóthais nuathionscanta agus fiontraithe tuaithe a spreagadh.	Ráithe 4 den bhliain 2017	Grúpa na Sionainne
83	Ardréitigh réadmhaoine a fhorbairt do chuideachtaí nuálacha atá ag iarraidh bogadh ón gcéim ghoir go tráchtálú iomaíoch faoi chinnireacht an mhargaidh sa cheantar Gaeltachta.	2017	Údarás na Gaeltachta
84	Dreasachtaí cuí a chruthú agus tuilleadh gnóthas a mhealladh chun dul isteach i mbraisle reatha an tionscail eitlíochta sa Lárionad Idirnáisiúnta Seirbhísí Eitlíochta.	Ar bhonn leanúnach	Grúpa na Sionainne; An tÚdarás Forbartha Tionscail; Fiontraíocht Éireann
85	Ceithre cinn de Mhoil Nuálaíochta a fhorbairt i nDún na nGall, i Maigh Eo, i nGaillimh agus i gCiarraí chun tacú le fiontraíocht agus le cuideachtaí nuathionscanta i réigiúin Ghaeltachta.	2017	Údarás na Gaeltachta

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
86	Athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe (CEDRA) agus atá sa Chairt do Cheantar Tuaithe na hÉireann, agus sainaithint a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun aon mholtaí nach bhfuil curtha chun feidhme go fóill a chur ar aghaidh.	Ráithe 1 - ráithe 3 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha
87	Feasacht a mhéadú i measc fiontar beag agus meánmhéide agus fiontraithe araon ar na tacaí gnó atá ar fáil ón Stát chun iad a chumasú cur leis an acmhainn airgeadais atá acu gnó a chur ar bun nó gnóthas bunaithe a fhás agus a fhorbairt.	2017	An Grúpa Comhlachtaí Stáit d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide; Údarás na Gaeltachta
88	Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais chreidmheasa, agus béim á cur ar laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin atá ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar an am a thógtar orthu iarratais a chomhlánú.	2017	An Roinn Airgeadais; an Grúpa Comhlachtaí Stáit d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
89	Tacaí éifeachtacha airgeadais a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, ar tacaí iad lena rachfar i ngleic leis na teipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann trí chistiú breise a fhoinsiú ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus trí ariasachtóirí nua a áirithiú.	2017	Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann; an Roinn Airgeadais; an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann; Fiontraíocht Éireann; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Grúpa Comhlachtaí Stáit d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
90	Scrúdú a dhéanamh ar bheartais soláthair d'fhonn feabhas a chur ar na bearta atá á ndéanamh chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide rochtain a fháil ar mhargaí soláthair phoiblí, lena n-áirítear trí imeachtaí oiliúna agus faisnéise a reáchtáil agus trí nótaí treorach agus faisnéise a cheapadh.	2017	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an Oifig um Sholáthar Rialtais
91	Prótacal a chomhaontú agus a thabhairt i gcrích idir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis na hOifigí Fiontair Áitiúil agus maidir le clár LEADER chun a chinntiú go nglacfar cur chuige comhoibríoch i leith tacú le fiontair ar leibhéal áitiúil.	Ráithe 1 den bhliain 2017	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údarás na Gaeltachta
92	Mar chuid den Scéim Dearbhán Trádála ar Líne faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, 1,000 dearbhán ar a laghad a cheadú in aghaidh na bliana do ghnóthais bheaga ar fud na tíre, tuairim is 60% díobh i gceantar tuaithe na hÉireann.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Oifigí Fiontair Áitiúil
93	Tionscnamh fiontraíochta na mban a chur i bhfeidhm mar chuid de Chlár AE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020, agus é mar aidhm leis fiontraíocht a chur chun cinn i measc na mban agus a n-inniúlachtaí fiontraíochta a mhéadú.	2017	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
94	Leanúint le tacaí a chur chun feidhme do Thionscnamh na mBanfhiontraithe Tuaithe (clár ACORNS).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
95	Plean fadtéarmach ar fud an tionscail ar fad a chruthú chun mol domhanda le haghaidh léiriú Scannán, Drámaí Teilifíse agus Beochaintí a dhéanamh d'Éirinn.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Bord Scannán na hÉireann
96	Suíomh Gréasáin nua a fhorbairt agus a sheoladh ag www.ruralireland.ie, rud a bheidh ina thairseach lárnach le haghaidh faisnéis a sholáthar faoi na tacaí ábhartha atá ar fáil agus le haghaidh samplaí a chur i láthair den chleachtas is fearr ó thaobh forbairt tuaithe de.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
97	Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnamh na gCriosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe (REDZ) chun an tionchar atá aige ar phobail tuaithe a mheas agus chun tacú le forbairt a dhéanamh ar ghlaonna ar thionscadail faoin scéim amach anseo.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
98	Tríd an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), tacú le fiontair shóisialta a bhunú agus a fhorbairt i gceantair thuaithe.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Pobal; Údaráis Áitiúla; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
99	Píosa sonrach taighde a choimisiúnú i dtaca leis an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar cheantair thuaithe, go háirithe na ceantair thuaithe i réigiún na Teorann.	Ráithe 1 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Coimisiún Forbartha an Iarthair
100	Forbairt agus foilsiú a dhéanamh ar Bheartas Náisiúnta um Fhiontraíocht Shóisialta ina gcuimseofar raon iomlán na gníomhaíochta san earnáil seo	Ráithe 3 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha
101	Ceapadh clár tionscnamh a chistiú chun méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar na hiarmhairtí praiticiúla a bheidh ag an mBreatimeacht do thrádáil trasteorann agus chun cur leis an gcumas atá acu déileáil leis na hiarmhairtí sin.	2017	IdirThrádáil Éireann
102	An clár beartaithe um oibreacha athchóirithe tí cúirte a chur i gcrích i seacht láthair trí infheistíocht €135m a dhéanamh thar thréimhse dhá bhliain, agus thart ar 700 duine á bhfostú le linn chéim na tógála.	2017	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
103	Leanúint leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a sholáthar thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lena n-áirítear cláir náisiúnta amhail Fiontraíocht Ghlas, Gnóthais Ghlasa, an Fáilteachas Glas, Cúram Sláinte Glas, Feirmeoireacht Níos Cliste agus 'Cosc na Dramhaíola Bia'.	Ar bhonn leanúnach	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
104	Leanúint le tacaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chur ar fáil do ghnóthais bheaga ar fud na tíre, lena n-áirítear comhairle a sholáthar tríd an suíomh Gréasáin www.seai.ie, chun cabhrú leo bheith níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus, ar an mbealach sin, bheith níos iomaíche agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.	Ar bhonn leanúnach	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údarás na Gaeltachta

Tacú le Fás Earnálacha

Is ann do dheiseanna ar leith i roinnt earnálacha maidir le fiontair a fhás agus poist a cruthú i gceantair thuaithe. Cé is moite den earnáil turasóireachta, a bpléitear léi mar Cholún ar leith faoin bPlean Gníomhaíochta seo, áirítear an earnáil Agraibhia, an earnáil Fuinnimh In-athnuaite agus an earnáil Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta leis na hearnálacha ag a bhfuil acmhainn láidir le haghaidh fáis i gceantair thuaithe.

Tá an earnáil agraibhia (a chuimsíonn bia mara) ríthábhachtach do cheantar tuaithe na hÉireann agus don gheilleagar náisiúnta araon. Tá thart ar 163,000 duine fostaithe sa tionscal agraibhia in Éirinn. Tá an déantúsaíocht bia agus dí freagrach as 12.7% d'onnmhairí iomlána marsantachta na hÉireann freisin. Is iad na mílte feirmeoir, iascaire agus cuideachta agraibhia ar fud na tíre a tháirgeann bia na hÉireann. Onnmhairítear chuig níos mó ná 175 thír ar fud an domhain ina dhiaidh sin é. Tugtar breac-chuntas in Food Wise 2025 ar phlean straitéiseach comhtháiteach le haghaidh fhorbairt na hearnála Agraibhia sna deich mbliana romhainn, rud a mbeidh tionchar dearfach suntasach aige ar fhostaíocht i gceantair thuaithe na hÉireann.

Tá roinnt láidreachtaí againn in Éirinn maidir le forbairt fuinnimh in-athnuaite a chothú, lena n-áirítear sáracmhainní in-athnuaite, scileanna láidre innealtóireachta agus TFC agus bonn láidir taighde agus forbartha. San fho-earnáil Bithgheilleagar atá ag teacht chun cinn, táirgtear acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite agus aistrítear na hacmhainní sin ina mbia, ina mbeatha, ina dtáirgí bithbhunaithe agus ina mbithfhuinneamh ina dhiaidh sin. Cuimsíonn an Bithgheilleagar talmhaíocht, foraoiseacht, bia iascaigh agus táirgeadh laín agus páipéir. Soláthraíonn an Bithgheilleagar toradh an-mhaith ar infheistíocht, agus luach breise ar fiú suas le deich Euro é á nginiúint le gach Euro a infheistítear ann. Má dhéantar forbairt bhreise ar an mBithgheilleagar in Éirinn, d'fhéadfaí cur le dícharbónú, le fás inbhuanaithe a bhaint amach agus le poist a chruthú sna hearnálacha talmhaíochta, tionsclaíocha agus teicneolaíochta i gceantair thuaithe.

Príomhchuspóir de chuid IFS 2020, straitéis an Rialtais le haghaidh na hearnála Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, is ea mealladh na bpost seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta chuig na réigiúin a spreagadh. Beidh tionchar dearfach aige sin ar gheilleagair thuaithe agus soláthróidh sé deiseanna fostaíochta do mhuintir na tuaithe. Is ann do dheiseanna freisin le saoráidí cúloifige do chuideachtaí seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a lonnú i gceantair thuaithe.

Tá sé mar aidhm leis na gníomhartha thíos tacú leis na hearnálacha tábhachtacha sin.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
An earnáil agraibhia			
105	Trí Food Wise 2025, tacú le poist bhreise a chruthú feadh an tslabhra soláthair ó leibhéal an táirgeora chuig forbairt táirgí ardleibhéil lena mbaineann luach breise (is é an sprioc atá againn 23,000 post a chruthú faoin mbliain 2025).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
106	Mar chuid de Food Wise 2025, luach na n-onnmhairí bia a tháirgtear go háitiúil a mhéadú, rud a thacóidh le geilleagair thuaithe agus chósta (is é an sprioc atá againn luach na n-onnmhairí a mhéadú faoi 85% go €19bn faoin mbliain 2025).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
107	Éifeachtacht an Chláir *Origin Green* a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur chun cinn mar uirlis thábhachtach margaíochta d'earnáil agraibhia na hÉireann.	2017-2020	Bord Bia; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Teagasc
108	Tacú le cohórt eile fiontraithe nua bia faoin gclár *Food Works*, agus tacaí *Food Works Plus* a cheapadh do na fiontraithe sin atá ag iarraidh a bhfiontar a shaothrú.	2017	Bord Bia; Fiontraíocht Éireann; Teagasc
109	Tacú le gnólachtaí nuathionscanta bia trí thionscnaimh a reáchtáil le miondíoltóirí, lena n-áirítear an *Food Academy Advance* le Musgrave SuperValu agus an clár *Taste Buds* le Tesco.	2017	Bord Bia

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
110	Tacú leis an earnáil agraibhia agus tríd an tionscal seirbhísí airgeadais chun a chinntiú go bhforbraítear táirgí airgeadais le haghaidh gach earnála feirmeoireachta sa tionscal	2017	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Airgeadais
111	An Clár Forbartha Bia Mara (2014-2020) a chur chun feidhme trí raon tacaí a chur ar fáil d'iascairí ionas gur féidir leo oiriúnú don Chombheartas Iascaigh nua, do phróiseáil bia mara, don dobharshaothrú, d'iascach cladaigh agus do Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
112	Tacaí don earnáil iascaireachta, don earnáil dobharshaothraithe agus don earnáil próiseála bia mara a chur chun feidhme faoi Chlár Oibríochtúil an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh; faoin bPlean Straitéiseach Náisiúnta le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe; agus faoin straitéis um Fheidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin.	2017	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Bord Iascaigh Mhara; Bord Bia; Fiontraíocht Éireann; Údarás na Gaeltachta
Fuinneamh In-athnuaite			
113	An Dréachtphlean Bithfhuinnimh a thabhairt i gcrích, rud lena mbainfear acmhainn na hearnála bithfhuinnimh amach agus lena cabhrófar le deiseanna fostaíochta a chruthú.	Ráithe 1 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
114	Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite a chruthú, rud a mbeidh sé mar aidhm leis infheistíocht i nginiúint leictreachais in-athnuaite a spreagadh ar bhealach costéifeachtúil agus tacú le fás geilleagrach agus le cruthú fostaíochta i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
115	Scéim tacaíochta um Dhreasachtaí Teasa In-athnuaite a chruthú, rud lena gcabhrófar leis an éileamh ar bhithmhais a mhéadú agus lena dtacófar le fás geilleagrach agus le fostaíocht i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ráithe 3 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
116	Measúnú bonnlíne a dhéanamh ar an leibhéal reatha de ghníomhaíocht bhithgheilleagair agus de dheiseanna bithgheilleagair ar fud na n-earnálacha éagsúla in Éirinn.	Ráithe 1 den bhliain 2017	Roinn an Taoisigh agus Ranna eile in earnálacha ábhartha
117	Seimineár comhairleach ar an mbithgheilleagar a reáchtáil le geallsealbhóirí tábhachtacha, lena n-áirítear na gníomhaireachtaí forbartha agus an earnáil phríobháideach.	Ráithe 1 den bhliain 2017	Roinn an Taoisigh agus Ranna eile in earnálacha ábhartha
118	Ráiteas Beartais ardleibhéil a ullmhú ar an mBithgheilleagar in Éirinn.	Ráithe 1 den bhliain 2017	Roinn an Taoisigh agus Ranna eile in earnálacha ábhartha

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta			
119	Na buntáistí iomaíocha agus oibriúcháin a bhaineann le láithreacha réigiúnacha do ghníomhaíochtaí seirbhísí idirnáisiúnta airgeadais nua agus reatha a thaispeáint mar chuid den Straitéis maidir le Seirbhísí Idirnáisiúnta Airgeadais 2020	Ar bhonn leanúnach	An tÚdarás Forbartha Tionscail; Geallsealbhóirí tionscail
120	Réimsí le haghaidh gníomhartha eile ag leibhéal réigiúnach a bhaineann le seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a shainaithint trí phróiseas na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist i gcomhairle le Fiontraíocht Éireann, leis an Údarás Forbartha Tionscail agus le geallsealbhóirí eile	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; an tÚdarás Forbartha Tionscail; Fiontraíocht Éireann, Coistí Cur Chun Feidhme

Scileanna agus Nuálaíocht

Sócmhainní tábhachtacha iad scileanna agus buanna ár bhfórsa saothair maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus le cabhrú le gnóthais Éireannacha leathnú, nuáil agus dul isteach i margaí nua. Beidh sé riachtanach, chun cuideachtaí a choinneáil iomaíoch, a chinntiú ar bhonn leanúnach go bhfuil ag an bhfórsa saothair na scileanna a n-éilíonn an lucht tionscail iad. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta seo, imreoidh na Fóraim Réigiúnacha Scileanna ról tábhachtach maidir leis na riachtanais shonracha scileanna a bhíonn ag fiontair ag leibhéal áitiúil a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Teastaíonn scileanna ag gach leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus is iad soláthraithe oideachais agus oiliúna a sholáthróidh iad, lena n-áirítear trí raon leathnaithe printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna (a soláthraíonn na Boird Oideachais agus Oiliúna iad go háitiúil) agus trí chúrsaí Ardoideachais. Tabharfar spreagadh do dhaltaí óga i gceantar tuaithe na hÉireann páirt a ghlacadh san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic trí chlár na Todhchaí Cliste atá á reáchtáil ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Is trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus trí Údarás na Gaeltachta a sholáthrófar tuilleadh beart arb é is aidhm leo taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, déanfaidh Údarás na Gaeltachta €1 mhilliún sa bhliain a chur ar fáil don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, rud atá dírithe ar oiliúint a chur ar Ghaeilgeoirí le haghaidh poist a fháil i seirbhísí aistriúcháin in Éirinn agus in institiúidí AE. Soláthróidh Teagasc oiliúint agus tacaí d'fheirmeoirí chun tacú le haistriú eolais agus chun deiseanna ioncaim lasmuigh den fheirm a fheabhsú.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
121	Trí na Fóraim Réigiúnacha Scileanna, dlúthchomhar a éascú idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus an lucht fiontair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta scileanna sna réigiúin, agus nasc áitiúil a chruthú le cur chun feidhme straitéisí eile, lena n-áirítear na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist agus Bealaí chun na hOibre.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Oideachais agus Scileanna; na Fóraim Réigiúnacha Scileanna
122	An líon daoine óga atá ag fáil rochtain ar fhostaíocht ina bpobal a mhéadú ach na nithe seo a dhéanamh: - na córais phrintíseachta agus chlár oiliúna a neartú - an raon cúrsaí a bhreisiú agus an líon áiteanna do mhic léinn a mhéadú - spriocanna an Rialtais a bhaint amach maidir le breis agus 100 scéim printíseachta a bhunú, agus an sprioc charnach go mbeadh 50,000 clárú printíseachta agus clár oiliúna ann go dtí an bhliain 2020 a bhaint amach	2017-2020	An Roinn Oideachais agus Scileanna

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
123	Méadú a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil d'fhágálaithe iar-mheánoideachais i gceantar tuaithe na hÉireann trí Phleananna Bliantúla Seirbhíse a chomhaontú le SOLAS agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith sin bunaithe ar spriocanna comhaontaithe cáilíochta agus feidhmíochta.	Ar bhonn leanúnach	SOLAS; Boird Oideachais agus Oiliúna; Institiúidí Ardoideachais; an Roinn Oideachais agus Scileanna
124	Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta a achtú chun bonn eolais a chur faoi shamhail nua ardoideachais in Éirinn, ionas go mbeidh naisc níos fearr ag na hinstitiúidí réigiúnacha sin leis an tionscal, go dtacóidh siad le fiontair, go gcuirfidh siad bonn taca faoin éagsúlacht agus go gcuirfidh siad rochtain agus rannpháirtíocht chun cinn ar bhonn réigiúnach d'fhonn méadú suntasach a dhéanamh ar an acmhainn atá againn poist a chruthú agus a choinneáil sna réigiúin.	2017	An Roinn Oideachais agus Scileanna; Institiúidí Teicneolaíochta is Iarrthóirí
125	Méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht daoine óga i gceantar tuaithe na hÉireann san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic trí Chlár na Todhchaí Cliste atá á reáchtáil ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, trí ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail a eagrú agus trí thacaíocht a thabhairt d'fhéilte réigiúnacha eolaíochta i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach ó ráithe 2 den bhliain 2018	Fondúireacht Eolaíochta Éireann
126	Tograí taighde a chistiú sa Talmhaíocht Chliste/san Fheirmeoireacht Bheacht chun feabhas a chur ar bhainistíocht feirme agus chun cáilíocht na beatha a mhéadú d'fheirmeoirí i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach	Fondúireacht Eolaíochta Éireann
127	Naisc a neartú idir Údarás na Gaeltachta agus Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna chun acmhainn a mhéadú sa réigiún Gaeltachta agus chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn.	Ar bhonn leanúnach	Údarás na Gaeltachta; Institiúidí Teicneolaíochta; Ollscoileanna
128	Naisc níos láidre a fhorbairt leis an diaspóra chun infheistíocht a rochtain, líonraí a bhunú agus scileanna agus taithí a fhoinsiú don cheantar Gaeltachta.	Ar bhonn leanúnach	Údarás na Gaeltachta
129	Oibriú le geallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun sainaithint a dhéanamh ar riachtanais oiliúna scileanna i scileanna traidisiúnta foirgníochta agus i gcaomhantas ailtireachta agus aghaidh a thabhairt orthu trí Phlean Gníomhaíochta um Scileanna Traidisiúnta Foirgníochta agus Oideachas Caomhantais a cheapadh agus a chur chun feidhme chun cabhrú le hathghiniúint ár gcathracha stairiúla, ár mbailte stairiúla agus ár sráidbhailte stairiúla.	2017-2018	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Oideachais agus Scileanna; SOLAS; Údaráis Áitiúla; Oifig na nOibreacha Poiblí; an Chomhairle Oidhreachta; Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
130	Aistriú agus malartú eolais chuig feirmeoirí a fheabhsú trí líonra a fhorbairt ar fud gach gníomhaireachta Stáit agus gach comhlachta chomhairligh ábhartha chun comhairle shoiléir a sholáthar faoi conas is féidir le feirmeoirí cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh a sholáthraíonn buntáistí comhshaoil agus buntáistí eacnamaíocha araon.	2017-2020	Teagasc; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Bord Bia

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
131	Cláir oiliúna agus oideachais d'fheirmeoirí a fhorbairt agus a sholáthar chun: - a chinntiú go gcuirtear na tacair scileanna chuí agus an t-eolas cuí i bhfeidhm ag gach céim d'fhorbairt ghnó an táirgeora tosaigh; agus - breisoiliúint a chur ar fáil d'fheirmeoirí, mar fhostóirí, i réimsí amhail cleachtais feirme a fheabhsú, baill foirne a fhostú agus freagrachtaí an fhostóra	Ar bhonn leanúnach	Teagasc
132	Leanúint leis an gclár 'Roghanna Breise' a fhorbairt agus a chur chun feidhme, rud a bhfuil sé mar aidhm leis giniúint ioncaim eisfheirme a fheabhsú d'fheirmeoirí agus le teaghlaigh feirme a nascadh le raon deiseanna foghlama a gcuireann gníomhaireachtaí eile iad ar fáil, lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oiliúna, na hOifigí Fiontair Áitiúil, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.	Ar bhonn leanúnach	Teagasc; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
133	Leanúint leis an suíomh Gréasáin www.opt-in.ie a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn (ar suíomh é a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le muintir na tuaithe teacht ar na modhanna agus ar na scileanna a theastaíonn chun a roghanna giniúna ioncaim a mhéadú). Tá an suíomh Gréasáin á thriail i Luimneach agus i dTiobraid Árann faoi láthair.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Teagasc
134	Thart ar €1m sa bhliain a chur ar fáil don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, rud atá dírithe ar oiliúint a chur ar Ghaeilgeoirí le haghaidh poist a fháil in institiúidí AE agus ar an earnáil saoraistriúcháin Ghaeilge sa tír seo a fhorbairt.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an earnáil oideachais 3ú leibhéal

Tacú le Cuardaitheoirí Poist faoin Tuath agus Ioncam a Chosaint

I gcomhthráth le fás fiontar agus fostaíochta a chur chun cinn i gceantar tuaithe na hÉireann, tá sé tábhachtach go dtacaímid le cuardaitheoirí poist agus teaghlaigh ísealioncaim faoin tuath, lena n-áirítear na teaghlaigh sin atá i bpobail feirmeoireachta agus iascaireachta.

Tairgeann an Roinn Coimirce Sóisialaí raon tacaí do chuardaitheoirí poist i bpobail tuaithe trína cuid oifigí Intreo agus trí scéimeanna éagsúla amhail an Scéim Shóisialta Tuaithe, an Scéim Fostaíochta Pobail agus Tús.

Ar na scéimeanna eile lena dtugtar tacaíocht do chuardaitheoirí poist agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste faoin tuath tá an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus bearta faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Tacófar le hinfheistíochtaí feirme agus iascaireachta agus le hioncam teaghlaigh trí chur chun feidhme a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar an gClár Forbartha Tuaithe. Chomh maith leis sin, tugadh roinnt tionscnaimh nua chánach isteach le Buiséad 2017 atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'ioncam feirmeoirí agus iascairí.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
135	Leanúint ar aghaidh ag tacú le cuardaitheoirí poist tríd an líonra d'oifigí áitiúla Intreo agus de chásoibrithe de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Coimirce Sóisialaí
136	Ullmhacht don obair a mhéadú agus tacú le daoine aonair fostaíocht agus féinfhostaíocht a rochtain tríd an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP).	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Pobal; Údaráis Áitiúla; Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
137	Athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar atá ag SICAP i gceantair thuaithe agus an t-athbhreithniú sin a bhreithniú i bhforbairt an leagain athdheartha de SICAP don bhliain 2018.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Pobal
138	Ciste na gCuntas Díomhaoin a úsáid chun tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha trí bhearta lena méadaítear an rochtain a bhíonn acu ar fhostaíocht.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
139	Athruithe a chur chun feidhme ar an Scéim um Chúnamh Feirme, mar a fógraíodh i gCáinaisnéis 2017, rud a mhéadóidh luach na n-íocaíochtaí seachtainiúla Cúnamh Feirme d'fheirmeoirí ísealioncaim, go háirithe dóibh siúd a bhfuil leanaí acu. Cinnteoidh sé sin go dtabharfar tacaíocht do theaghlaigh feirme feirmeoireacht ghníomhach a dhéanamh ar a dtalamh.	2017	An Roinn Coimirce Sóisialaí
140	Feachtas feasachta a fhorbairt agus a sheoladh i bpobail tuaithe chun aird a tharraingt ar an Scéim um Chúnamh Feirme agus ar an Scéim um Chúnamh Éisc.	2018	An Roinn Coimirce Sóisialaí
141	Athbhreithniú a dhéanamh, i dtús na bliana 2018, ar thionchar na n-athruithe a rinneadh ar an Scéim um Chúnamh Feirme, mar a fógraíodh i mBuiséad 2017, chun a chinntiú go bhfuil ag éirí leis an scéim dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh fheirmeoirí ar ísealioncam.	2018	An Roinn Coimirce Sóisialaí
142	Forálacha na scéimeanna amhail an Scéim Shóisialta Tuaithe, an Scéim Fostaíochta Pobail, an Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas agus Tús a choinneáil ar bun i bpobail tuaithe agus sa Ghaeltacht, ag féachaint don líon laghdaitheach daoine atá ar an gCáinaisnéis agus don ghá atá ann lena chinntiú go ndírítear na scéimeanna sin ar na riachtanais atá ag cuardaitheoirí poist agus ag daoine eile.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Coimirce Sóisialaí; Údarás na Gaeltachta
143	Oiliúint a chur i bhfeidhm mar chuid de Chlár AE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020, faoin snáithe dar teideal "mná ag filleadh ar an bhfórsa saothair", agus díriú ar leith á leagan ar mhná atá scoite ón margadh saothair faoi láthair agus ar mian leo dul i mbun fostaíochta den chéad uair/an athuair.	2017	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
144	Leanúint le tacú le hioncam feirme trí íocaíochtaí Comhbheartas Talmhaíochta is fiú breis agus €1.2 billiún sa bhliain a chur i bhfeidhm.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
145	Tacú le hinfheistíocht feirmeoireachta tríd an gClár Forbartha Tuaithe (CFT) (2014-2020) agus trí chistiú náisiúnta atá dírithe ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht a fheabhsú.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
146	An creidmheas cánach ar ioncam tuillte d'fheirmeoirí féinfhostaithe a mhéadú, mar a comhaontaíodh i gCáinaisnéis 2017.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Airgeadais
147	Tacú leis an Tionscnamh Rialtais chun (a) úsáid straitéiseach a bhaint as an gcóras cánachais chun tuilleadh soghluaisteacht talún, táirgiúlacht mhéadaithe agus tuilleadh brabúsachta a spreagadh ar leibhéal feirme; (b) fiosrú a dhéanamh ar bhearta cánachais atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí le linn tréimhsí luaineachta; (c) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhearta um léasú, comhpháirtíocht agus soghluaisteacht talún chun a chinntiú go dtacaítear leis an gcéad ghlúin eile d'fheirmeoirí agus go bhforbraítear an earnáil go straitéiseach le haghaidh fás amach anseo.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Airgeadais
148	Aschéimniú nua ar mheánú ioncaim d'fheirmeoirí a chur i bhfeidhm, mar a comhaontaíodh i gCáinaisnéis 2017. (Leis an gcóras Meánaithe Ioncaim, ceadaítear brabús inchánach an fheirmeora a mheánú thar thréimhse 5 bliana. Tá sé seo á leasú chun "rogha chun diúltú" a cheadú i mbliain amháin ina raibh ioncam íseal gan choinne ag an bhfeirmeoir, agus féadfar leas a bhaint as don bhliain chánach 2016).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Airgeadais
149	Creidmheasanna cánach nua d'iascairí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le hinmharthanacht na hearnála iascaireachta, mar a comhaontaíodh i gCáinaisnéis 2017 (féadfaidh iascairí a dhéanfaidh iasc nó sliogiasc fiáin a iascach ar feadh 80 lá ar a laghad i mbliain chánach creidmheas cánach €1,270 in aghaidh na bliana a éileamh).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Airgeadais
150	Faoiseamh Cáin Ghnóthachan Caipitiúil le haghaidh athstruchtúrú Feirme a fhadú go deireadh na bliana 2019, mar a comhaontaíodh i gCáinaisnéis 2017.	Ar siúl go deireadh na bliana 2019	An Roinn Airgeadais
151	Díolúine ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil a chur ar fáil le haghaidh íocaíochtaí atá déanta ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an 1 Deireadh Fómhair 2016 nó ina dhiaidh faoin scéim dhreasachta um Portaigh Ardaithe Chosanta a Athchóiriú, mar a comhaontaíodh i gCáinaisnéis 2017.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Airgeadais

03

Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe

Cás-staidéar

Turasóireacht Tuaithe a Uasmhéadú: Tionscnamh Suaitheanta na nGormbhealaí

Seoladh Tionscnamh Suaitheanta na nGormbhealaí i Meitheamh 2016 agus, mar thoradh air, tá turasóirí ag tabhairt cuairte ar cheantair thuaithe an Chabháin, Liatroma, an Longfoirt agus Ros Comáin trí bhíthin uiscebhealaí a cheanglaíonn 22 cheann de bhailte agus sráidbhailte ar ghormbhealach feadh na Sionainne agus feadh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Is ionann Gormbhealaí agus gréasán de rianta faofa, brandáilte ilghníomhaíochta ar aibhneacha agus ar chanálacha agus in aice leo, lenar féidir rochtain a fháil ar shaoráidí rothaíochta, siúil, canúála agus clár-chéaslóireachta feadh an bhealaigh.

Bhí gá le comhoibriú forleathan idir comhlachtaí poiblí, gnóthaí turasóireachta agus pobail áitiúla chun togra láidir turasóireachta a chruthú. Mar thoradh ar thionscadal Gheilleagar Todhchaí na Sionainne Uachtaraí/na hÉirne (USEFE) – is é sin, comhpháirtíocht idir na ceithre údarás áitiúla i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus tacaíocht á fáil ó Bhord na Móna agus ó BSL – tá comhordú déanta ar ghníomhaíochtaí forbartha agus margaithe táirgí. Bunaíodh USEFE chun léiriú a thabhairt ar an tslí inar féidir le forbairt faoi cheannas lucht gnó cabhair a thabhairt maidir le fás eacnamaíochta a ghiniúint agus poist a chruthú sa cheantar.

San iomlán, tairgeann Gormbhealaí na Sionainne agus na Sionainne-na hÉirne os cionn 200km de rianta céaslóireachta, os cionn 70km de rianta siúil agus os cionn 50km de rianta rothaíochta, agus iad ar fad suite gar in aice le cuid de na tírdhreacha abhann agus canála is áille dá bhfuil ann sa tír. Le clár REDZ an Rialtais cuireadh cúnamh ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar chumas na bpobal agus na ngnóthaí sna bailte agus sna sráidbhailte feadh an Ghormbhealaigh leas a bhaint as an acmhainn iomlán turasóireachta a bhaineann leis.

Seoladh Gormbhealach Suaitheanta REDZ Dé hAoine, an 24 Meitheamh 2016

Colún 3:

Ár nAcmhainn a Uasmhéadú maidir le Turasóireacht Tuaithe agus Áineas Tuaithe

Príomhchuspóirí:

- Líon na dturasóirí a thagann go hÉirinn a mhéadú faoi 12% faoin bhliain 2019.
- Tacú le poist inbhuanaithe trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta tuaithe, lena n-áirítear do thionscnaimh thábhachtacha mhargaíochta, amhail Sean-Oirthear na hÉireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin, agus acmhainn Thailte Locha na hÉireann a fhorbairt.
- Turasóireacht Ghníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn i gceantair thuaithe trí ghormbhealaí, glasbhealaí agus deiseanna áineasa eile a fhorbairt.
- Ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a fhorbairt agus a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh inár gceantair Ghaeltachta agus iad a fhorbairt agus trí thuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar ár bPáirceanna Náisiúnta agus ár nAnaclanna Dúlra agus ar acmhainní nádúrtha agus tógtha eile.

Tacú le Tionscnaimh spriocdhírithe Thurasóireachta Tuaithe

Ceann de na rudaí is mó a bhrúnn forbairt gheilleagrach chun cinn i gceantar tuaithe na hÉireann is ea an turasóireacht. Tá an cultúr, tírdhreach agus oidhreacht leithleach atá ag Éirinn ina mórphointe tarraingthe maidir le cuairteoirí eachtracha a mhealladh agus maidir le turasóireacht dhúchasach a chothú agus le stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn.

Tríd an mBeartas Turasóireachta dar teideal 'Daoine, Áit agus Beartas – Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025' agus tríd an bPlean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018, shocraigh an Rialtas spriocanna uaillmhianacha maidir le beartas turasóireachta do 2025. Áirítear leo sin ioncam ó chuairteoirí eachtracha a mhéadú go €5 billiún, an líon daoine atá i mbun oibre san earnáil turasóireachta a mhéadú go 250,000 duine (ó 200,000 duine faoi láthair) agus an líon cuairteanna ar Éirinn a mhéadú go 10 milliún cuairt. Thug 85% de na cuairteoirí ar Éirinn sa bhliain 2015 cuairt ar réigiún amháin ar a laghad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. De bharr an ioncaim a ghineann sé sin sna réigiúin, tá ról tábhachtach le himirt ag an turasóireacht i dtacú le poist inbhuanaithe agus le fás inbhuanaithe i gceantair thuaithe. Tacófar léi trí thionscnaimh spriocdhírithe thurasóireachta agus trí chineálacha comhordaithe cur chuige ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Is ann do dheiseanna freisin comhlántacht na n-earnálacha difriúla a úsáid chun eispéiris nua a thairiscint do chuairteoirí. D'fhéadfaí déanamh amhlaidh, mar shampla, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh thurasóireachta agraibhia nó trí thurasóireacht chultúrtha a fhorbairt sa Ghaeltacht. I measc na dtionscnamh eile a dtacófar leo tríd an bPlean Gníomhaíochta seo, bainfear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun eispéiris turasóirí a fheabhsú.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
152	An líon turasóirí i gceantair thuaithe a mhéadú go 8.3 milliún cuairt faoi 2019 tríd an bPlean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018 (méadú de 12%).	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Fáilte Éireann; Turasóireacht Éireann; Údaráis Áitiúla; Údarás na Gaeltachta
153	Staidéar indéantachta a dhéanamh ar fhorbairt bhranda 'Tailte Locha na hÉireann' mar thairiscint ar leith a bheidh le taobh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Shean-Oirthear na hÉireann.	Ráithe 1 den bhliain 2017	Fáilte Éireann; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Údaráis Áitiúla
154	Straitéis Infheistíochta agus Forbartha Turasóireachta a fhorbairt le haghaidh na Gaeltachta.	Ráithe 3 den bhliain 2017	Údarás na Gaeltachta; Fáilte Éireann; Oifig na nOibreacha Poiblí; Údaráis Áitiúla; Cuideachtaí Forbartha Áitiúla; Fiontair Phobail; Tionscnaimh Earnála Príobháidí
155	Tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do na húdaráis áitiúla maidir le straitéisí cuimsitheacha turasóireachta a fhorbairt agus tacú le cineálacha cuir chuige chomhoibríoch ar leibhéal an údaráis áitiúil agus an phobail.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Údaráis Áitiúla; Fáilte Éireann; Turasóireacht Éireann; Údarás na Gaeltachta
156	A chinntiú go nuashonraítear na tacaí atá ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí chun go mbeidh siad ag teacht le riachtanais athraitheacha mhargaidh – lena n-áirítear sainaithint a dhéanamh ar na príomhimeachtaí dúchasacha lena mbaineann an acmhainn is mó le haghaidh cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh agus séasúracht a fhritháireamh le tacaíocht ó chreat ilbhliantúil; agus athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe le haghaidh féilte réigiúnacha agus pobail chun an t-uasluach ar airgead a chinntiú ó thaobh cuairteoirí breise de.	Ráithe 4 den bhliain 2017	Fáilte Éireann; Údaráis Áitiúla; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
157	Tacú le rochtain dhíreach ar réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tríd an Scéim um Rochtain ar an Margadh Comhoibríoch Réigiúnach a fhadú go dtí an bhliain 2018. Is scéim í a chuireann rochtain aeir agus farraige chun cinn ar réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.	2017	Turasóireacht Éireann; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Údaráis Áitiúla
158	Éirchóid a chur ar áireamh i loingseoireacht satailíte agus in ardáin dhigiteacha mhapáil spásúlachta chun loingseoireacht a shimpliú i gceantair thuaithe agus feabhas a chur ar eispéireas an turasóra.	Ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
159	Tionscnaimh dhigitithe chultúrtha a fhorbairt chun buntairiscint turasóireachta na hÉireann a fheabhsú.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Oifig an Ard-Chláraitheora, an Leabharlann Náisiúnta agus an Chartlann Náisiúnta

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
160	Dul i mbun comhair le hionadaithe ó ghníomhaireachtaí Rialtais agus ó ghrúpaí deonacha gníomhaíochta d'fhonn mapáil spriocdhírithe turasóireachta a fhorbairt chun cabhrú le láithreacha turasóireachta faoin tuath a chur chun cinn.	Ar bhonn leanúnach	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
161	Éagsúlú na turasóireachta eachtraí ar Éirinn a luathú chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag laghdú féideartha ar chuairteanna ón mBreatain Mhór.	2017	Turasóireacht Éireann
162	Leanúint ar aghaidh ag forbairt turasóireacht Ghaeilge sa Ghaeltacht trí scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge in institiúidí idirnáisiúnta 3ú leibhéal.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; ollscoileanna idirnáisiúnta; Coimisiún Fulbright; Fondúireacht Ollscoile Éireann Cheanada
163	Tacú le tionscnaimh thurasóireachta Agraibhia a dtugann údaráis áitiúla fúthu, lena n-áirítear margaí áitiúla agus rianta bia agus dí.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
164	Tionscnaimh thurasóireachta trasteorann a fhorbairt chun tacú le hacmhainn turasóireachta réigiún na Teorann, agus forbairt á déanamh ar thionscadail amhail Glasbhealach Chanáil Uladh ó na Mullaí (Co. Mhuineacháin) go Coillidh Chanannáin (Co. Ard Mhacha), Glasbhealach Loch Cairlinn agus rianta liteartha stairiúla	Ar bhonn leanúnach	Údaráis áitiúla i gcomhar lena macasamhlacha ar an taobh eile den teorainn agus le páirtithe ábhartha eile
165	Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le ceantar tuaithe na hÉireann a chur chun cinn mar áit ar leith do choláistí sna SA ar mian leo foghlaim faoin tuath nó staidéar thar lear	Leanúnach	Connemara West Plc, comhlachtaí ábhartha eile
166	Cúnamh a chur ar fáil le haghaidh forbairt oileáin agus turasóireacht oileáin a chur chun cinn chun gur féidir lenár n-oileáin amach ón gcósta an leas is mó a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Fáilte Éireann; Údaráis Áitiúla

Turasóireacht Ghníomhaíochta a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn

Earnáil thábhachtach fáis ar fud an domhain is ea an turasóireacht eachtraíochta amuigh faoin spéir agus sainaithníodh í mar thosaíocht do thurasóireacht in Éirinn sna blianta atá le teacht. Is féidir le forbairt agus cur chun cinn na hearnála seo deiseanna fáis a chur ar fáil, go háirithe i gceantair thuaithe, trí chabhair a thabhairt do ghnóthais leas a bhaint as na sócmhainní turasóireachta ina gceantar ar bhealach inbhuanaithe chun tacú le gníomhaíochtaí áineasa amhail canúáil, rothaíocht, slatiascaireacht agus cnocadóireacht. Tugann na gníomhaíochtaí sin dreasachtaí nua do dhaoine cuairt a thabhairt ar cheantar agus is féidir leo próifíl nua cuairteora a mhealladh. Chomh maith leis sin, téann feabhsú agus forbairt na n-acmhainní sin chun tairbhe do phobail áitiúla trí stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn. Cabhróidh na gníomhartha atá leagtha amach thíos le tacaíocht a thabhairt do na haidhmeanna sin.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
167	Straitéis a fhorbairt chun buntacú le forbairt, cistiú agus cur chun feidhme na nGlasbhealaí d'fhonn tacú le turasóireacht ghníomhaíochta i gceantair thuaithe.	Ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Údaráis Áitiúla
168	Gormbhealaí (rianta gníomhaíochta ilchuspóra ar uisce nó in aice le huisce) a fhorbairt agus a chur chun cinn ar an gCanáil Ríoga, ar an gCanáil Mhór, ar an mBearú agus ar Loingseoireacht na Sionainne chun an tairiscint áineasa agus turasóireachta a mhéadú. Déanfar infheistíocht chaipitil €6m ina leith thar an tréimhse 2017-2019.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Uiscebhealaí Éireann; Fáilte Éireann
169	An bonneagar ar an gcóras loingseoireachta intíre agus feadh an chórais loingseoireachta intíre a fheabhsú chun tacú le gníomhaíocht mhéadaithe áineasa agus gheilleagrach i gceantar tuaithe na hÉireann.	2017-2019	Uiscebhealaí Éireann; Údaráis Áitiúla; Fáilte Éireann; Turasóireacht Éireann; Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla LEADER
170	Cistiú a chur ar fáil tríd an Scéim Áineasa Tuaithe le haghaidh bonneagar nua áineasa agus struchtúir atá ann cheana a choinneáil, rud as a ndéanfar poist a chruthú agus a choinneáil i gceantair thuaithe.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
171	Scéim Náisiúnta na Siúlóidí a leathnú d'fhonn líon na siúlóidí sa scéim a dhúbláil faoin mbliain 2019.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Comhairle na Tuaithe
172	Plean um Áiseanna Poiblí le haghaidh Áineas Amuigh faoin Spéir (PORA) a fhorbairt chun feabhas a chur ar sholáthar na saoráidí agus na seirbhísí áineasa amuigh faoin spéir ar thalamh faoi úinéireacht phoiblí agus ar uiscebhealaí sna cúig bliana romhainn, rud a d'fhéadfadh gníomhaíocht gheilleagrach a mhéadú faoi €142 mhilliún sa bhliain ar fud cheantar tuaithe na hÉireann.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Coillte; Oifig na nOibreacha Poiblí; Uiscebhealaí Éireann; Bord na Móna; Údaráis Áitiúla
173	Dul chun cinn a dhéanamh, mar chuid den PORA, ar chúig thionscadal shuaitheanta chomhoibríocha arb é is aidhm dóibh gníomhaíochtaí áineasa amuigh faoin spéir a fheabhsú chun an turasóireacht a bhrú chun cinn i gceantar tuaithe na hÉireann; is iad sin: - Ceann Scríbe Rothaíochta an Láir Tíre; - Tionscadal Suaitheanta Ghormbhealach na Bearú; - Braisle Chonamara, agus - Bunachar Sonraí Geografacha Spásúla	2017-2018	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Coillte; Oifig na nOibreacha Poiblí; Uiscebhealaí Éireann; Bord na Móna; Údaráis Áitiúla
174	A chinntiú go ndéantar mórthionscadail áineasa amuigh faoin spéir a chomhordú le gach príomhúinéir talún Stáit chun acmhainn na turasóireachta inbhuanaithe i gceantair thuaithe a uasmhéadú tríd an nGrúpa Idirghníomhaireachta um Áineas Amuigh faoin Spéir.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Uiscebhealaí Éireann; Oifig na nOibreacha Poiblí; Fáilte Éireann; Bord na Móna; Coillte

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
175	Dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nideoige amuigh faoin spéir a fhorbairt inár bPáirceanna Náisiúnta agus inár nAnaclanna Dúlra, agus leas á bhaint as na saintréithe uathúla dá gcuid a chabhróidh le turasóireacht inbhuanaithe a chruthú i gceantair thuaithe.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
176	Scéim a chomhaontú agus a chur chun feidhme le haghaidh úinéirí talún príobháidí a shlánú i dtaca le húsáideoirí áineasa a gcuid tailte.	Ar bhonn leanúnach ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát; Eagraíochtaí Feirmeoireachta
177	An dóigh a n-oibrítear struchtúir amhail Comhairle na Tuaithe a atheagrú chun a chinntiú go bhfuil na meicníochtaí is cuí/is éifeachtaí i bhfeidhm chun dul chun cinn a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le beartas áineasa tuaithe/le cur chun feidhme.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Comhairle na Tuaithe
178	An clár coinneála acmhainne nua maidir le turasóireacht faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a chur chun feidhme chun a chinntiú go gcoinnítear acmhainn an iascaigh intíre agus go leanann sí le buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil do phobail tuaithe.	Ar siúl go deireadh na bliana 2020	Iascach Intíre Éireann
179	Leanúint le Scéim Urraíochta bhliantúil Iascach Intíre Éireann a sholáthar chun cabhrú le pobail tuaithe dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le slatiascaireacht, le turasóireacht slatiascaireachta agus leis an gcomhshaol.	Gach bliain, 2017-2019	Iascach Intíre Éireann
180	An Scéim um Rochtain ar Mhionchaipiteal le haghaidh Slatiascaireachta faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a chur chun feidhme chun cabhrú le hacmhainn an iascaigh intíre a choinneáil.	Ar siúl go deireadh na bliana 2017	Iascach Intíre Éireann
181	Tairiscint turasóireachta slatiascaireachta na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtíortha thar lear chun turasóirí a mhealladh chuig ceantar tuaithe na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach	Iascach Intíre Éireann
182	An Scéim Oibreacha Caipitil faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta a chur i bhfeidhm chun cabhrú le hiascach intíre atá inrochtana, inbhuanaithe agus den chéad scoth a sholáthar.	2017-2018	Iascach Intíre Éireann
183	Leanúint le soláthar a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta Scoileanna *'Something Fishy'*, ar clár bliantúil de chuid Iascach Intíre Éireann é, chun eolas a thabhairt do dhaltaí faoi ábhair amhail éisc, uisce, slatiascaireacht agus an comhshaol ina gceantar áitiúil.	2017-2019	Iascach Intíre Éireann
184	Ábhar blag ar bhealaí siúil in Éirinn a eisiúint chun deiseanna áineasa amuigh faoin spéir a chur chun cinn.	Ar bhonn leanúnach	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
185	Tacú le tuairimí leanaí agus daoine óga a chur san áireamh tríd an Mol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga nuair atá deiseanna turasóireachta agus áineasa á bhforbairt	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha

Tacú lenár nOidhreacht Nádúrtha agus Thógtha agus í a Fhorbairt

Is ar an bpobal agus ar cheantar tuaithe na hÉireann atá éagsúlacht agus raon oidhreacht nádúrtha agus thógtha leithleach na hÉireann bunaithe. Cabhraíonn cosaint agus cur chun cinn ár sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha le fostaíocht agus ioncam a ghiniúint do cheantar tuaithe na hÉireann trí thurasóireacht chultúrtha agus oidhreachta. Comhlíonann ár suíomhanna oidhreachta ról tábhachtach maidir le turasóirí eachtracha a mhealladh agus le freastal ar an lucht saoire intíre. Tá na sócmhainní sin scaipthe ar fud na tíre agus is féidir leo deiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta a chur ar fáil do phobail tuaithe, rud a chabhraíonn le forbairt réigiúnach chothromaithe. Rinneadh méid suntasach infheistíochta i bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra na hÉireann agus cuirfidh forbairt leantach na sócmhainní sin agus ár sócmhainní oidhreachta tógtha go mór lenár dtairiscint turasóireachta a fheabhsú agus le forbairt dhearfach ár bpobal tuaithe.

Tá gníomhartha arb é is aidhm dóibh tacú le forbairt ár n-oidhreachta nádúrtha agus tógtha leagtha amach thíos.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
186	Na sé cinn de Pháirceanna Náisiúnta agus d'Anaclanna Dúlra in Éirinn a fhorbairt, i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile Stáit, trí chlár caipitil ab fhiú €10 milliún thar 4 bliana chun tacú le tionscnaimh mhargaíochta amhail Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann trí chlár caipitil arb é is aidhm dó an líonra conairí a fhorbairt agus an t-eispéireas do chuairteoirí a fheabhsú chun turasóireacht inbhuanaithe a bhrú chun cinn i gceantair thuaithe.	Ar bhonn leanúnach ó ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Fáilte Éireann
187	Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le gníomhaíochtaí nua turasóireachta agus áineasa a fhorbairt i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna, lena n-áirítear Páirc Náisiúnta Tailte Móna agus ionad barr feabhais a bhreithniú.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
188	Plean Náisiúnta Oidhreachta nuashonraithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Chomhairle Oidhreachta
189	Clár a chomhordú le haghaidh cheantair ardtalún na hÉireann a bhainistiú, agus leathnú á dhéanamh ar an treoirchlár a rinneadh i gContae Chill Mhantáin cheana féin.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
190	Dul chun cinn a dhéanamh ar láithreáin bhreise a chur faoi bhráid Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) lena gcur ar áireamh sa liosta de Láithreáin Oidhreachta Domhanda in Éirinn, rud a chabhróidh le turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt agus lenár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chaomhnú.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
191	Leanúint le cur i bhfeidhm an chláir infheistíochta i láithreáin oidhreachta an Stáit d'fhonn acmhainn turasóireachta ár láithreán oidhreachta a fhorbairt agus cabhrú le deiseanna fostaíochta áitiúla a chruthú i dtionscail a bhaineann leis an turasóireacht.	Ar bhonn leanúnach	Oifig na nOibreacha Poiblí; Fáilte Éireann; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
192	Dul i mbun oibre, mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Infheistíochta Turasóireachta 2016-2021 ó Fháilte Éireann, chun straitéis léirmhínitheach a cheapadh le haghaidh Suíomhanna tábhachtacha Oidhreachta Stáit d'fhonn tuilleadh fostaíochta san earnáil turasóireachta a spreagadh, lena n-áirítear sna ceantair thuaithe a gclúdaíonn Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirthear na hÉireann iad.	2017-2021	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Fáilte Éireann; Oifig na nOibreacha Poiblí
193	A spreagadh go ndéanfar caipiteal príobháideach a infheistiú i dtionscadail dlúthshaothair chun déanmhais stairiúla faoi úinéireacht phoiblí/phríobháideach a chaomhnú trí Chiste na nDéanmhas Oidhreachta Tógtha i mBaol, ar ciste é a mbeidh cistiú meaitseála is fiú thart ar €2.4m ar fáil dó idir 2017 agus 2019.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
194	Tacú le turasóireacht chaomhantais agus oidhreachta a fhorbairt i gceantair thuaithe tríd an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail, ina ndéanfar infheistíocht mheasta €2.5m idir 2017 agus 2019.	2017 -2019	An Chomhairle Oidhreachta
195	Próifíl ár n-oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha, agus an rochtain atá uirthi, a ardú ar fud na tíre tríd an tSeachtain Oidhreachta a chur i bhfeidhm, rud a chabhróidh linn ár sócmhainní uathúla oidhreachta a chaomhnú.	2017-2019	An Chomhairle Oidhreachta; Údaráis Áitiúla
196	Infheistíocht a dhéanamh inár mbailte stairiúla trí Thionscnamh na mBailte Stairiúla chun turasóireacht a spreagadh, scileanna traidisiúnta foirgníochta a chothú agus bailte stairiúla a athghiniúint.	Ar bhonn leanúnach	An Chomhairle Oidhreachta; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
197	Caomhnú agus athúsáid na réadmhaoine stairiúla agus ligean do thurasóirí a spreagadh i bpobail tuaithe.	Ar bhonn leanúnach	Iontaobhas Chríoch-Chomharthaí na hÉireann
198	An Plean Gníomhaíochta do Thithe Stairiúla Éireannacha a chur chun feidhme chun cabhrú le Tithe Stairiúla Éireannacha a chur chun cinn agus a fhorbairt mar ionaid fostaíochta, turasóireachta agus nuálaíochta.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
199	Tacú le Gréasán Bailte Múrtha na hÉireann chun a chinntiú go ndéantar sócmhainní oidhreachta den sórt sin a bhainistiú agus a chaomhnú go cuí mar shócmhainn turasóireachta don cheantar ina bhfuil siad suite.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Chomhairle Oidhreachta; Údaráis Áitiúla
200	Beochan agus léirmhíniú ag suíomhanna tábhachtacha oidhreachta a fheabhsú agus líonraí agus rianta atá ann cheana a bhreisiú trí shuíomhanna agus ábhair sa bhreis a sholáthar chun eispéiris nua do chuairteoirí a chruthú.	2017-2020	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Uiscebhealaí Éireann

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
201	Féachaint le naisc idirnáisiúnta a chruthú le suíomhanna tábhachtacha mainistreach agus stairiúla chun níos mó cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh mar chuid de ghréasáin oidhreachta, chultúrtha agus eaglasta uile-Eorpacha.	2017-2020	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Údaráis Áitiúla
202	Ceapadh a dhéanamh, i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Tírdhreacha, ar ghníomhartha tiomnaithe a chabhraíonn le cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar shaintréithe tírdhreacha náisiúnta na hÉireann ó thaobh treoirscéimeanna bainistíochta, fostaíochta, turasóireachta agus nuálaíochta de.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

04

An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe

Cás-staidéar

Cultúr agus Cruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe: Lights in the Darkness

Is ionann Lights in the Darkness – Suiteáil Lóchrann agus sampla iontach de thionscadal Ealaíne Pobail i gceantar tuaithe in Éirinn. Ba é a bhí sa tsuiteáil ná 50 lóchrann dhealbhacha ar déanamh fear, ban agus leanaí a leagadh amach in áiteanna éagsúla i mbaile an Longfoirt. Chuathas i mbun an tionscadail mar chuid de chlár imeachtaí an Longfoirt chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916 agus ba é ab aidhm do na lóchrainn dhealbhacha a bhí ann sa tsuiteáil ná siombalú a dhéanamh i leith gach duine a fuair bás, nó a gortaíodh, i rith imeachta 1916 agus ómós a thabhairt do na daoine sin.

Grianghraf le Tom Meskell ina dtaispeántar rannpháirtí ag obair ar cheann de na lóchrainn dhealbhacha.

Cuireadh an tionscadal seo i láthair an phobail i rith Dheireadh Seachtaine Cuimhneacháin 1916 i gCo. an Longfoirt i mí Aibreáin 2016 agus bhí 5,000 duine i láthair as áiteanna in Éirinn agus thar lear, lena n-áirítear ionadaithe as nascbhailte an Longfoirt, is é sin le rá, Sparks Nevada, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus Noyal Chatillon-sur Seiche, i mBriotáin na Fraince. Ba é a bhí i gceannas ar an tionscadal seo ná ealaíontóir pobail darb ainm Tom Meskell, garmhac Patrick Doyle a bhí i measc na 15 dhuine as an Longfort a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca.

Chun fís Tom a bhaint amach, chabhraigh os cionn 100 duine as raon leathan grúpaí pobail agus meánscoileanna sa chontae chun na lóchrainn dhealbhacha a chruthú trí shraith ceardlann in ionaid éagsúla ar fud an Longfoirt thar thréimhse dhá mhí. Bhí an iarracht chomhoibríoch phobail sin ina cabhair maidir le meon úinéireachta a chothú i leith an tionscadail agus a aidhmeanna agus tugadh léargas nua-aimseartha ar chomóradh an trátha cinniúnaigh sin i stair na tíre trí leas a bhaint as tionchair nua chultúrtha agus eitneacha.

Lights in the Darkness – suiteáil Lóchrann le Tom Meskill

Colún 4:

An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Chothú i bPobail Tuaithe

Príomhchuspóirí:

- Rochtain ar na healaíona a mhéadú agus saoráidí cultúrtha a fheabhsú i bpobail tuaithe.
- An cultúr agus an chruthaitheacht a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh i gceantar tuaithe na hÉireann trí fhoirne cultúir agus mhoil chruthaitheachta a bhunú mar chuid den chlár 'Éire Ildánach'.
- An Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach i bpobail Ghaeltachta agus i bpobail tuaithe eile.

Rochtain ar na healaíona a mhéadú i bpobail tuaithe

Is ar roinnt mhaith bealaí, lena n-áirítear trí shláinte agus fholláine daoine a fheabhsú, a shaibhrítear an tsochaí leis na foirmeacha go léir de rochtain ar na healaíona. Tá saol ealaíon a bhfuil borradh faoi ag roinnt mhaith pobail tuaithe ar fud na hÉireann agus tá sé tábhachtach go bhfeabhsaítear saoráidí agus sócmhainní i gceantair thuaithe chun creatlach shóisialta shaol na tuaithe a neartú. Is é an aidhm atá le Cultúr 2025, an dréacht-Chreatbheartas Cultúir, an rannpháirtíocht i measc daoine aonair agus pobal ar fud na hÉireann, lena n-áirítear pobail tuaithe, a mhéadú agus cuirfear ardán ar fáil leis le haghaidh an iomad eintiteas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta cultúir a thabhairt le chéile d'fhonn an dea-chleachtas a chomhroinnt agus sineirgí idir na líonraí sin a fhorbairt. Cabhróidh na gníomhartha thíos le rochtain ar na healaíona i ngach foirm a mhéadú do phobail tuaithe.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
203	Scéim nua deontas beag a chur i bhfeidhm, rud lena soláthrófar uasghráduithe riachtanacha ar na hionaid réigiúnacha ealaíon agus chultúir atá ann cheana d'fhonn tacú le hathbheochan na hearnála cultúir i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
204	Tacaí cistiúcháin le músaeim réigiúnacha ar fud na tíre a mhéadú, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag muintir na tuaithe ar ár n-oidhreacht chultúrtha.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
205	Rochtain do phobail tuaithe ar ár mBailiúcháin Náisiúnta a éascú trí iasachtaí breise saothar ealaíne idir ár bhForais Chultúir Náisiúnta agus ár músaeim réigiúnacha a sholáthar.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
206	Infheistíocht a mhéadú go €1.4m sa bhliain 2017 agus í a mhéadú gach bliain ina dhiaidh sin tríd an Scéim de chuid na Comhairle Ealaíon dar teideal 'Camchuairt agus Scaipeadh Saothair' chun tacú le léiriúcháin ghairmiúla den scoth dul ar camchuairt chuig ionaid ar fud na hÉireann, rud a mhéadóidh rochtain ar na healaíona do phobail tuaithe.	2017-2019	An Chomhairle Ealaíon

207	Clár nua a thabhairt isteach sa bhliain 2018 mar chuid den Chreat le haghaidh Comhair le Rialtas Áitiúil, ar clár é lena ndéanfar dul chun cinn sonrach ar an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga, ar an ilchineálacht chultúrtha agus ar ealaíona agus míchumas.	2018	An Chomhairle Ealaíon; Údaráis Áitiúla
208	Méadú a dhéanamh ar ár n-infheistíocht i bhféilte beaga, rud is fiú breis agus €1m sa bhliain 2017, chun tacú le tuilleadh rannpháirtíochta sna healaíona ar fud na tíre.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Chomhairle Ealaíon
209	Cúnamh deontais €0.48m a chur ar fáil chun amharclann a athchóiriú agus a fhorbairt i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, d'fhonn áit oiriúnach a chur ar fáil le haghaidh amharclannaíocht Ghaeilge a fhorbairt san Iarthuaisceart.	2017-2018	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

An Cultúr agus an Chruthaitheacht a Fheabhsú i gCeantar Tuaithe na hÉireann

Tá stair gníomhaíochta cultúrtha láidre ag pobail tuaithe trí fhéilte áitiúla, trí dhrámaíocht amaitéarach agus trí cheol. Tá sé tábhachtach go dtacaítear le rannpháirtíocht chultúrtha go gníomhach i bpobail tuaithe mar bhealach chun dul i ngleic le scoiteacht tuaithe, cur le beogacht cheantar tuaithe na hÉireann agus í a fheabhsú agus gníomhaíocht gheilleagrach a ghiniúint, mar shampla trí thurasóireacht chultúrtha.

Is é is an clár 'Éire Ildánach' de chuid an Rialtais ann ná tionscnamh cúig bliana a bheidh ar siúl ó 2017 go 2022 lena ndíreofar ar an gcruthaitheacht mar chuid lárnach den bheartas poiblí. Is é an aidhm atá leis folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre a chur chun cinn trí chlár cultúir. Cuirfidh an-chuid de ghníomhartha an chláir, atá luaite thíos, le hearnáil bheoga cultúir a chruthú agus tacóidh siad leis an gcruthaitheacht a chothú i gceantar tuaithe na hÉireann. Áirítear leis na gníomhartha sin líonra náisiúnta d'fhoirne cultúir agus de mhoil chruthaitheachta a fhorbairt chun gníomhaíochtaí cultúrtha a chomhordú i ngach ceantar údaráis áitiúil; dámhachtain bhliantúil um Chontae an Chultúir a bhunú; agus plean náisiúnta a fhorbairt chun cur ar chumas gach linbh in Éirinn teagasc i gceol, drámaíocht, ealaín agus códú a rochtain.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
210	Líonra náisiúnta d'fhoirne cultúir agus de mhoil chruthaitheachta a fhorbairt mar chuid den chlár 'Éire Ildánach' chun gníomhaíochtaí cultúrtha a chomhordú i ngach ceantar údaráis áitiúil. Rachaidh sé sin chun tairbhe ar leith do phobail tuaithe, a dtabharfar spreagadh dóibh páirt a ghlacadh sa chultúr ina bpobal féin.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla; Forais Chultúir Náisiúnta; an Chomhairle Ealaíon; an Chomhairle Oidhreachta; Údarás na Gaeltachta
211	Plean Cultúir agus Cruthaitheachta a fhorbairt i ngach contae mar chuid den chlár 'Éire Ildánach'.	Deireadh na bliana 2017	Údaráis Áitiúla; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
212	Buiséad tiomnaithe a leithdháileadh ar gach údarás áitiúil, agus é mar chuspóir aige rannpháirtíocht na saoránach ina bPleananna Cultúir agus Cruthaitheachta a mhéadú.	2018	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
213	I gcomhpháirt leis an Rialtas Áitiúil, Clár Áiteanna Cruthaitheacha nua a chur i bhfeidhm ina mbainfear leas as saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon chun beocht a chur i bpobail, go háirithe i gceantair thuaithe.	Ráithe 4 den bhliain 2017	An Chomhairle Ealaíon

214	Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh mar chuid den chlár 'Éire Ildánach' ar Chruinniú na Cásca, ar clár bliantúil um ghníomhaíochtaí ealaíon agus léiriú cultúrtha é a bheidh ar siúl fud fad na hÉireann le linn dheireadh seachtaine na Cásca agus a mbeidh tionchar dearfach aige ar ghníomhaíochtaí cultúir agus ealaíon i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
215	Dámhachtain bhliantúil um Chontae an Chultúir a bhunú agus tacaíocht a thabhairt di mar chuid den chlár 'Éire Ildánach'. Tabharfaidh sé sin deis do chontaetha aonair a gcruthaitheacht chultúrtha a thaispeáint thar thréimhse 12 mhí.	Ón mbliain 2018 ar aghaidh	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
216	Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais cheantar tuaithe na hÉireann maidir le forbairt an chláir infheistíochta caipitil cúig bliana le haghaidh na hearnála cultúir agus oidhreachta.	Deireadh na bliana 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
217	Plean náisiúnta a fhorbairt chun cur ar chumas gach linbh in Éirinn teagasc i gceol, drámaíocht, ealaín agus códú a rochtain.	Deireadh na bliana 2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
218	Cistiú d'údaráis áitiúla ar fud na tíre a mhéadú le go mbeidh siad in ann eispéireas feabhsaithe oíche chultúir a chur ar fáil a rachaidh chun tairbhe ar leith do phobail tuaithe.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
219	Cur chun feidhme a dhéanamh ar Chairt na nEalaíon san Oideachas, ar comhthionscnamh de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus na Roinne Oideachais agus Scileanna é, chun a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr ann i ngach scoil ar fud na tíre.	Ar bhonn leanúnach	An Chomhairle Ealaíon; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Oideachais agus Scileanna
220	Comhaontuithe foirmiúla a thabhairt isteach le hÚdaráis Áitiúla aonair ón mbliain 2017 i leith chun cabhrú le freagrachtaí comhroinnte agus aonair a shoiléiriú maidir le pleanáil réigiúnach agus áitiúil agus le dearcadh náisiúnta na Comhairle Ealaíon.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	An Chomhairle Ealaíon; Údaráis Áitiúla
221	Straitéis Ealaíon chomhtháite a fhorbairt le haghaidh Ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le Foras na Gaeilge, le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Foras na Gaeilge; Údarás na Gaeltachta
222	Cistiú iomaíoch a chur ar fáil do shaothar ealaíne poiblí lena bhfeabhsaítear spásanna poiblí agus lena léirítear cultúr agus saintréithe an bhaile nó an réigiúin, mar chuid den Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte	2017-2020	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla

An Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn thábhachtach

Tá an Ghaeilge ina cuid ríthábhachtach d'oidhreacht bheo an Stáit agus ina hacmhainn nádúrtha thábhachtach de chuid na Gaeltachta.

Is ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta atá an fhreagracht fhoriomlán as cur chun feidhme na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, ar straitéis í lena ndéantar cur chun cinn ar chur chuige iomlánaíoch comhtháite i leith na teanga atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cuid thábhachtach den Straitéis atá i gcur chun feidhme an

phróisis phleanála teanga i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge, mar atá leagtha amach faoi Acht na Gaeltachta 2012, mar aon leis an tacaíocht agus an infheistíocht leanúnach i mbonneagar pobail agus teanga i gceantair Ghaeltachta. Cabhróidh na gníomhartha thíos tuilleadh lenár dteanga a chothú mar acmhainn thábhachtach, go háirithe i bpobail Ghaeltachta.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
223	Dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phróisis Phleanála Teanga trí chistiú, comhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil d'fhonn an Ghaeilge a chothú mar acmhainn thábhachtach i gceantair Ghaeltachta.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údarás na Gaeltachta; eagraíochtaí pobalbhunaithe
224	Leanúint ar aghaidh ag tacú le bonneagar teanga agus pobail na Gaeltachta agus infheistíocht a dhéanamh ann trí bhíthin raon leathan scéimeanna, beart agus tionscnamh (caipitil agus reatha) atá á riar ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi láthair. Áirítear leis na Scéimeanna sin: - Clár Caipitil chun saoráidí pobail a fhorbairt - Scéim Chúnaimh Ghaeilge - An Clár Tacaíochta Teaghlaigh - Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile - Campaí samhraidh sa Ghaeltacht - Cúnamh d'Eagraíochtaí Gaeltachta	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
225	An Tionscnamh Techspace as Gaeilge, atá ar bun i réigiún Chonnacht faoi láthair, a chur i bhfeidhm sna réigiúin go léir eile.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
226	An Dioplóma sa Chultúr Dúchais a chur i bhfeidhm chun acmhainn an phobail a mhéadú trí fhorbairt na turasóireachta agus trí fhorbairt ghairmiúil d'Oifigigh Oidhreachta sa Ghaeltacht.	Ar bhonn leanúnach	Údarás na Gaeltachta; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
227	Cistiú a chur ar fáil d'Ealaíon na Gaeltachta Teo. chun an chruthaitheacht agus na healaíona a chothú sa Ghaeltacht.	2017-2019	Údarás na Gaeltachta; an Chomhairle Ealaíon; agus gníomhaireachtaí ábhartha eile
228	Leanúint le tacú le forbairt na turasóireachta cultúrtha sa Ghaeltacht trí Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge a riar.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
229	Scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na bhFéilte agus Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, a chur chun feidhme chun an cultúr agus an chruthaitheacht a chothú.	Ar bhonn leanúnach	Foras na Gaeilge
230	Cur chun feidhme a dhéanamh ar scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail campaí samhraidh agus imeachtaí speisialta don ógra, lena bhforbrófar acmhainn na ndaoine óga sa phobal Gaeilge.	Ar bhonn leanúnach	Foras na Gaeilge
231	Leanúint le tacaíocht a thabhairt do na trí Ionad For-rochtana de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gceantair Ghaeltachta (Gaoth Dobhair, Carna agus an Cheathrú Rua) chun deiseanna oideachais trí Ghaeilge a choinneáil ar bun ag leibhéal áitiúil.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

05

Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú



Cás-staidéir

Bonneagar agus Cruthaitheacht Tuaithe a Fheabhsú: Mol Ludgate

I Mol Ludgate sa Sciobairín, Co. Chorcaí, atá ainmnithe as Percy Ludgate, ceannródaí ríomhaireachta a rugadh sa bhaile sa bhliain 1833, tugtar spléachadh iontach ar an tslí ina dtairbheoidh ceantair thuaithe in Éirinn as Plean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais nuair a chuirfear i gcrích go hiomlán é.

Is é atá i Mol Ludgate ná mol digiteach 10,000 tr. c. a mhaíonn as nascacht 1,000MB agus atá suite i seanfhoirgneamh pictiúrlainne agus báicéireachta. Osclaíodh an mol i mí Lúil 2016 agus is é an chéad acmhainn dá chineál é atá suite i gceantar neamhuirbeach in Éirinn. Luann gnóthaí a oibríonn sa mhol "an luas leathanbhanda gan sárú" mar phríomhchúis le hoibríochtaí a lonnú ansin agus oibríonn na háititheoirí i dtimpeallacht oibre de chineál comhoibríoch cruthaitheach.

Is é atá i bhfís fhadtéarmach an bhoird a rialaíonn oibríochtaí an mhoil ná an Sciobairín a bhunú mar phríomhláthair do chuideachtaí nua teicneolaíochta agus do chuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta. I dtaca leis sin de, is é is aidhm don tionscnamh gníomhaíocht suas go 75 fhiontraí dhigiteacha a éascú d'fhonn os cionn 500 post díreach agus 1000 post neamhdhíreach a chruthú i gceantar Iarthar Chorcaí faoin mbliain 2020. Le himeacht aimsire, déanfar na léargais a gheofar mar thoradh ar bhunú Mhol Ludgate a chomhroinnt le ceantair thuaithe eile chun cabhrú le forbairt tuaithe a ghiniúint ar scála níos mó.

Pictiúr: Mol Ludgate, an Sciobairín, Co. Chorcaí (Mol Ludgate)

Colún 5:

Bonneagar agus Nascacht Tuaithe a Fheabhsú

Príomhchuspóirí:

- Leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh in Éirinn tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm agus rochtain fón póca a fheabhsú i gceantair thuaithe.
- Naisc iompair tuaithe a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí, trí thacaíocht a thabhairt dár n-aerfoirt réigiúnacha agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar tuaithe.
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta faoisimh thuile agus ar bhearta eile bainistíochta úsáide talún chun ár mbonneagar tuaithe a chosaint.

An Plean Infheistíochta Caipitil 2016-2021

Creat le haghaidh infheistíochta i mbonneagar in Éirinn sa tréimhse 2016 go 2021 atá sa Phlean Infheistíochta Caipitil de chuid an Rialtais. Is fiú €42 billiún an Plean. An chuid Státchiste €27 billiún den Phlean Caipitil, a bhfuil céim nua €500 milliún den chlár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí ag cur léi, tá sí dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais tosaíochta sna réimsí seo: iompar, oideachas, tithíocht agus cúram sláinte. Déanfar infheistíochtaí freisin chun rioscaí tuile a mhaolú.

Is iad na cuideachtaí Stáit, lena n-áirítear BSL, Uisce Éireann agus Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo) a sholáthróidh an chomhpháirt neamh-Státchiste €14.5 billiún den Phlean Caipitil. Díreofar na hinfheistíochtaí sin go príomha ar fhorbairt bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite agus méadrú cliste, agus ar fheabhas a chur ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce. Beidh tionchar ag an bPlean Infheistíochta Caipitil ar gach ceantar d'Éirinn agus déantar tagairt sa Phlean do thionscadail shonracha a rachaidh chun tairbhe do cheantar tuaithe na hÉireann. Chun críche an Phlean Gníomhaíochta seo um Fhorbairt Tuaithe, leagadh béim ar thrí shaincheist tosaíochta a bhaineann le nascacht tuaithe a tháinig chun cinn sa phróiseas comhairliúcháin. Is bearta leathanbhanda, iompair thuaithe agus faoisimh thuile iad seo.

Rochtain Leathanbhanda agus Fón Póca

Is é aidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda aghaidh dheifnídeach a thabhairt ar na dúshláin nascachta atá ag Éirinn trína chinntiú go bhfuil rochtain ag gach áitreabh sa tír ar sheirbhísí ardluais. Tá leathanbhanda ina bhunriachtanas maidir le rathúnas geilleagrach agus le forbairt shóisialta. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Stát faoi láthair ar an bpróiseas soláthair le haghaidh na seirbhíse. Le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, cuirfear Éire ar thús cadhnaíochta ar domhan ó thaobh nascachta de. Is é a dhéanfaidh sé go bunúsach ná deireadh a chur leis an scoilt idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe trí rochtain a thabhairt do ghnóthais agus do theaghlaigh faoin tuath ar theicneolaíocht nach bhfuil fáil leathan uirthi inár gcuid bailte agus cathracha san am i láthair.

Is ionann cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus ceann de na hinfheistíochtaí aonair is mó a rinneadh i gceantar tuaithe na hÉireann le roinnt mhaith blianta anuas agus cuirfear ar chumas pobal agus gnóthas i gceantair thuaithe dul in iomaíocht go héifeachtach agus a lánchumas a bhaint amach. Cé gur de réir a chéile a chuirfear an Plean i bhfeidhm, rachaidh an Rialtas i mbun birt láithreach chun cur i bhfeidhm an leathanbhanda agus feabhsuithe ar ghlacadh fón póca a luathú agus a éascú i gceantair thuaithe trí na moltaí sa tuarascáil ón Tascfhórsa um Rochtain Fón Póca agus Leathanbhanda a chur chun feidhme4.

4. Féach: http://dccae.gov.ie/communications/Lists/Publications%20Documents/Taskforce%20Report.pdf

Ní hé amháin go gclúdaíonn na gníomhartha atá leagtha amach thíos cur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, clúdaíonn siad freisin na hullmhúcháin lena chur i bhfeidhm, agus breac-chuntas á thabhairt ar chur chuige an Rialtais maidir le constaicí féideartha ar oibreacha a shárú agus maidir lena chinntiú go bhfuil pobail tuaithe in ann leas a bhaint as rochtain iomlán ar an timpeallacht dhigiteach.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
232	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur chun feidhme chun leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do gach áitreabh in Éirinn.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
233	Grúpa Forfheidhmithe a bhunú chun brú chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar na moltaí sa tuarascáil ón Tascfhórsa um Rochtain Fón Póca agus Leathanbhanda a chur chun feidhme d'fhonn luas a chur faoi chur i bhfeidhm na rochtana bonneagar leathanbhanda agus fón póca i gceantar tuaithe na hÉireann.	Ráithe 1 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
234	Dul i mbun comhair le húdaráis áitiúla chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh rochtain luath ar leathanbhanda ardluais do phobail tuaithe in Éirinn agus í a éascú trí bhacainní a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus trí Mhoil Straitéiseacha Rochtana Pobail a chur i bhfeidhm ar fud na hÉireann.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údaráis Áitiúla
235	Oifigeach a shannadh ar a bhfuil freagracht as leathanbhanda i ngach ceantar údaráis áitiúil agus a ghníomhóidh mar theagmhálaí aonair le haghaidh oibritheoirí teileachumarsáide atá ag forbairt bonneagar leathanbhanda	Ráithe 1 den bhliain 2017	Údaráis Áitiúla; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
236	Straitéisí Áitiúla Digiteacha a fhorbairt i ngach ceantar Údaráis Áitiúil chun a chinntiú go bhfuil gnóthais agus pobail in ann an leas iomlán a bhaint as an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus é curtha i bhfeidhm.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Údaráis Áitiúla; Údarás na Gaeltachta
237	Clár Oiliúna Scileanna Digiteacha nua a chur chun feidhme faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach chun tacú le 25,000-30,000 saoránach nár bhain úsáid as an Idirlíon riamh, rud a chabhróidh le hoiliúint bhreise a chur ar fáil do phobail tuaithe roimh chur i bhfeidhm an leathanbhanda ar fud na tíre.	2017-2019	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
238	Deireadh a chur i ngach Údarás Áitiúil, mar bheart tosaíochta, le táillí ranníocaíochta forbartha le haghaidh bonneagar teileachumarsáide a shocrú.	Ráithe 1 den bhliain 2017	Údaráis Áitiúla

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
239	Suiteáil na nduchtanna ar 95 km de bhóithre ar chonair an M7/M8 a chur i gcrích chun cur ar chumas oibritheoirí úsáid a bhaint as bonneagar teileachumarsáide ceann ceann idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.	Ráithe 2 den bhliain 2017	Bonneagar Iompair Éireann; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
240	A fhiosrú cé acu is féidir glacadh na Líonraí Achar Cathrach (MANanna) a fheabhsú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe praghsála agus na socruithe eile a bhaineann le naisc.	Ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
241	Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na *Guidelines for Managing Openings in Public Roads* (Leabhar Corcra) agus, le linn forbairt a dhéanamh ar shocruithe reatha, Fóram Geallsealbhóirí cuí a bhunú chun soláthar a dhéanamh do phróiseas soiléir trédhearcach rannpháirtíochta le haghaidh idirphlé foirmiúil idir na geallsealbhóirí ábhartha i dtaca le hoscailtí bóthair.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
242	An leas is fearr a bhaint as sócmhainní Stáit chun cur i bhfeidhm an bhonneagair theileachumarsáide atá socraithe go straitéiseach a éascú, rud as a dtiocfaidh raon clúdaigh feabhsaithe do leathanbhanda agus d'fhóin phóca.	Ar bhonn leanúnach	Comhlachtaí Neamhthráchtála Stáit ábhartha
243	'Rialacháin Forbartha Díolmhaithe' athbhreithnithe a fhorbairt chun cur ar chumas an lucht tionscail luas a chur faoi chur i bhfeidhm na seirbhísí 4G trí dhíolúine ó chead pleanála a thabhairt d'aeróga 4G.	2017	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
244	Scéim ceadúnaithe a fhorbairt lena n-éascaítear úsáid athsheoltóirí fón póca chun feabhas a chur ar cháilíocht an raoin chlúdaigh mhóibíligh faoi dhíon, go háirithe i gceantair thuaithe.	2017	ComReg; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
245	Giniúint agus foilsiú ar líne a dhéanamh ar léarscáil chumaisc náisiúnta ar an raon clúdaigh d'fhóin phóca (cosúil leis an léarscáil arna táirgeadh ag an rialálaí sa Ríocht Aontaithe (Ofcom)), rud a chabhróidh le tomhaltóirí, go háirithe iad sin atá i gceantair thuaithe, an soláthraí líonra a roghnú a oireann is fearr dá riachtanais ar aon dul leis na háiteanna a chónaíonn siad agus a oibríonn siad.	2018	ComReg; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
246	Measúnú a dhéanamh ar mhéid na gceantar ísealghlactha fón póca atá ann sa tír, rud a théann i bhfeidhm ar cheantair thuaithe go háirithe, agus gníomhartha a shainaithint chun é sin a réiteach. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin breithniú ar an dóigh a leithdháiltear speictream sa bhanda 700 MHz.	Ráithe 2 den bhliain 2017	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
247	Fóram lena mbaineann gach geallsealbhóir a thionól gach bliain chun saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm an bhonneagair theileachumarsáide ar fud na tíre a phlé.	2017	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Iompar Tuaithe

Cuid thábhachtach de bhaint amach na hacmhainne dúchasaí sóisialta agus eacnamaíche atá ann i gceantair thuaithe is ea córas iompair atá ar ardchaighdeán agus idirnasctha a sholáthar i gceantar tuaithe na hÉireann. Tugtar sonraí sna gníomhartha atá leagtha amach thíos faoi bhearta a bhaineann le hiompar poiblí, leis an gClár Iompair Tuaithe, le haerthaisteal agus le réitigh iompair arb é is aidhm dóibh freastal ar riachtanais áirithe, amhail iad sin atá ag pobail oileáin. Beidh na gníomhartha sin ar an mbonn le nascacht fheabhsaithe iompair idir ceantair thuaithe, lárionaid áitiúla daonra, cathracha agus cinn scríbe idirnáisiúnta. Beidh dea-thionchar ar phobail tuaithe agus ar ghnóthais tuaithe ag feabhsú na nasc iompair chuig ceantair thuaithe agus amach astu, go háirithe trí agaí taistil agus costais ghnó a laghdú.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
248	Dul chun cinn a dhéanamh ar na mórthionscadail bhóithre atá leagtha amach sa ghné iompair 7 mbliana den Phlean Infheistíochta Caipitil, rud a chabhróidh le buntáistí eacnamaíocha agus gnó a sholáthar ar fud ceantair thuaithe agus réigiúin tuaithe.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Bonneagar Iompair Éireann
249	Seirbhísí iompair a fheabhsú do na hoileáin amach ón gcósta chun tacú le forbairt inbhuanaithe chuimsitheach na bpobal oileáin agus chun turasóireacht agus buntáistí eacnamaíocha eile a spreagadh, lena n-áirítear comhordú méadaithe le húdaráis áitiúla ábhartha agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Soláthraithe Seirbhíse; Údaráis Áitiúla; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
250	Infheistíocht leantach caipitil i bpiaraí oileáin agus i gcuanta oileáin.	2017-2019	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Údaráis Áitiúla
251	Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an mbeartas iompair phoiblí, lena n-áirítear an ghné iompair tuaithe, chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na bpobal tuaithe.	2017	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; an tÚdarás Náisiúnta Iompair
252	Dul i mbun oibre le pobail tuaithe chun feabhsuithe ar bhealaí iompair tuaithe atá ann cheana a mheasúnú agus a chur chun feidhme agus bealaí nua iompair tuaithe a fhorbairt de réir mar is gá.	Ar bhonn leanúnach	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
253	Clár a chur i bhfeidhm chun feasacht na bpobal tuaithe ar an gClár Iompair Tuaithe a mhéadú.	Ar bhonn leanúnach	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
254	A chinntiú go mbíonn fáil ann ar fheithiclí de chuid an Chláir Iompair Tuaithe, agus aird á tabhairt ar riachtanais gach paisinéara.	Ar bhonn leanúnach ón mbliain 2017	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
255	Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhísí iompair neamhéigeandála de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chónascadh le seirbhísí iompair tuaithe agus déanamh amhlaidh nuair is féidir.	Ar bhonn leanúnach	An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
256	Tacú le pobail tuaithe leanaí incháilithe a thabhairt chun a scoile áitiúla trí sheirbhísí iompair scoile atá sábháilte, éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais de a chur ar fáil.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Oideachais agus Scileanna
257	Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat um thiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú chun a chinntiú go mbíonn fáil ann ar sheirbhísí tacsaí/fruilchairr, lena n-áirítear i gceantair thuaithe.	2017	An tÚdarás Náisiúnta Iompair; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
258	Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hinfheistíocht mhéadaithe a dhéanamh i mbóithre réigiúnacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an bPlean Infheistíochta Caipitil 2016-2021	2017	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
259	Cistiú méadaithe a chur chun cinn le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil (do bhóithre agus lánaí príobháideacha) agus Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail (do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla) ar bhonn bliantúil, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Údaráis Áitiúla
260	Na scéimeanna tacaíochta caipitil agus oibríochta faoin gClár um Aerfoirt Réigiúnacha 2015-2019 a chur chun feidhme, de réir mar is cuí, sna haerfoirt réigiúnacha i nDún na nGall, i gCiarraí, i bPort Láirge agus in Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, trí úsáid a bhaint as an tacaíocht bhreise €10m a cuireadh ar fáil faoi Chlár an Rialtais.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
261	Stad a chur leis an laghdú ar an líon paisinéirí in Aerfort Chorcaí agus an laghdú sin a iompú droim ar ais agus nascacht san aer isteach i gCorcaigh agus amach as a mhéadú.	2017-2019	Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
262	Bealaí agus seirbhísí atá á gcur ar fáil cheana ag Aerfort na Sionainne a mhéadú, rud a rachaidh chun tairbhe don réigiún.	Ar bhonn leanúnach	Grúpa na Sionainne; Turasóireacht Éireann
263	Cód Cleachtais a chomhaontú agus a chur chun feidhme le soláthraithe bonneagair ábhartha chun a chinntiú go ndéantar naisc thráthúla éifeachtúla iompair agus bonneagar tábhachtach eile a chothabháil ar fud cheantar tuaithe na hÉireann, agus oidhreacht seandálaíochta na hÉireann á cosaint ag an am céanna.	2017-2020	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Bonneagar Iompair Éireann; Eirgrid; Líonraí BSL; Bord na Móna; Cónaidhm Coincréite na hÉireann; Coillte

Bearta faoisimh thuile

Ón mbliain 2011 i leith, tá an Clár um Riosca Tuile Abhantraí a Mheasúnú agus a Bhainistiú de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí mar chuid de bhonn straitéis an Rialtais arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar cheantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol mór tuile. Léirítear sna gníomhartha thíos an cur chuige trasghníomhaireachta atá ar bun faoi láthair chun aghaidh réamhghníomhach a thabhairt ar an riosca tuile agus ar an damáiste a dhéanann tuile. Is cur chuige é atá á threorú ag Oifig na nOibreacha Poiblí tríd an nGrúpa Comhordaithe Idir-rannach ar an mBeartas um Thuile agus tríd an nGrúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit ar Phriacal Tuile na Sionainne. Is é atá sna gníomhartha ná Pleananna Bainistíochta ar an Riosca Tuile chun aghaidh a thabhairt ar an riosca trí mhóroibreacha agus mórbhearta cosanta ar thuile, maolaithe agus chosaint an chósta arb é is aidhm dóibh cabhrú le húdaráis áitiúla agus le pobail bheith ullamh chun an drochthionchar tuile a sheachaint.

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
264	Cistiú caipitil a mhéadú do scéimeanna bainistíocht riosca tuile go €80m sa bhliain faoi 2019 agus go €100m sa bhliain faoi 2021, mar a rinneadh soláthar dó faoin bPlean Caipitil 2016-2021 chun borradh a chur faoi sholáthar na scéimeanna cosanta tuile sin ar fud na tíre lena gcosnófar réadmhaoine atá i mbaol tuile.	2017-2021	Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
265	Pleananna Bainistíochta ar an Riosca Tuile a fhormheas agus a chur chun feidhme, ar pleananna iad ina leagtar amach bearta bainistíochta riosca tuile a sainaithníodh le haghaidh ceantar ar fud na tíre atá i mbaol mór tuile, lena n-áirítear breis agus 100 beart molta le haghaidh pobail tuaithe atá de bhreis ar na 28 scéim faoisimh thuile do phobail tuaithe atá ar bun cheana.	2017-2027	Oifig na nOibreacha Poiblí; Údaráis Áitiúla
266	Scéim dheonach spriocdhírithe tosaíochta um athlonnú úinéirí talún a thabhairt isteach do na daoine sin a ndeachaigh an tuile i mí na Nollag 2015 agus i mí Eanáir 2016 i bhfeidhm orthu.	2017	Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Coimirce Sóisialaí; Údaráis Áitiúla
267	Grúpa Oibre a bhunú a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó Údaráis Áitiúla chun scrúdú a dhéanamh ar an gcéad dul síos ar an bhféidearthacht a bhaineann le scéim dheonach spriocdhírithe tosaíochta um athlonnú foirgneamh feirme do na foirgnimh feirme sin a ndeachaigh tuile i bhfeidhm orthu i ngeimhreadh na bliana 2015/2016 agus atá lonnaithe in áiteanna nach féidir oibreacha agus bearta malartacha deisiúcháin a dhéanamh iontu chun tuile a mhaolú.	2017	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Oifig na nOibreacha Poiblí; Údaráis Áitiúla
268	Céim 1 de Sheirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise agus Rabhaidh Tuile a chur chun feidhme, is é sin, Seirbhís Réamhaisnéise Tuile a bhunú in Met Éireann laistigh de 5 bliana.	2017-2021	Met Éireann; Oifig na nOibreacha Poiblí
269	Measúnú a dhéanamh ar an riosca tuile tuaithe agus scaipthe agus, nuair is féidir, straitéisí agus gníomhartha a fhorbairt chun an riosca measúnaithe a bhainistiú faoin dara timthriall de Threoir AE um Thuilte.	Ón mbliain 2017 ar aghaidh	Oifig na nOibreacha Poiblí
270	An rannpháirtíocht leis an tionscal árachais a neartú chun an fháil ar chlúdach árachais tuile a fheabhsú mar gheall ar infheistíocht leanúnach an Stáit i scéimeanna cosanta tuile.	2017	Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Airgeadais
271	Athbhreithniú a dhéanamh ar Mhionoibreacha Maolaithe Tuile agus ar Scéimeanna um Chosaint an Chósta chun tacú le hÚdaráis Áitiúla aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna tuile áitiúla ina gceantar.	2017-2021	Oifig na nOibreacha Poiblí; Údaráis Áitiúla
272	Triail a thabhairt isteach chun an t-uisceleibhéal ar Loch Aillionn a laghdú i ndálaí sonracha chun cabhrú leis an riosca féideartha tuile a mhaolú.	2017	Oifig na nOibreacha Poiblí; an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit ar Phriacal Tuile na Sionainne
273	Measúnú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le haon chlár gearrthéarmach agus meántéarmach um dhreideáil áitiúil agus le haon chlár trialach sa todhchaí chun roinnt caolais bhóthair a bhaint feadh na Sionainne.	2017	Oifig na nOibreacha Poiblí; an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit ar Phriacal Tuile na Sionainne
274	Measúnú a dhéanamh ar úsáid na lagphortach agus ar chórais chaidéalúcháin agus bhainistíochta stoic mhóna chun cabhrú le bainistíocht riosca tuile.	2017	Bord na Móna; Oifig na nOibreacha Poiblí

Uimh.	Gníomh	Amlíne	Comhlachtaí Freagracha
275	Réitigh fhéideartha a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le tuile as turlaigh.	2017-2019	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann; Oifig na nOibreacha Poiblí
276	Leanúint le cur chun feidhme an Chláir Foraoiseachta (2014-2020) trí chur bliantúil a mhéadú, trí cheapadh carbóin agus trí bhainistíocht níos éifeachtaí talún.	Ar bhonn leanúnach	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Faireacháin a Dhéanamh ar an Dul Chun Cinn

An Coiste Faireacháin

Is é Coiste Faireacháin a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chun feidhme an Phlean seo ar an gcéad dul síos. Cuimseoidh an Coiste ionadaithe do Ranna ábhartha Rialtais agus do leasanna geallsealbhóirí tuaithe tábhachtacha. Tacóidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta leis an gCoiste Faireacháin, a thiocfaidh le chéile ar bhonn rialta. Beidh teagmháil leanúnach ann freisin leis na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na geallsealbhóirí lena mbaineann idir na cruinnithe sin chun a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn ar an mbóthar ceart. Cuireadh Rannóg nua ar bun sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta chun cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a chomhordú ar fud an Rialtais agus chun cabhrú leis an gCoiste Faireacháin.

Ag aithint go bhfuil tréimhse feidhme trí bliana ag an bPlean, is ar bhonn atrátha a dhéanfar sainaithint sa phróiseas faireacháin ar na gníomhartha agus na garspriocanna is tosaíochtaí do na sé mhí le teacht. Is ag deireadh na tréimhse sé mhí a dhéanfaidh an Coiste Faireacháin iniúchadh ar an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhartha agus na garspriocanna sin agus ar ghníomhartha "leanúnacha". Tríd an bpróiseas sin, beifear in ann spriocanna soiléire faoi theorainn ama a shocrú agus tuairisc a thabhairt orthu feadh thréimhse feidhme an Phlean.

Maidir le hobair an Choiste Faireacháin de, cuirfear Tuairiscí ar an Dul Chun Cinn faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Ghnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe, a bhfuil an Taoiseach mar chathaoirleach air. Ina theannta sin, foilseofar na Tuairiscí sin dhá uair sa bhliain. Soláthrófar faisnéis faoi na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le forbairt tuaithe ar shuíomh Gréasáin nuashonraithe nua ag **www.ruralireland.ie**. Tabharfar samplaí ar an suíomh Gréasáin freisin den dea-chleachtas atá ag eascairt as soláthar an Phlean Gníomhaíochta.

Chomh maith leis sin, ceapfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Ambasadóir don Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Cabhróidh an tAmbasadóir leis an gCoiste Faireacháin tionchar an Phlean ar cheantar tuaithe na hÉireann a shainaithint agus tabharfaidh sé spreagadh do ghnóthais, do phobail, d'eagraíochtaí spóirt agus d'eagraíochtaí eile pobail/cultúir páirt a ghlacadh sa phlean.

Gné thábhachtach den Phlean Gníomhaíochta seo is ea go mbeidh sé ina dhoiciméad beo ar féidir tuilleadh gníomhartha a chur leis feadh a thréimhse feidhme. Beidh cruinnithe an Choiste Faireacháin ina n-ardán le haghaidh tuilleadh gníomhartha a shainaithint agus a chomhaontú agus le haghaidh plé leanúnach le geallsealbhóirí a éascú feadh thréimhse feidhme an Phlean.

Tionchar a thomhas

Cuid thábhachtach den phróiseas faireacháin a bheidh i dtomhas a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an Phlean ar phobail tuaithe. Is dúshlán é an tionchar sin a shainaithint mar gheall ar a fhairsinge atá an Plean agus an raon saincheisteanna a bpléann sé leo ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha de. Mar sin féin, déanfaidh an Rúnaíocht sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcomhairle leis an gCoiste Faireacháin, forbairt sa bhliain 2017 ar tháscairí cuí aschuir agus tionchair le haghaidh an Phlean Gníomhaíochta.

Bainfear leas as próiseas an Choiste Faireacháin freisin chun treochtaí nó údair imní atá ag teacht chun cinn maidir le ceantar tuaithe na hÉireann a shainaithint agus chun gníomhartha nua nó athbhreithnithe a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais nach mór dul i ngleic leo. Déanfar eolas do cheapadh beartais freisin le taighde arna dhéanamh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhairle le geallsealbhóirí agus saineolaithe ábhartha.

Aguisíní



Aguisín 1 – Cláir agus Straitéisí a dTagraítear dóibh sa Phlean seo

An Dioplóma sa Chultúr Dúchais

Tá an cúrsa seo, atá á reáchtáil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tá sé dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcultúr agus béaloideas dúchasach na hÉireann. Is é aidhm an chúrsa faisnéis a chomhroinnt le rannpháirtithe chun léargas a thabhairt dóibh ar an saibhreas cultúrtha sin.

An Scéim um Pobail Fuinnimh Níos Fearr

Tugtar spreagadh d'eagraíochtaí pobail agus áitiúla leis an Scéim um Pobail Fuinnimh Níos Fearr iarratas a dhéanamh ar chistiú chun uasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh ina bpobal, idir thithe, ghnóthais agus shaoráidí pobail. Is é aidhm na scéime pobail a spreagadh agus a ghríosú dul i gceannas ar a n-úsáid fuinnimh.

An Plean Infheistíochta Caipitil 2016-2021

Creat le haghaidh infheistíochta i mbonneagar in Éirinn sa tréimhse 2016 go 2021 atá sa Phlean Infheistíochta Caipitil de chuid an Rialtais. Is fiú €42 billiún an Plean. An chuid Státchiste €27 billiún den Phlean Caipitil, a bhfuil céim nua €500 milliún den chlár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí ag cur léi, tá sí dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais tosaíochta sna réimsí seo: iompar, oideachas, tithíocht agus cúram sláinte. Déanfar infheistíochtaí freisin chun rioscaí tuile a mhaolú.

Dearadh an Plean chun freastal ar na riachtanais atá ag geilleagar atá ag fás, chun feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí do phobail agus chun an leas is mó a bhaint as buntáistí na tacaíochta trí infheistíocht Státchiste a chur ar fáil ar fud na tíre. Déanfar Athbhreithniú Meántéarma ar an bPlean. Breithneofar san athbhreithniú sin an dul chun cinn a rinneadh go dtí sin agus tabharfar deis don Rialtas tionscadail tosaíochta a athdhearbhú. Tabharfar deis don Rialtas leis an Athbhreithniú sin freisin breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le leibhéil mhéadaithe infheistíochta, má cheadaíonn cora fioscacha agus eacnamaíocha iad.

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile

Is é is Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile ann ná an creat beartais uileghabhálach náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga (0-24 bliain d'aois). Rinne an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an creat beartais a fhorbairt agus a threorú thar ceann an Rialtais. Tá tionchar díreach nó indíreach ar shaol leanaí agus daoine óga ag geall le gach réimse beartais. Is é cuspóir an chreata seo an beartas ar fud an Rialtais a chomhordú chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Riosca Tuile Abhantraí a Mheasúnú agus a Bhainistiú (CFRAM)

Tá an Clár um Riosca Tuile Abhantraí a Mheasúnú agus a Bhainistiú ina chuid dhílis den straitéis le haghaidh riosca tuile in Éirinn a laghdú agus a bhainistiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Leis an gClár, soláthraítear príomhchodanna den Bheartas Náisiúnta Tuile, a glacadh in 2004, agus ceanglais Threoir AE um Thuilte. Tá an Clár um Riosca Tuile Abhantraí a Mheasúnú agus a Bhainistiú in Éirinn á dhéanamh i gcomhthráth le cláir den chineál céanna ar fud an Aontais Eorpaigh. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht le haghaidh bainistíocht riosca tuile in Éirinn agus tá sí ar an údarás inniúil náisiúnta le haghaidh Threoir AE um Thuilte. Oibríonn Oifig na nOibreacha Poiblí i ndlúthpháirtíocht le gach Údarás Áitiúil maidir le cuspóirí an Chláir um Riosca Tuile Abhantraí a Mheasúnú agus a Bhainistiú a bhaint amach.

An Ciste Saoráidí Pobail

Beidh an Ciste Saoráidí Pobail á reáchtáil agus á chur chun feidhme tríd an Roinn Tithíochta, Pleanála, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus beidh sé dírithe go príomha ar cheantair uirbeacha agus thuaithe faoi mhíbhuntáiste, ach gan a bheith teoranta dóibh.

An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail

Leis an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail, a reáchtálfaidh an Chomhairle Oidhreachta í, cuirfear cistiú ar fáil le haghaidh tionscadail áitiúla oidhreachta ar fud na

tíre. Is féidir go dtabharfar tacaíocht do raon leathan tionscadal, lena n-áirítear na tionscadail sin a bhaineann le feasacht ar an oidhreacht, le pleananna caomhnaithe le haghaidh séadchomharthaí, foirgneamh nó reiligí, le taighde oidhreachta, le tionscadail chaomhantais agus le foilseacháin phobail, i measc nithe eile.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Comhfhiontair idir Comhairlí Contae agus pobail áitiúla iad Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail. Tá sé mar chuspóir acu oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a dhéanamh ar bhóithre oiriúnacha Réigiúnacha agus Áitiúla. Éascaíonn sé sin rannpháirtíocht an phobail i mbóithre tráchta éadroim a choinneáil ar ardchaighdeán. D'fhéadfadh ranníocaíocht airgid nó sochar comhchineáil a bheith i gceist leis an rannpháirtíocht sin (mar shampla, trí innealra bóthair, tochaltóirí, ábhar tógála bóithre agus saothar, i measc nithe eile, a chur ar fáil).

An Clár 'Éire Ildánach'

Is ionann an clár 'Éire Ildánach' agus Tionscadal a d'eascair as clár. Is tionscnamh cúig bliana é a bheidh ar siúl ó 2017 go 2022 agus lena ndíreofar ar na healaíona, ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheacht mar chuid lárnach den bheartas poiblí.

Íocaíochtaí díreacha faoi Chomhbheartas Talmhaíochta AE 2014-2020

Riarann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara íocaíochtaí is fiú €1.2 billiún sa bhliain i mbuníocaíochtaí agus i nglasíocaíochtaí de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta faoi Cholún I den Chomhbheartas Talmhaíochta. Leis na híocaíochtaí, soláthraítear roinnt cobhsaíochta agus cinnteachta ioncaim d'fheirmeoirí agus don mhórphobal tuaithe.

Cúnamh Feirme

Is é is Cúnamh Feirme ann scéim speisialta liúntas tacaíochta ioncaim atá tástáilte ó thaobh acmhainne de. Tá sé ar fáil do theaghlaigh feirme i gcásanna ina dtiteann a n-ioncam faoi thairseach áirithe. Má cháilíonn feirmeoir le haghaidh Cúnamh Feirme, is féidir go mbeidh sé incháilithe le haghaidh na Scéime Sóisialta Tuaithe freisin.

Cúnamh Éisc

Is é is Cúnamh Éisc ann ná liúntas tacaíochta ioncaim atá ar fáil d'iascairí féinfhostaithe a cháilíonn le haghaidh liúntas cuardaitheora poist, i.e. iad sin atá ag lorg oibre agus a shásaíonn tástáil acmhainne.

Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh

I mí Lúnasa 2016, bunaíodh seacht gcinn nua de Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh mar chuid den Chlár Oibríochtúil €241m de chuid na hÉireann faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Díreoidh na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh ar fhorbairt arna treorú ag an bpobal chun feabhas a chur ar dheiseanna eacnamaíocha agus ar inbhuanaitheacht shóisialta na gceantar a bhíonn ag brath ar Iascach agus ar an Dobharshaothrú. Gheobhaidh gach Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh tacaíocht theicniúil chun Straitéis Forbartha Áitiúla a ullmhú i gcomhairle le pobail áitiúla. Tabharfar breac-chuntas sa straitéis sin ar thosaíochtaí an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh le haghaidh forbartha agus tacaíochta ina gceantar.

Food Wise 2025

Tugtar breac-chuntas in *Food Wise 2025* (FW2025) ar phlean straitéiseach comhtháiteach le haghaidh fhorbairt na hearnála agraibhia sna deich mbliana romhainn. Tá baint mhór ag an earnáil seo le gach réigiún agus ceantar sa tír agus meastar in FW2025 go bhféadfadh Éire luach na n-onnmhairí agraibhia a mhéadú faoi 85% go €19 billiún sna deich mbliana romhainn agus gur cheart go soláthródh sí 23,000 post sa bhreis, idir phoist dhíreacha agus phoist indíreacha, faoi 2025.

An Clár Foraoiseachta 2014-2020

Tá ról tábhachtach ag foraoisí ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil agus cúrsaí sóisialta de. Cuirfidh clár

foraoisithe na Roinne Talmhaíochta agus Bia le hinmharthanacht tuaithe agus beidh ról mór aige in astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú. Is é aidhm an Chláir Foraoiseachta ná aghaidh a thabhairt ar cheithre riachtanas shonracha; is iad sin: leibhéal an chumhdaigh foraoise a mhéadú, soláthar na bithmhaise foraoisbhunaithe a mhéadú, tacú le sealbhóirí príobháideacha foraoise ina bhforaoisí a bhainistiú go gníomhach agus méadú a dhéanamh ar na buntáistí comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le foraoisí nua agus reatha.

An Creatbheartas um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail

Beidh sé mar aidhm ag an gCreatbheartas um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail cur chuige comhcheangailte, comhoibríoch agus rannpháirtíoch a chinntiú ar leibhéal áitiúil maidir le forbairt áitiúil agus pobail. Cuirfear chun feidhme é ar bhonn trasrialtais. Is é an rialtas láir agus an rialtas áitiúil a dhéanfaidh forbairt agus cur chun feidhme ar bheartais, ar chláir agus ar idirghabhálacha eile agus déanfar amhlaidh ar aon dul le príomhchuspóirí an Chreatbheartais.

Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin

Is é atá i bhFeidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin ná Plean Comhtháite Muirí ina dtugtar mionsonraí faoi fhreagairt na hÉireann don mhargadh muirí domhanda, ar margadh é a chlúdaíonn bia mara, turasóireacht, ola agus gás, fuinneamh in-athnuaite muirí agus feidhmeanna nua le haghaidh sláinte, leighis agus teicneolaíochta. Is sa phlean sin a leagtar treochlár amach le haghaidh na físe, na spriocanna ardleibhéil agus na ngníomhartha comhtháite de chuid an Rialtais ó thaobh beartais, rialachais agus gnó de chun baint amach ár n-acmhainne muirí a chumasú.

Iascach Intíre Éireann – Clár Urraíochta 2017

Cuireann Iascach Intíre Éireann tacaíocht ar fáil do ghrúpaí, do chumainn, do chlubanna agus do chomhlachtaí cuí eile chun cabhrú le himeachtaí atá ag teacht le haidhmeanna Chlár Urraíochta Iascach Intíre Éireann e.g. mórchomórtais idirnáisiúnta, foirne ionadaíocha slatiascaireachta ag imeachtaí idirnáisiúnta, tionscnaimh chun feasacht ar iascach a chur chun cinn agus imeachtaí agus oiliúint do shlatiascairí úra.

Straitéisí Forbartha Áitiúla Chlár LEADER

Is clár atá á chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach é clár LEADER. Soláthraíonn sé cistiú le haghaidh forbairt tuaithe faoi thrí eochairthéama, mar a leanas:

- Forbairt Gheilleagrach, Forbairt Fiontar agus Cruthú Post;
- Cuimsiú Sóisialta; agus
- An Timpeallacht Tuaithe.

Tá cistiú is fiú €250 milliún ar a mhéad (cómhaoiniú AE ar áireamh) á chur ar fáil don chlár go dtí an bhliain 2020 mar chuid den Chlár Forbartha Tuaithe.

Soláthrófar clár LEADER trí Straitéisí Forbartha Áitiúla i 28 gceantar fhoréigiúnacha sa tír. Leis na foréigiúin sin, clúdaítear gach ceantar d'Éirinn lasmuigh de theorainneacha na gcathracha seo: Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Rinne Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Chlár LEADER i ngach ceantar faoi seach forbairt ar na Straitéisí Forbartha Áitiúla. Clúdaítear an tréimhse go dtí an bhliain 2020 leis na straitéisí. Cuimsíonn na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha ón gceantar áitiúil agus áirítear leo ionadaithe ón ngeilleagar áitiúil agus ón bpobal áitiúil. Dá bhrí sin, is iad muintir na háite a dhéanann na Straitéisí a fhorbairt agus a bhrú chun cinn i leith a gceantair áitiúil féin. Chomh maith leis sin, tugtar aird sna gníomhartha a aithnítear sna Straitéisí Forbartha Áitiúla ar na Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail a ullmhaíodh le haghaidh gach réigiúin.

Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail

Mar chuid d'athchóiriú an rialtais áitiúil, cuireadh Coistí Forbartha Pobail Áitiúil ar bun i ngach ceantar údaráis áitiúil chun críche cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le forbairt áitiúil agus pobail sna ceantair sin. Is é an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail an phríomh-mheicníocht trína ndéanfaidh na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil a ról a chomhlíonadh. Tá dhá ghné i gceist leis an bPlean, is iad sin: gnéithe eacnamaíocha ar fhorbair na Coistí Pleanála Straitéisí le haghaidh Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar iad; agus gnéithe pobail ar fhorbair na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil iad. Is é aidhm na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil ná folláine agus cáilíocht bheatha daoine agus pobal a chur chun cinn, agus iad ag tabhairt geallsealbhóirí tábhachtacha le chéile chun oibriú i gcomhpháirt agus ag éascú pleanáil agus soláthar comhtháite seirbhíse ag an am céanna.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil

Le Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil, soláthraítear cistiú le haghaidh bóithre agus lánaí príobháideacha nár thóg comhairlí i gcúram iad, i.e. bóithre agus lánaí a bhfuil freagracht ar an úinéir talún lena mbaineann as iad a

chothabháil agus a fheabhsú. Tarmligtear riar na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil chuig na Comhairlí Contae agus is faoi na comhairlí atá sé na tionscadail bhóithre a gheobhaidh cistiú faoin scéim a roghnú agus a chur in ord tosaíochta, faoi réir théarmaí agus coinníollacha na ndeontas arna gcur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bothanna na bhFear

Is é is Both na bhFear ann ná eagraíocht phobalbhunaithe neamhthráchtála ar bith atá ar oscailt d'fhir agus inarb é an phríomhghníomhaíocht timpeallacht shábháilte, chairdiúil agus chuimsitheach a chur ar fáil ina bhfuil na fir in ann teacht le chéile agus/nó oibriú ar thionscadail fhiúntacha ar luas a oireann dóibh, ag am a oireann dóibh agus i gcomhluadar fir eile agus inarb é an príomhchuspóir dul chun cinn a dhéanamh ar shláinte agus folláine na bhfear atá ag glacadh páirt ann.

An tIdirphlé Náisiúnta ar Athrú Aeráide

Tugtar gealltanas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go mbunófaí Idirphlé Náisiúnta ar Athrú Aeráide. Scrúdófar san Idirphlé Náisiúnta ar Athrú Aeráide saincheisteanna tábhachtacha maidir le bonneagar, le húsáid talún agus le cúrsaí geilleagracha nach mór aghaidh a thabhairt orthu san aistriú fadtéarmach chuig sochaí ísealcharbóin sa todhchaí agus léireofar tuairimí gach geallsealbhóra ann, lena n-áirítear gnóthais, pobail agus saoránaigh.

An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna

Is é aidhm na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna, a foilsíodh sa bhliain 2016, ná creat fadtéarmach a chur ar fáil faoinar féidir gach ceann de na tailte móna sa Stát a bhainistiú go freagrúil d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a chuireann siad le folláine na glúine seo agus na nglúnta le teacht ón taobh sóisialta agus eacnamaíoch de agus ó thaobh na timpeallachta de.

An Creat Pleanála Náisiúnta

Déanfar creat dar teideal 'Éire 2040 - Creat Pleanála Náisiúnta' a chur i gcrích in 2017. Straitéis a bheidh ann d'fhorbairt áitbhunaithe na hÉireann ina hiomláine thar na tréimhse go 2040 agus tiocfaidh sé i gcomharba ar an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002. Beidh sé ina chreat fadtéarmach d'fhorbairt agus infhestíocht sa todhchaí, lena n-áirítear sna réigiúin agus faoin tuath in Éirinn.

An Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta 2015-2020

Is é atá sa Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta 2015-2020 ná an chéad chreat náisiúnta cuimsitheach riamh le haghaidh acmhainn slatiascaireachta na hÉireann a fhorbairt. Is é aidhm na straitéise a chinntiú go ndéantar ár stoic éisc agus ár mbonneagar slatiascaireachta a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe lena luach geilleagrach agus leis an mbuntáiste áineasa atá ag baint leo do na pobail agus na cuairteoirí a bhfreastalaíonn siad orthu.

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

Is iad na cuspóirí atá leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl beartas AE agus beartas náisiúnta a chur chun feidhme chun úsáid dhiomailteach acmhainní ábhartha, uisce agus fuinnimh a laghdú; iomaíochas a mhéadú agus costais ghnó a laghdú; tacú le fás agus le fostaíocht inbhuanaithe sa gheilleagar glas; substaintí guaiseacha a bhainistiú; agus bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht fhianaisebhunaithe, agus tionchar a imirt uirthi, trí shonraí ar ardchaighdeán a bhailiú agus a fhoilsiú faoi dhramhaíl.

An creat le haghaidh rannpháirtíocht an phobail i rialtas áitiúil - an Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Forbraíodh Líonra Rannpháirtíochta Pobail i ngach ceantar údaráis áitiúil (atá i mbun oibre i gceantair bhardasacha ar leibhéal Contae/Cathrach) chun cur ar chumas an phobail ról foirmiúil gníomhach a ghlacadh i gceapadh beartais ábhartha agus i gcoistí maoirseachta de chuid an Údaráis Áitiúil.

Clár RAPID

Is ionann Clár RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) agus tionscnamh de chuid an Rialtais ina ndírítear ar 51 cheann de na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír. Is é an aidhm atá leis an gClár a chinntiú go dtugtar aird, mar ábhar tosaíochta, ar an 51 cheantar ainmnithe trí na hacmhainní atá ar fáil a dhíriú orthu.

Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine

Is é an aidhm atá leis an bPlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine a seoladh i mí Iúil 2016 ná soláthar tithíochta a bhrostú ón tearcsholáthar reatha ar fud gach cineáil tionachta chun cabhrú le daoine aonair agus le teaghlaigh freastal ar a riachtanais

tithíochta. Cé go ndírítear go príomha sa Phlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine ar fhreastal ar riachtanais tithíochta agus ar easnaimh sholáthair i gceantair uirbeacha, féachtar ann freisin lena chinntiú gurb ann do sholáthar leordhóthanach tithe lena gceannach, lena ligean ar cíos agus le haghaidh tithíocht shóisialta ar fud bhailte agus shráidbhailte na hÉireann. Leis an bPlean Gníomhaíochta sin, tabharfar aghaidh ghníomhach ar na saincheisteanna sin trí raon bearta faoi cheangal ama a dhéanamh.

Na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist

Ag teacht sna sála ar phróiseas an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta do Phoist, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2012, tá sraith Pleananna Gníomhaíochta á gcur chun feidhme ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar leibhéal réigiúnach (an Meánoirthear, an tOirthuaisceart/an tlarthuaisceart, an tlarthar, an Meániarthar, an tOirdheisceart, an tlardheisceart, Lár na Tíre agus Baile Átha Cliath). Leagtar amach sna Pleananna sin gníomhartha ar leith a bhaineann le fiontraíocht agus le cruthú fostaíochta, ar gníomhartha iad a dhéanfar chun cur leis na láidreachtaí uathúla atá ag gach réigiún agus leis na deiseanna uathúla atá ar fáil i ngach réigiún.

An Clár um Aerfoirt Réigiúnacha 2015-2019

Soláthraítear sa Chlár um Aerfoirt Réigiúnacha 2015-2019 go dtabharfaidh an Státchiste tacaíocht ar fáil chun tionscadail/gníomhaíochtaí a bhaineann le sábháilteacht agus le slándáil ag na ceithre aerfort réigiúnacha i bPort Láirge, i gCiarraí, i nDún na nGall agus i gCnoc Mhuire a chumhdach faoi cheithre Scéim ar leith, is iad sin: an Scéim Deontas Caiteachais Chaipitiúil (CAPEX), an Chroí-Scéim Fóirdheontas Caiteachais Oibríochtúil le haghaidh Bainistíocht Aerfoirt (OPEX), an Scéim Deontas Caiteachais Chaipitiúil faoi Shainchúram Beartais Phoiblí (PPR-C) agus an Chroí-Scéim Fóirdheontas Caiteachais Oibríochtúil faoi Shainchúram Beartais Phoiblí (PPR-O). Bunaítear sa Chlár creat críochnaitheach le haghaidh aerfoirt réigiúnacha na hÉireann a fhorbairt amach anseo.

An Scéim um Rochtain Chomhoibríoch Réigiúnach ar an Margadh

Leis an Scéim um Rochtain Comhoibríoch Réigiúnach ar an Margadh, cuirtear rochtain aeir agus farraige chun cinn ar na réigiúin atá suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Fadófar tréimhse an chiste go dtí an bhliain 2018. Riarfaidh Turasóireacht Éireann an ciste agus gheofar cistiú meaitseála ó aerfoirt, ó chalafoirt agus ó gheallsealbhóirí réigiúnacha turasóireachta, na hÚdaráis Áitiúla ina measc.

Na Fóraim Réigiúnacha Scileanna

Trí Líonra na bhFóram Réigiúnach Scileanna, a cruthaíodh mar chuid den Straitéis Náisiúnta Scileanna, tugtar deis d'fhostóirí agus don chóras oideachais agus oiliúna obair le chéile chun freastal ar na riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn ina réigiúin féin. Soláthraíonn na Fóraim pointe teagmhála aonair i ngach réigiún chun cabhrú le fostóirí nascadh leis an raon seirbhísí agus tacaí atá ar fáil ar fud an chórais oideachais agus oiliúna.

Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnacha

Tá Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnacha á n-ullmhú ag na tionóil réigiúnacha faoi láthair ar mhaithe le creat fadtéarmach pleanála agus eacnamaíochta a sholáthar chun an Creat Pleanála Náisiúnta agus na beartais nó na cuspóirí geilleagracha de chuid an Rialtais a chur chun feidhme.

An Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite

Tá an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag obair faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus teicniúla de leas a bhaint as raon teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite mar chuid de scéim nua tacaíochta leictreachais in-athnuaite. Beidh aon scéim nua den sórt sin – lena n-áirítear na costais fhoriomlána agus na teicneolaíochtaí a dtacófar leo – faoi réir cead a fháil ón Rialtas agus cead maidir le Státchabhair a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Táthar ag súil go dtiocfaidh an scéim nua isteach ag deireadh na bliana 2017.

An Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020

Tá an Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 de chuid na hÉireann á chomhchistiú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag an státchiste náisiúnta. Is ionann an tacaíocht a thabharfaidh an tAontas Eorpach don Chlár Forbartha Tuaithe agus €2.19 billiún thar an gclárthréimhse 7 mbliana. Gheobhaidh an clár cistiú státchiste freisin, rud a fhágfaidh go mbeidh an tacaíocht iomlán ar fáil faoin gClár Forbartha Tuaithe cothrom le thart ar €4 billiún. Tá sraith fhairsing beart ann sa Chlár Forbartha Tuaithe de chuid na hÉireann. Is é aidhm na mbeart sin iomaíochas na hearnála agraibhia a fheabhsú, bainistíocht níos inbhuanaithe na n-acmhainní oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha a bhaint amach agus a chinntiú go bhforbraítear ceantair thuaithe ar bhealach níos cothromaithe. Cuirtear cistiú faoin gClár

Forbartha Tuaithe ar fáil do gach earnáil feirmeoireachta agus tacaítear le Forbairt Áitiúil arna Treorú ag an bPobal trí bhíthin chlár LEADER.

Criosanna Forbartha Eacnamaíche Tuaithe

Is é an sainmhíniú atá ar Chriosanna Forbartha Eacnamaíche Tuaithe ná criosanna fochontae a ndéanann an chuid is mó de dhaoine cónaí agus obair iontu. Is ceantair gheografacha feidhme agus ní ceantair gheografacha riaracháin iad Criosanna Forbartha Eacnamaíche Tuaithe. Léiríonn siad na patrúin spásúlachta a bhaineann le gníomhaíochtaí geilleagracha áitiúla agus le próisis áitiúla forbartha. Seoladh an scéim thrialach i mí an Mheithimh 2015 agus leithdháileadh €3.7m san iomlán ar 52 thionscadal.

Tionscnamh na mBanfhiontraithe Tuaithe (clár ACORNS)

Is é aidhm thionscnamh ACORNS cabhrú le banfhiontraithe atá ina gcónaí i gceantar tuaithe na hÉireann a lánchumas a bhaint amach. Is é an cuspóir ná an t-eolas, an mhuinín agus na líonraí is cuí a thabhairt do na fiontraithe luathchéime sin le go mbeidh siad in ann gnóthais inbhuanaithe a thionscnamh agus a fhorbairt go rathúil.

An Scéim Shóisialta Tuaithe

Is é aidhm na Scéime Sóisialta Tuaithe liúntas tacaíochta ioncaim a thabhairt d'fheirmeoirí ísealioncaim agus seirbhísí áirithe a thabhairt do phobail tuaithe. Tá an Scéim á bainistiú ag 36 Chomhlacht Forfheidhmithe (35 Chuideachta Forbartha Áitiúla Comhtháite agus Údarás na Gaeltachta sa Ghaeltacht).

An Clár Iompair Tuaithe

Seoladh an Clár Iompair Tuaithe sa bhliain 2007. Tháinig sé sna sála ar an Tionscnamh Iompair Tuaithe (2002 go 2006) a triaileadh roimhe. Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cistiú ar fáil dó chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta i gceantair thuaithe a eascraíonn as riachtanais neamhchomhlíonta iompair phoiblí. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a bhainistíonn an Clár Iompair Tuaithe. Déanann sé conradh leis na seirbhísí bus a chuirtear ar fáil faoin gclár. Bíonn na seirbhísí do phaisinéirí á mbainistiú thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair ag seacht nAonad Comhordaithe Iompair déag atá lonnaithe ar fud na tíre agus a oibríonn faoi bhranda Locallink.

An Clár Forbartha Bia Mara 2014-2020

Is é an Clár Forbartha Bia Mara an meán príomha le haghaidh táirgeadh bia mara inbhuanaithe a bhrú chun cinn in Éirinn. Leis an gclár seo, clúdaítear an cabhlach iascaigh, an earnáil dobharshaothraithe, an earnáil próiseála bia mara, Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh, Fás Gorm, Pleanáil Spásúlachta Mara, Rialú agus Forfheidhmiú, Bailiú Sonraí agus Bithéagsúlacht Mhuirí.

An Scéim Foláirimh do Sheanóirí

Is é aidhm na Scéime Foláirimh do Sheanóirí ná tacaíocht an phobail do dhaoine scothaosta leochaileacha inár bpobal a spreagadh trí aláraim phearsanta a ndéantar faireachán orthu a chur ar fáil chun cur ar chumas daoine scothaosta atá ar bheagán acmhainne leanúint ar aghaidh ag cónaí go sábháilte ina dteach féin le muinín, le neamhspleáchas agus le suaimhneas intinne.

An Clár Náisiúnta Scoileanna *'Something Fishy'*

Is é atá in *Something Fishy* ná Clár Oideachasúil atá dírithe ar dhaltaí bunscoile idir 10 mbliana d'aois agus 13 bliana d'aois. Tugtar eolas do dhaltaí sa chlár faoi ábhair amhail éisc, uisce, slatiascaireacht agus an comhshaol ina gceantar áitiúil trí úsáid a bhaint as pleananna ceachta agus bileoga gníomhaíochta atá bunaithe ar an téama seo: 'Saolré an Bhradáin'.

An Plean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018 23 ghníomh atá le déanamh sa tréimhse idir seo agus 2018, ar gníomhartha iad atá dírithe ar fhás leantach a bhaint amach in ioncam ó thurasóirí eachtracha agus i bhfostaíocht. Tugtar aghaidh ar raon saincheisteanna tábhachtacha leis na gníomhartha, lena n-áirítear Éire a mhargú thar lear mar cheann scríbe do chuairteoirí; rochtain cuairteoirí ar Éirinn agus laistigh di; cultúr, spórt agus imeachtaí Éireannacha a chur i láthair go héifeachtach; agus ról na nÚdarás Áitiúil i dtacú le turasóireacht, leis an acmhainn chóiríochta do thurasóirí agus le forbairt scileanna san earnáil turasóireachta.

An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Is é aidhm na scéime seo tacú le hathbheochan bailte agus sráidbhailte chun feabhas a chur ar thimpeallacht chónaithe agus oibre a bpobail agus cur leis an acmhainn atá acu tacú le gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe sa todhchaí. Is faoi na hÚdaráis Áitiúla i gcomhpháirt le gnóthais agus pobail sa cheantar áitiúil atá sé go príomha an cineál tionscadail atá le cistiú faoin tionscnamh seo a aithint, , bunaithe ar chritéir ullmhaithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuatihe agus Gaeltachta.

Aguisín 2 – Gluais Téarmaí

BIM	Bord Iascaigh Mhara
CIF	Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
daa	Cuideachta ar ar tugadh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath roimhe seo
DAFM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
DAHRRGA	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
DCCAE	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
DCYA	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
DHPCLG	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DJE	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
DJEI	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
DoF	An Roinn Airgeadais
DoH	An Roinn Sláinte
DPER	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
DSP	An Roinn Coimirce Sóisialaí
DTTAS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
EI	Fiontraíocht Éireann
ESB	Bord Soláthair an Leictreachais
ETBanna	Boird Oideachais agus Oiliúna
GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
HEInna	Institiúidí Ardoideachais
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IDA	An tÚdarás Forbartha Tionscail
ILCU	Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa
ISIF	Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann
LAnna	Údaráis Áitiúla

LAGanna	Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Chlár LEADER
LDCanna	Comhlachtaí Forbartha Áitiúla
LCDCanna	Coistí Forbartha Pobail Áitiúil
LEOnna	Oifigí Fiontair Áitiúil
NTA	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
NUIG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
OSI	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PPNanna	Líonraí Rannpháirtíochta Pobail
RAPID	Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt
RGDATA	Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí Grósaeireachta agus Déiríochta agus a gComhthrádálaithe
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SFI	Fondúireacht Eolaíochta Éireann
SICAP	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
TII	Bonneagar Iompair Éireann
WDC	Coimisiún Forb artha an Iarthair